C/2026/4094

31.7.2026

FÓGRA ÓN gCOIMISIÚN

Treoirdhoiciméad maidir leis an gcóras ginearálta cosanta do speicis éan — Airteagail 5 agus 9 den Treoir maidir le hÉin

(C/2026/4094)

Clár

Leathanach

1. RÉAMHRÁ 2
2. RAON FEIDHME AGUS CUSPÓIRÍ NA TREORACH MAIDIR LE hÉIN 5
   - 2.1. Raon Feidhme 5
   - 2.2. Cuspóirí 6
3. AIRTEAGAL 5 DEN TREOIR MAIDIR LE hÉIN 8
   - 3.1. Téacs Airteagal 5 8
   - 3.2. Breithnithe ginearálta 8
   - 3.3. An coincheap ‘gníomh a dhéanamh d’aon ghnó’ faoi Airteagal 5 den Treoir maidir le hÉin 10
   - 3.4. Bearta coisctheacha a dhéanamh chun díobháil d’aon ghnó a sheachaint 11
   - 3.5. Toirmisc shonracha faoi Airteagal 5 12
   - 3.6. Airteagal 5 a chur chun feidhme 15
     - 3.6.1. An gá le creat reachtach iomlán éifeachtach 15
     - 3.6.2. Ceanglais Airteagal 5 a chomhtháthú i nósanna imeachta ceadaithe 16
     - 3.6.3. Samplaí de ghníomhaíochtaí ar féidir leo teacht faoi raon feidhme Airteagal 5 agus de bhearta coisctheacha a d’fhéadfaí a úsáid 17
4. AIRTEAGAL 9 DEN TREOIR MAIDIR LE hÉIN 32
   - 4.1. Téacs Airteagal 9 32
   - 4.2. Breithnithe ginearálta 33
   - 4.3. Coinníollacha maidir le maoluithe a chur i bhfeidhm faoi Airteagal 9 35
   - 4.4. Ról Airteagal 9 maidir lena áirithiú go mbainfear amach cuspóirí na Treorach maidir le hÉin 45
   - 4.5. Airteagal 9(3) agus (4) 46

Iarscríbhinn I: Maoluithe a chur i bhfeidhm faoi Airteagal 9 den Treoir maidir le hÉin i ndáil leis an nGé Ghiúrainn 47

Iarscríbhinn II: Maoluithe a chur i bhfeidhm faoi Airteagal 9 den Treoir maidir le hÉin i ndáil leis an mBroigheall .. 55

1. **RÉAMHRÁ**


Is príomhcholún de bheartas comhshaoil an Aontais í Treoir 2009/147/CE maidir le caomhnú éan fiáin (an Treoir maidir le hÉin) ([1]). Dearbhaíonn an Treoir tiomantas an Aontais do chaomhnú na bithéagsúlachta domhanda, rud a leanann de chosaint speiceas éan ar fud na hEorpa a áirithiú.

Glacadh an Treoir maidir le hÉin in 1979 agus ba í an fhreagairt bheartais ar raic mhór a tarraingíodh i measc an phobail faoin meath ollmhór a bhí tagtha ar an mbeathra éan. Ós rud é go mbíonn éin ag dul ar imirce agus nach n-aithníonn siad teorainneacha náisiúnta, ba léir go mbeadh iarrachtaí caomhnúcháin níos éifeachtaí dá gcomhordófaí ar leibhéal an Aontais iad. Thairis sin, is táscaire ionadach mór iad na héin maidir le staid na bithéagsúlachta agus sláinte an chomhshaoil. Dá bhrí sin, leis an Treoir maidir le hÉin, cuimsíodh gné nua i gcaomhnú an fhiadhúlra atá bunaithe ar ghnáthóga agus ar speicis a chosaint agus a bhainistiú toisc go raibh sé ag éirí níos soiléire, chun speiceas a chosaint, nár mhór a ghnáthóg a chaomhnú freisin.

Cé go bhfuil dúshláin fós le sárú chun pobail shláintiúla éan a áirithiú go fadtéarmach, is í an Treoir maidir le hÉin an caighdeán maidir leis an gcaomhnú éan ar fud 27 mBallstát an Aontais i gcónaí.

Físir 1

Amlíne phríomhthionscnaimh an Aontais agus na bpríomhthionscnamh idirnáisiúnta ar son an dúlra agus na bithéagsúlachta



SÉANADH

Is é is aidhm don treoraíocht léirmhínitheach seo forálacha Airteagal 5 agus Airteagal 9 den Treoir maidir le hÉin a shoiléiriú, agus an cásdlí is infheidhme de chuid Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a thiomsú freisin. Níl an treoraíocht ceangailteach ó thaobh dlí de ná ní chruthaítear oibleagáidí dlíthiúla nua léi. Ina ionad sin, cuirtear roinnt soiléirithe i láthair inti chun tacú leis na Ballstáit na bearta náisiúnta cur chun feidhme a fhorbairt is iomchuí dá gcomhthéacs sonrach.

Tá an méid sin gan dochar do chásdlí breise ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, do thoradh na tástála struis atá ar siúl faoi láthair ar na Treoracha maidir le hÉin agus Gnáthóga ná don phacáiste tograí atá curtha síos ag an gCoimisiún Eorpach chun ualaí riaracháin a shimpliú ([2]). Mar chuid den phacáiste sin, mhol an Coimisiún go sonrach forálacha áirithe lena n-áiritheofaí nach ndéanfaí na ceanglais maidir le cosaint speiceas in Airteagal 5 den

([1]) Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le caomhnú éan fiáin (Leagan códaithe) (IO L 20, 26.1.2010, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/147/2019-06-26).

([2]) Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal 'Simpliú ar mhaithe le hiomaíochas inbhuanaithe' COM(2025) 980 final.

Treoir maidir le hÉin a léirmhíniú ar bhealach a bheadh róshriantach nó róthrom, gan baint amach chuspóirí na Treorach a chur i mbaol ([3]). D'fhéadfadh sé gur ghá athbhreithniú a dhéanamh ar an treoraíocht seo tar éis thoradh an phróisis reachtaigh.

Creat ginearálta na Treorach maidir le hÉin

Leis an Treoir maidir le hÉin, cosnaítear speicis uile na n-éan a bhíonn ann go nádúrtha sa dúiche fhiáin i gcríoch Eorpach na mBallstát a bhfuil feidhm ag an gConradh maidir leo (Airteagal 1) ([4]).

Mar aitheantas ar a thábhachtaí atá sé cothromaíocht a bhaint amach idir an gá fíor-riachtanach lenár gcomhshaol a chosaint, lena n-áirítear trí speicis éan a chaomhnú, agus leasanna ríthábhachtacha eile, cuireann Airteagal 2 den Treoir maidir le hÉin de cheangal ar na Ballstáit bearta a dhéanamh chun pobal na speiceas uile a chumhdaítear le hAirteagal 1 a choimeád ar leibhéal a chomhfhreagraíonn go háirithe do cheanglais éiceolaíocha, eolaíocha agus chultúrtha, agus ceanglais eacnamaíocha agus áineasa á gcur san áireamh, nó chun an pobal a oiriúnú don leibhéal sin.

Saothraítear an cuspóir sin leis an Treoir maidir le hÉin trí dhá phríomhcholún go príomha:

(1) gnáthóga speiceas éan a chosaint (cosaint shuíomh-bhunaithe; agus

(2) córas ginearálta cosanta a bhunú le haghaidh na speiceas uile, in éineacht le toirmisc áirithe (cosaint speiceas).

Baineann an chéad cholún le córas cosanta suíomh-bhunaithe na Treorach maidir le hÉin agus is iad Airteagail 3 agus 4 den Treoir atá mar bhonn taca leis. Cuireann Airteagal 3 de cheangal ar na Ballstáit na bearta is gá a dhéanamh chun éagsúlacht leormhaith agus limistéar leordhóthanach gnáthóg a chaomhnú, a choinneáil ar bun nó a athbhunú le haghaidh na speiceas uile éan dá dtagraítear in Airteagal 1. Faoi Airteagal 4, tá limistéir faoi chosaint speisialta le haicmiú chun na críocha a chaomhnú is oiriúnaí do na speicis a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir agus speicis imirceacha a bhíonn ann go tráthrialta. A luaithe a aicmeofar láithreán, beidh sé ina chuid de líonra Natura 2000, agus faoi réir an chórais chosantaigh a leagtar amach in Airteagal 4(1) agus (2) den Treoir maidir le hÉin, agus in Airteagal 6(2), (3), agus (4) de Threoir 92/43/CEE ([5]) (an Treoir maidir le Gnáthóga) de bhua Airteagal 7 den Treoir sin ([6]). I gcás gach limistéir faoi chosaint speisialta, cuirtear de cheangal ar na Ballstáit cuspóirí caomhnúcháin suíomh-shonracha a shainiú agus na bearta caomhnúcháin is gá a bhunú agus a chur chun feidhme ([7]). Ar deireadh, ní féidir pleananna ná tionscadail a dhéanann difear do limistéir faoi chosaint speisialta a fhormheas ach amháin mura mbeidh tionchar diúltach mór acu ar shláine an láithreáin. Mar sin féin, de bhun Airteagal 6(4) den Treoir maidir le Gnáthóga, is féidir plean nó tionscadal a mbeadh tionchar mór aige ar limistéar faoi chosaint speisialta a dhéanamh dá ainneoin sin ar chúiseanna dianriachtanacha leasa phoiblí sháraithigh, lena n-áirítear cúiseanna de chineál sóisialta agus eacnamaíoch, mura mbeidh réitigh mhalartacha ann agus má dhéantar bearta cúiteacha chun comhleanúnachas an líonra limistéar faoi chosaint speisialta a áirithiú.

([3]) Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le dlús a chur le measúnuithe comhshaoil, COM(2025) 984 final. Moltar go sonrach in Airteagal 8 den Rialachán atá beartaithe chun dlús a chur le measúnuithe comhshaoil, nuair a ghlacfar bearta maolaithe iomchuí comhréireacha mar chuid de na pleananna agus na tionscadail chun marú agus cur isteach a sheachaint, arb é is aidhm dóibh drochthionchair mhóra ar phobal na speiceas lena mbaineann a sheachaint, d'ainneoin go bhféadfadh tionchair dhiúltacha a bheith ann ar eiseamail aonair de na speicis sin, ní mheasfar ansin go ndearnadh an marú ná an cur isteach sin d'aon ghnó de réir bhrí Airteagal 5 den Treoir maidir le hÉin. Tráth foilsithe an treoirdhoiciméid seo, tá an rialachán sin atá beartaithe fós le glacadh. Agus lán-urraim á tabhairt do na comhreachtóirí, arb iad amháin atá inniúil chun reachtaíocht an Aontais a ghlacadh, tá sé lasmuigh de raon feidhme na treoraíochta seo an togra sin a phlé. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé gur ghá athbhreithniú a dhéanamh ar an treoraíocht seo tar éis thoradh na caibidlíochta reachtaí maidir leis an Rialachán seo. Tá an méid céanna ábhartha don Phacáiste um na hEangacha Eorpacha nár glacadh go fóill tráth foilsithe na treoraíochta seo https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/ga/ip_25_2945.

([4]) Féach cásanna uamtha C-473/19, agus C-474/19, *Föreningen Skydda Skogen*, mír 36. Tá liosta de na speicis éan fiáin a thagann faoi raon feidhme na Treorach (an liosta éan) curtha ar fáil ag an gCoimisiún: https://circabc.europa.eu/ui/group/3f466d71-92a7-49eb-9c63-6cb0fadf29dc/library/f3bdeb3b-55c0-47a1-8482-e9a91b126b69/details.

([5]) Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le caomhnú gnáthóg nádúrtha agus fána agus flóra fiáine, IO L 206, 22.7.1992, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1992/43/2025-07-14).

([6]) Le hAirteagal 7 den Treoir maidir le Gnáthóga, cuirtear limistéir faoi chosaint speisialta faoi réir na gceanglas bainistíochta suíomh-bhunaithe a leagtar amach in Airteagal 6(2-4) den Treoir maidir le Gnáthóga. Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi na forálacha sin, féach Managing Natura 2000 sites: *The provisions of Article 6 of the 'Habitats' Directive 92/43/EEC* [Láithreáin Natura 2000 a bhainistiú: Forálacha Airteagal 6 de 'Threoir 92/43/CEE maidir le Gnáthóga'] https://data.europa.eu/doi/10.2779/02245.

([7]) Deimhníodh an ceanglas cuspóirí caomhnúcháin a shainiú agus bearta caomhnúcháin a chur i bhfeidhm i limistéir faoi chosaint speisialta i gCás C-66/23, *Elliniki Ornithologiki Etaireia*, míreanna 46 agus 56.

Bunaítear leis an dara colún córas ginearálta cosanta le haghaidh na speiceas éan dá dtagraítear in Airteagal 1 den Treoir maidir le hÉin. Murab ionann agus na ceanglais chosanta suíomh-bhunaithe, tá feidhm ag an gcóras sin maidir leis na speiceas uile éan fiáin a bhíonn ann go nádúrtha i gcríoch Eorpach na mBallstát a bhfuil feidhm ag an gConradh maidir leo.

Rialaítear an colún sin le hAirteagail 5 go 9 den Treoir maidir le hÉin. Ceanglaítear le hAirteagal 5 go mbunófar córas ginearálta cosanta le haghaidh na speiceas éan dá dtagraítear in Airteagal 1, agus liostaítear ann na toirmisc shonracha a bhfuil feidhm acu sa chomhthéacs sin. Toirmisctear le hAirteagal 6 éin bheo nó mharbha, agus aon díorthach d'éin bheo nó mharbha, a dhíol, a iompar lena ndíol, a choimeád lena ndíol agus a thairiscint lena ndíol, faoi réir na n-eisceachtaí dá bhforáiltear in Airteagal 6(2) agus (3) maidir le speicis a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir. Leagtar amach in Airteagal 7 na coinníollacha maidir le seilg a dhéanamh ar na speicis éan a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir ([8]). Cuirtear toirmeasc le hAirteagal 8(1) ar úsáid a bhaint as na bealaí, na socruithe nó na modhanna uile chun éin a ghabháil nó a mharú ar mórscála nó go neamhroghnaitheach nó iad siúd a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le speiceas a dhul i léig go háitiúil. Liostaítear in Iarscríbhinn IV, pointe (a), cleachtais áirithe den sórt sin a thagann faoi raon feidhme Airteagal 8. Cuirtear toirmeasc le hAirteagal 8(2) ar an tseilg a dhéantar ó na modhanna iompair agus faoi réir na gcoinníollacha a liostaítear in Iarscríbhinn IV, pointe (b). Ar deireadh, áirithítear le hAirteagal 9 go n-aimseofar cothromaíocht idir na srianta cosantacha in Airteagail 5 go 8 agus leasanna tábhachtacha eile trí na himthosca a shainiú inar féidir maolú ar na ceanglais sin.

Tá cur chun feidhme na Treorach maidir le hÉin faoi réir phrionsabal an réamhchúraim in Airteagal 191(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), lena gcuirtear caighdeán cosanta níos airde i bhfeidhm i gcásanna ina bhfuil éiginnteacht ann ó thaobh na heolaíochta de maidir leis an riosca do speiceas.

Ós rud é gur treoir í an ionstraim dlí, ní mór do na Ballstáit a forálacha a thrasuí ina gcórais dlí náisiúnta féin, rud a chuirfidh ar a gcumas dóibh sainiúlachtaí náisiúnta a chur san áireamh. Dhearbhaigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ar bhonn comhsheasmhach nach mór trasuí treorach a bheith soiléir agus beacht, dílis agus brí cheangailteach doshéanta leis agus ní mór an tsainiúlacht, an beachtas agus an tsoiléireacht is gá a bheith ag baint léi chun ceanglais na deimhneachta dlíthiúla a chomhlíonadh ([9]). Sa bhreis ar an oibleagáid forálacha na Treorach a thrasuí i gceart sa dlí náisiúnta, maidir leis an gcóras cosanta a chuirtear i bhfeidhm, cuirtear de cheangal ar na Ballstáit a áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm go héifeachtach é ar an leibhéal praiticiúil freisin. Is é sin an fáth a bhfuil ról lárnach ag na húdaráis inniúla maidir le feasacht a mhúscailt ar na forálacha cosanta, ceanglais a leagan síos, dreasachtaí a chruthú, faireachán a dhéanamh ar an gcomhlíontacht agus forfheidhmiú iomlán éifeachtach a áirithiú ([10]). Is faoi údaráis inniúla na mBallstát atá sé a áirithiú gur féidir gníomhaíochtaí an duine a dhéanamh ar bhealach atá íogair agus comhoiriúnach leis an ngá atá le speicis éan a chosaint san Aontas. Leis an Treoir maidir le hÉin, déantar foráil freisin maidir leis an tsolúbthacht, go háirithe trína forálacha maidir le maolú, lena gcuirtear ar a gcumas do na Ballstáit cothromaíocht a bhaint amach idir cosaint an chomhshaoil agus leasanna socheacnamaíocha tábhachtacha.

Raon feidhme na treoraíochta

Leis an treoirdhoiciméad seo, féachtar le tacú leis na Ballstáit Airteagal 5 agus Airteagal 9 den Treoir maidir le hÉin a chur chun feidhme i gceart. Ní léirítear ann ach tuairimí an Choimisiúin agus níl sé ceangailteach ó thaobh dlí de. Is í Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh amháin a fhéadfaidh léirmhínithe údarásacha ar dhlí an Aontais a sholáthar. I gcás inar thug Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh rialú maidir le foráil den Treoir maidir le hÉin, baineann an Coimisiún leas as an rialú sin chun bonn eolais a chur faoin treoraíocht seo agus cuireann sí i dtábhacht freisin na solúbthachtaí atá ar fáil do na Ballstáit agus na forálacha á gcur i bhfeidhm acu i bhfianaise chuspóirí uileghabhálacha na Treorach.

Maidir le hAirteagal 7, lena leagtar síos na coinníollacha lena rialaítear seilg na speiceas éan a liostaítear in Iarscríbhinn II, faoi chuimsiú chuspóirí foriomlána caomhnúcháin na Treorach, cumhdaíodh é cheana féin i dtreoirdhoiciméad ón gCoimisiún roimhe. Dá bhrí sin, is comhlánú é an treoirdhoiciméad seo leis an *Guide to sustainable hunting under the Birds Directive* [an Treoirleabhar maidir leis an tseilg inbhuanaithe faoin Treoir maidir le hÉin] agus ba cheart é a léamh in éineacht leis ([11]).

([8]) Féach an treoraíocht maidir leis an tseilg faoin Treoir maidir le hÉin https://environment.ec.europa.eu/topics/nature-and-biodiversity/birds-directive/sustainable-hunting-under-birds-directive_ga.

([9]) Féach Cás C-363/85, *An Coimisiún v An Iodáil*, mír 6; C-361/88, *An Coimisiún v An Ghearmáin*; Cás C-159/99, *An Coimisiún v An Iodáil*, mír 32; Cás C-415/01, *An Coimisiún v An Bheilg*, mír 21; Cás C-58/02, *An Coimisiún v An Spáinn*; Cás C-6/04, *An Coimisiún v An Ríocht Aontaithe*, míreanna 21, 25 agus 26; Cás C-508/04, *An Coimisiún v An Ostair*, mír 80; agus Cás C-290/18, *An Coimisiún v an Phortaingéil (Limistéir chaomhantais speisialta a ainmniú agus a chosaint)*, mír 35.

([10]) Ina theannta sin, faoi Airteagal 3(2)(n) de Threoir (AE) 2024/1203 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le cosaint an chomhshaoil tríd an dlí coiriúil, cuirtear de cheangal ar na Ballstáit a áirithiú go bhfuil sé ina chion coiriúil eiseamal nó eiseamail de na speicis dá dtagraítear in Airteagal 1 den Treoir maidir le hÉin a mharú, a scriosadh, a thógáil, a shealbhú, a dhíol nó a thairiscint lena dhíol nó lena ndíol go neamhdhleathach agus d'aon ghnó, ach amháin i gcás ina mbainfidh an t-iompar sin le cainníocht dhiomaibhseach na n-eiseamal sin.

([11]) Féach an treoraíocht maidir leis an tseilg faoin Treoir maidir le hÉin: https://environment.ec.europa.eu/topics/nature-and-biodiversity/birds-directive/sustainable-hunting-under-birds-directive_ga.

Ní chumhdaítear leis an treoraíocht seo forálacha Airteagail 6 go 8 den Treoir maidir le hÉin ná na forálacha cosanta suíomh-bhunaithe in Airteagal 4. Chun mionsonraí a fháil faoi na ceanglais maidir le bainistiú limistéar faoi chosaint speisialta, atá in Airteagail 6(2) go (4) den Treoir maidir le Gnáthóga, féach an treoraíocht ón gCoimisiún *Managing Natura 2000 sites*: *The provisions of Article 6 of the 'Habitats' Directive 92/43/EEC* ([12]) [Láithreáin Natura 2000 a bhainistiú: Forálacha Airteagal 6 den 'Treoir maidir le Gnáthóga 92/43/CEE'].

Cén fáth a bhfuil gá leis an treoraíocht seo?

Ós rud é go bhfuil méadú ag teacht ar na dúshláin eacnamaíocha agus slándála domhanda, tá sé tábhachtach a áirithiú go leanfaidh an Treoir maidir le hÉin de gheilleagar iomaíoch inbhuanaithe a éascú agus ár n-oidhreacht nádúrtha a chosaint an tráth céanna.

Tá sé d'aidhm ag an doiciméad treoraíocht a sholáthar maidir leis an gcóras ginearálta cosanta faoin Treoir maidir le hÉin a léirmhíniú agus a chur chun feidhme agus, an tráth céanna, cuidiú leis an ualach riaracháin a laghdú. Soiléirítear leis na híoscheanglais agus mínítear conas is féidir na ceanglais maidir le cosaint speiceas a chur i bhfeidhm i gceart agus an cúram sin a shimpliú d'údaráis inniúla agus d'oibreoirí eacnamaíocha an tráth céanna.

Chun a áirithiú go gcuirfear na forálacha i bhfeidhm ar bhealach coiteann, tá sé d'aidhm ag an treoraíocht seo na solúbthachtaí atá ar fáil do na Ballstáit a mhíniú freisin i bhfianaise cheanglais na Treorach agus dhlí-eolaíocht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Is é is aidhm dó sin go mbeidh údaráis phoiblí, chomh maith le húsáideoirí talún agus mara, in ann leanúint dá ngníomhaíochtaí agus iad cinnte nach bhfuil siad i mbaol ceanglais na Treorach a shárú.

Tá an treoraíocht dírithe ar údaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla sna Ballstáit go príomha, ach beidh sí ina háis tagartha d'eagraíochtaí agus do pháirtithe leasmhara eile atá rannpháirteach i gcur chun feidhme na Treorach maidir le hÉin. Is é is cuspóir di cur chun feidhme na Treorach a shoiléiriú agus a chuíchóiriú trí threoraíocht shoiléir phraiticiúil a thabhairt ar bhonn na taithí a fuarthas i mBallstáit dhifriúla, agus na léargas a fhaightear ó léirmhíniú a rinne Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ar an Treoir.

Tá treoraíocht in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an treoraíocht seo a bhaineann leis an nGé Ghiúrainn (*Branta leucopsis*), speiceas a bhfuil méadú mór tagtha ar a líon, rud a cúis, i gcásanna áirithe, le damáiste nach beag a raibh tionchar aige ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha. I dtreoirdhoiciméad roimhe seo, *'Great Cormorant: Applying derogations under Article 9 of the Birds Directive 2009/147/EC* ([13]) [An Broigheall: Maoluithe faoi Airteagal 9 den Treoir maidir le hÉin 2009/147/CE a chur i bhfeidhm], míníodh cur i bhfeidhm Airteagal 9 sa chomhthéacs ar leith maidir le damáistí tromchúiseacha do ghníomhaíochtaí eacnamaíocha áirithe a bhaineann leis an mBroigheall (*Phalacrocorax carbo*) a chosc. De bharr ábharthacht an ábhair gur gá an doiciméad sin a thabhairt cothrom le dáta i bhfianaise na ndúshlán náisiúnta a thagann chun cinn de bharr fhlúirse mhéadaithe na speiceas i gcodanna den Aontas agus an ghá atá le réitigh chun aghaidh a thabhairt ar na coinbhleachtaí idir an Broigheall agus an t-iascach, cuirtear leagan nuashonraithe i láthair in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an treoraíocht seo. Is é is aidhm don dá iarscríbhinn sin míniú a thabhairt ar an leibhéal solúbthachta atá ar fáil do na Ballstáit chun cosc a chur ar dhamáiste tromchúiseach don talmhaíocht agus don iascach de dheasca an dá speiceas sin, lena n-áirítear trí shamplaí praiticiúla.

2. RAON FEIDHME AGUS CUSPÓIRÍ NA TREORACH MAIDIR LE hÉIN

2.1. Raon Feidhme

1. Sainítear in Airteagal 1 den Treoir maidir le hÉin raon feidhme na cosanta.

"*Airteagal 1*

1. Baineann an Treoir seo le caomhnú na speiceas éan uile a bhíonn ann go nádúrtha sa dúiche fhiáin i gcríoch Eorpach na mBallstát a bhfuil feidhm ag an gConradh maidir leo. Cumhdaítear léi cosaint, bainistiú agus rialú na speiceas sin agus leagtar síos rialacha maidir lena saothrú.

2. Beidh feidhm aici maidir le héin, a n-uibheacha agus a ngnáthóga."

([12]) Managing Natura 2000 sites [Láithreáin Natura 2000 a bhainistiú] – Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh (europa.eu)
([13]) https://op.europa.eu/ga/publication-detail/-/publication/eb3840b0-937d-4f0b-b616-107fe9825801.

2. Dá bhrí sin, de réir Airteagal 1 den Treoir maidir le hÉin, baineann sí leis an gcosaint a thugtar do speicis uile éan a bhíonn ann go nádúrtha sa dúiche fhiáin i gcríoch Eorpach na mBallstát a bhfuil feidhm ag an gConradh maidir leo ([14]). Liostaigh an Coimisiún na speicis éan a thagann faoi raon feidhme na Treorach, lena n-áirítear cuairteoirí de thaisme ([15]).

3. Chinn Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh go gcuireann an Treoir maidir le hÉin de cheangal ar na Ballstáit éin fhiáine a bhíonn ann go nádúrtha san Aontas a chosaint fiú mura bhfuil gnáthóg nádúrtha an speicis atá i gceist i gcríoch an Bhallstáit lena mbaineann ([16]). Speicis a thugtar isteach i mBallstát, cumhdaítear leis an Treoir maidir le hÉin iad más speicis dhúchasacha iad in áiteanna eile san Aontas. Mar sin féin, ní chumhdaítear le raon feidhme na Treorach speicis a tugadh isteach nach speicis dhúchasacha iad in aon cheann de Bhallstáit an Aontais mura rud é go luaitear go sainráite iad i gceann de na hiarscríbhinní a ghabhann leis an Treoir (e.g. an Turcaí Fiáin, *Meleagris gallopavo*).

4. Dheimhnigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh nach infheidhme an Treoir maidir le heiseamail éan a rugadh agus a tógadh i mbraighdeanas, ós rud é nach bhfónfadh sé do chuspóir comhshaoil bunúsach na Treorach dá leathnófaí an córas cosanta chun pobail éan lasmuigh dá gcomhshaol nádúrtha a chuimsiú ([17]). Mar sin féin, tá feidhm ag an Treoir maidir le heiseamail aonair de speicis fhiáine atá ceansaithe nó a rugadh agus a tógadh i mbraighdeanas agus a scaoiltear amach san fhiadhúlra agus nach féidir a aithint go soiléir a thuilleadh ó eiseamail fhiáine. Tá gá leis sin chun a áirithiú go gcosnófar eiseamail fhiáine a bhféadfaí díobháil, a thoirmisctear leis an Treoir, a dhéanamh dóibh de dhearmad ([18]).

2.2. **Cuspóirí**

5. Ceanglaítear le hAirteagal 2 den Treoir go ndéanfar bearta le haghaidh na n-éan a liostaítear in Airteagal 1.

"*Airteagal 2*

Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun daonra na speiceas dá dtagraítear in Airteagal 1 a choimeád ar leibhéal a chomhfhreagraíonn go háirithe do cheanglais éiceolaíocha, eolaíocha agus chultúrtha, agus riachtanais eacnamaíocha agus áineasa á gcur san áireamh, nó chun daonra na speiceas sin a oiriúnú don leibhéal sin."

6. Cé nach bhfuil aon fhoráil shonrach sa Treoir maidir le hÉin lena sainítear a cuspóirí, chuir Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh cuspóir na Treorach in iúl mar a leanas:

["… is é is cuspóir don Treoir maidir le hÉin, mar is léir ó Airteagal 1 di, arna léamh i bhfianaise aithrisí 3, 5, 7 agus 8 di, speicis uile na n-éan a bhíonn ann go nádúrtha sa staid fhiáin i gcríoch Eorpach na mBallstát a bhfuil feidhm ag na Conarthaí maidir leo a chosaint, a bhainistiú agus a rialú chun a gcaomhnú mar oidhreacht phobail na hEorpa a áirithiú, rud a bhfuil cosaint fhadtéarmach i gceist leis agus a dhéantar trí éagsúlacht leormhaith agus limistéar leordhóthanach gnáthóg a a choinneáil ar bun nó a athbhunú. I bhfianaise an chuspóra sin, cuirtear de cheangal leis an Treoir sin ar na Ballstáit, de bhun Airteagal 2, arna léamh i gcomhar le haithris 10 di, na bearta is gá a dhéanamh chun pobail na speiceas éan sin a choimeád ar leibhéal 'sásúil', a chomhfhreagraíonn go háirithe do cheanglais éiceolaíocha, eolaíocha agus chultúrtha, agus ceanglais eacnamaíocha agus áineasa á gcur san áireamh, nó chun pobal na speiceas sin a oiriúnú don *leibhéal sin*." ([19])

([14]) Féach cásanna uamtha C-473/19, agus C-474/19, *Föreningen Skydda Skogen*, mír 36.

([15]) https://circabc.europa.eu/ui/group/3f466d71-92a7-49eb-9c63-6cb0fadf29dc/library/f3bdeb3b-55c0-47a1-8482-e9a91b126b69/details.

([16]) Cás C-149/94, *Vergy*, mír 18.

([17]) Cás C-149/94, *Vergy*, míreanna 12-15.

([18]) I gcás an Choilm Aille (*Columba livia*), i roinnt mhaith limistéir uirbeacha, tá eiseamail cheansaithe tar éis éalú ó shuiteálacha pórúcháin le fada agus is pobail fhia atá iontu atá tar éis crosphórú le pobail fhiáine. Cé nach dtagann eiseamail a phóraítear i mbraighdeanas faoi raon feidhme na Treorach, tagann colúir fhia faoi raon feidhme na Treorach maidir le hÉin mura rud é gur féidir a léiriú go soiléir go bpóraítear i mbraighdeanas iad agus gur féidir iad a aithint ón pobal fiáin. Mura féidir an t-idirdhealú sin a dhéanamh ar leibhéal an eiseamail, mar is gnách i gcásanna bainistíochta ón bhfíorshaol, tá feidhm iomlán ag córas cosantach na Treorach maidir le hÉin. Baintear leas as straitéisí bainistíochta éagsúla chun pobail uirbeacha de cholúir fhia a rialú, lena n-áirítear toirmisc a fhorchur ar bheathú colúr, foinsí bia agus uisce a rialáil, feistí díspreagthacha amhairc agus fuaimchiaptha a úsáid, bacainní fisiciúla amhail eangacha agus spící a shuiteáil chun fáireadh agus neadú a chosc, bréaguibheacha a chur in ionad uibheacha torthúla i gcolmlanna faoi mhaoirseacht, neadacha a bhaint, steiriliú, beatha ainmhithe fhrithghiniúnach a dháileadh, agus eiseamail aonair a ghabháil agus a bhaint nó a athlonnú. Má tá an baol ann go sárófar na toirmisc a leagtar amach in Airteagal 5 den Treoir maidir le hÉin leis na roghanna bainistíochta roghnaithe, ní mór maoluithe iomchuí a eisiúint faoi fhorálacha Airteagal 9.

([19]) Cás C-784/23, *Voore Mets agus Lemeks Põlva*, mír 51, féach mír 54 den bhreithiúnas sin freisin. Féach freisin Cás C-131/24, *VIRUS agus Páirtithe Eile*, mír 40.

7. Mar a fhoráiltear in Airteagal 1, is é is cuspóir don Treoir maidir le hÉin na speicis uile éan fiáin a bhíonn ann go nádúrtha sa dúiche fhiáin san Aontas a chaomhnú. Cuirtear i dtábhacht go háirithe le foclaíocht Airteagal 2 gur gá na speicis sin a choimeád ar leibhéal a chomhfhreagraíonn do cheanglais éiceolaíocha, eolaíocha agus chultúrtha, agus ceanglais eacnamaíocha agus áineasa á gcur san áireamh an tráth céanna. Léiríonn an tagairt do na ceanglais sin in Airteagal 2 an tionchar is féidir a bheith acu ar leibhéil pobail na speiceas a chosnaítear faoin Treoir maidir le hÉin. Dá bhrí sin, chun na speicis sin a chaomhnú, ní mór "leibhéal sásúil" a thuiscint i gcomhthéacs na gceanglas difriúil sin, agus i gcomhthéacs na mbealaí inar féidir leo tionchar a bheith acu ar leibhéil pobail na n-éan ([20]). Leis an tagairt lena gcuirtear in iúl gur gá ceanglais eacnamaíocha agus áineasa a chur san áireamh freisin, léirítear go mbíonn gníomhaíochtaí eacnamaíocha agus áineasa spleách ar an gcosaint éan agus go mbíonn tionchar ag an gcosaint éan ar na gníomhaíochtaí sin. Dá bhrí sin, is gá a áirithiú go mbeidh ceanglais éiceolaíocha, eolaíocha agus chultúrtha, chomh maith le ceanglais eacnamaíocha agus áineasa, ina mbonn eolais faoi chur chun feidhme fhorálacha uile na Treorach.

8. I gcomhréir leis sin, dheimhnigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh go gcuirtear san áireamh in Airteagal 2, ar thaobh amháin, gur gá éin a chosaint go héifeachtach agus, ar an taobh eile, na ceanglais ó thaobh na sláinte agus na sábháilteachta poiblí, an gheilleagair, na héiceolaíochta, na heolaíochta, na feirmeoireachta agus an áineasa de ([21]). Dheimhnigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh freisin, áfach, nach maolú uathrialach é Airteagal 2 ar an gcóras ginearálta cosanta a bhunaítear leis an Treoir maidir le hÉin ([22]).

9. Dá bhrí sin, tá na ceanglais éiceolaíocha, eolaíocha, chultúrtha, eacnamaíocha agus áineasa sin gan dochar do na ceanglais a leagtar amach sa Treoir maidir le hÉin, lena n-áirítear Airteagal 5, agus ní chuirtear san áireamh iad agus a toirmisc á gcur i bhfeidhm ([23]). Léiríonn na deiseanna le haghaidh maolú faoi Airteagal 9 na ceanglais a luaitear, arb é is aidhm dóibh cothromaíocht a bhaint amach idir na tosaíochtaí difriúla beartais a bhaineann le cur chun feidhme na Treorach. Ina theannta sin, d'fhéadfadh ceanglais eacnamaíocha agus áineasa a bheith ábhartha agus measúnú á dhéanamh ar chomhréireacht na maoluithe a d'fhéadfadh a bheith ann i gcomhthéacs athbhreithnithe ar roghanna malartacha sásúla.

10. Féadfar ceanglais eacnamaíocha agus áineasa a chur san áireamh freisin a mhéid a d'fhéadfadh gníomhaíochtaí den sórt sin a bheith ina gcuid de na tionchair a théann i bhfeidhm ar an speiceas. Dá bhrí sin, ní mór brú ar speicis de dheasca gníomhaíochtaí eacnamaíocha nó áineasa a chur san áireamh chomh maith céanna maidir leis an leibhéal sásúil nach mór a bhaint amach agus a choinneáil ar bun,.

11. Níor cheart cuspóirí uileghabhálacha na Treorach maidir le hÉin a chónaidhmiú le raon feidhme Airteagal 5, rud a rannchuidíonn le cuspóirí na Treorach a bhaint amach trí chóras ginearálta cosanta, agus a phléitear i gCaibidil 3 ([24]).

12. Chun a áirithiú go léirmhíneofar an Treoir maidir le hÉin agus an Treoir maidir le Gnáthóga go comhsheasmhach agus chun cur chun feidhme éifeachtach a bhaint amach, is é tuairim an Choimisiúin gur féidir a thuiscint gurb é atá sna "leibhéil shásúla" an leibhéal lena mbaintear stádas caomhantais fabhrach amach ([25]).

([20]) Féach, *mutatis mutandis*, Cás C-629/23 *Eesti Suurkiskjad*, mír 68.
([21]) Cás C-262/85, *An Coimisiún v An Iodáil*, mír 8.
([22]) Cás C-247/85, *An Coimisiún v An Bheilg*, mír 8; Cás C-262/85, *An Coimisiún v An Iodáil*, mír 8.
([23]) Féach, *mutatis mutandis* i ndáil le hAirteagal 4(4) den Treoir maidir le hÉin, Cás C-57/89, *An Coimisiún v An Ghearmáin*, mír 22.
([24]) Tá feidhm ag Airteagal 5 gan beann ar stádas an speicis ná ar an tionchar a bheadh ag gníomhaíocht ar an speiceas lena mbaineann. Chun tuilleadh plé a léamh ina leith, féach Caibidil 3.
([25]) Chuir an Coimisiún an nasc sin i dtábhacht roimhe sa Treoraíocht maidir leis an tseilg inbhuanaithe faoin Treoir maidir le hÉin, lch. 20. Tagann an léirmhíniú sin ón ról atá ag an Treoir maidir le hÉin chun a áirithiú go gcomhlíonfar oibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais faoin gCoinbhinsiún maidir le Caomhnú na Speiceas Imirceach Ainmhithe Fiáine agus go háirithe an Comhaontú maidir le hÉin Uisce Imirceacha Afracacha-Eoráiseacha a Chaomhnú, an Meabhrán Tuisceana maidir le hÉin Imirceacha Creiche a Chaomhnú san Afraic agus san Áise agus an Plean Gníomhaíochta maidir le hÉin Talún Imirceacha Afracacha-Eoráiseacha, a gceanglaítear le gach ceann díobh speicis éan a chosaint agus arb é a gcuspóir stádas caomhantais fabhrach a choinneáil ar bun nó a bhaint amach.

3. **AIRTEAGAL 5 DEN TREOIR MAIDIR LE hÉIN**

3.1. **Téacs Airteagal 5**

"Gan dochar d'Airteagal 7 agus Airteagal 9, déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun córas ginearálta cosanta a bhunú do gach speiceas éan dá dtagraítear in Airteagal 1, agus toirmiscfear go háirithe:

(a) marú nó gabháil d'aon chineál d'aon ghnó;

(b) a neadacha agus a n-uibheacha a scriosadh, nó damáiste a dhéanamh dóibh, d'aon ghnó nó a neadacha a bhaint d'aon ghnó;

(c) a n-uibheacha a thógáil as dúiche fhiáin agus na huibheacha sin a choinneáil fiú má tá siad folamh;

(d) cur isteach ar na héin sin d'aon ghnó, go háirithe le linn thréimhse an phórúcháin agus na tógála, a mhéid a bheadh tábhacht ag baint leis an gcur isteach sin i bhfianaise chuspóirí na Treorach seo;

(e) coinneáil éan de chuid speiceas a bhfuil toirmeasc ar a bhfiach agus ar a ngabháil."

3.2. **Breithnithe ginearálta**

13. Ceanglaítear le hAirteagal 5 den Treoir maidir le hÉin go mbunófar córas ginearálta cosanta le haghaidh na speiceas éan uile a bhíonn ann go nádúrtha sa dúiche fhiáin dá dtagraítear in Airteagal 1. Liostaítear toirmisc in Airteagal 5 faoi mhíreanna (a) go (e) chun na speicis sin a chosaint.

14. Chun Airteagal 5 a chur i bhfeidhm go cuí, cuirtear de cheangal ar na Ballstáit creat reachtach iomlán agus éifeachtach um chosaint na n-éan a bhunú, rud a fhágfaidh go gcuirfear bearta cosanta coincréiteacha sonracha chun feidhme, nach mór comhlíonadh na dtoirmeasc a leagtar amach in Airteagal 5 a áirithiú leo ([26]). Dá bhrí sin, ní hamháin go gceanglaítear le hAirteagal 5 creat reachtach cuimsitheach a ghlacadh, ach ceanglaítear bearta cosanta coincréiteacha sonracha a chur chun feidhme freisin ([27]).

15. Leis an Treoir maidir le hÉin, tugtar solúbthacht do na Ballstáit maidir leis an gcóras ginearálta cosanta sin a bhunú, lena n-áirítear i dtéarmaí na modhanna agus na n-uirlisí reachtacha is féidir a úsáid chun na toirmisc a chur chun feidhme. D'fhéadfaí dlíthe, rialacháin nó bearta riaracháin sonracha a ghlacadh mar chuid de sin chun na díobhálacha a liostaítear in Airteagal 5 a thoirmeasc go héifeachtach. Tá an rogha sin faoi réir na dteorainneacha a shonraítear in Airteagal 5, mar a shonraítear a thuilleadh thíos ([28]), agus faoi réir na hoibleagáide a áirithiú go seachnófar na díobhálacha a liostaítear in Airteagal 5 de thoradh na mbeart sin i ndáiríre ([29]). Ina theannta sin, ba cheart bunú agus cur i bhfeidhm an chórais ghinearálta cosanta a bheith bunaithe ar an gcuspóir dá dtagraítear in Airteagal 2 den Treoir, is é sin, na pobail éan a choimeád ar leibhéal a chomhfhreagraíonn go háirithe do cheanglais éiceolaíocha, eolaíocha agus chultúrtha, agus ceanglais eacnamaíocha agus áineasa á gcur san áireamh, nó pobal na speiceas sin a oiriúnú don leibhéal sin.

16. I gcomhréir le hAirteagal 1, tá feidhm ag na toirmisc in Airteagal 5 maidir leis na speicis uile éan fiáin a bhíonn ann go nádúrtha sa dúiche fhiáin i gcríoch Eorpach na mBallstát a bhfuil feidhm ag an gConradh maidir leo. Mar a chinn Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, fágann an fhoclaíocht shoiléir gan débhrí in Airteagal 5 den Treoir maidir le hÉin nach bhfuil cur i bhfeidhm na dtoirmeasc dá dtagraítear san fhoráil sin srianta ar aon bhealach do na speicis a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin, nó atá i mbaol ar leibhéal éigin nó a bhfuil meath fadtéarmach ar an bpobal ag baint dóibh ([30]).. Dá thoradh sin, fiú má tá pobal speicis choitinn cobhsaí agus más dócha gur amhlaidh a bheidh sna blianta beaga atá amach romhainn, ní féidir leis na Ballstáit speicis den sórt sin a eisiamh ó raon feidhme na dtoirmeasc a cheanglaítear le hAirteagal 5 ([31]). Dhearbhaigh Cúirt Bhreithiúnais an

([26]) Cásanna uamtha C-473/19 agus C-474/19, *Föreningen Skydda Skogen*, mír 35.
([27]) Féach, *mutatis mutandis*, Cásanna uamtha C-473/19 agus C-474/19, *Föreningen Skydda Skogen*, mír 75.
([28]) Féach, *mutatis mutandis*, Cás C-518/04, *An Coimisiún v An Ghréig*, mír 16.
([29]) Cásanna uamtha C-473/19 agus C-474/19 *Föreningen Skydda Skogen*, mír 75.
([30]) Cásanna uamtha C-473/19 agus C-474/19 *Föreningen Skydda Skogen*, mír 36.
([31]) Cás C-441/17, *An Coimisiún v An Pholainn*, míreanna 262-263.

Aontais Eorpaigh freisin maidir le haon bhreithniú ar thionchar gníomhaíochta ar leibhéal pobail speicis, nó ar stádas caomhantais speicis, nach mbeidh sé sin ábhartha chun Airteagal 5 a chur i bhfeidhm cé is moite den toirmeasc faoi mhír 5(d) (féach Roinn 3.4) ([32]). I gcás Airteagal 5(d), níl breithnithe amhail flúirse ná stádas caomhantais speicis ábhartha ach amháin agus cinneadh á dhéanamh an cur isteach mór atá ann a mhéid a bhaineann le cuspóir na Treorach maidir le hÉin, ach ní cheadaítear leis sin speiceas a eisiamh ó raon feidhme Airteagal 5(d).

17. Tá feidhm ag na toirmisc in Airteagal 5 maidir leis na speicis a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir maidir le hÉin freisin. Cé go gceadaítear le hAirteagal 7 na speicis sin a sheilg, lena n-áirítear eiseamail a mharú nó a ghabháil le linn tréimhsí sainithe agus faoi réir srianta áirithe a leagtar amach in Airteagal 7 ([33]), gníomhaíochtaí a dhéantar lasmuigh de na tréimhsí seilge agus na gníomhaíochtaí a sháródh Airteagal 5, amhail neadacha nó uibheacha a scriosadh d'aon ghnó, toirmisctear fós iad le haghaidh na speiceas a liostaítear in Iarscríbhinn II. Tá raon feidhme Airteagal 7 teoranta don tseilg, rud a chiallaíonn go dtoirmisctear fós gníomhaíochtaí eile a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le díobháil i ndáil leis na speicis a liostaítear in Iarscríbhinn II. Sa Treoraíocht ón gCoimisiún maidir leis an tseilg inbhuanaithe ([34]), soláthraítear tuilleadh treoraíochta maidir leis na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 7.

18. De réir chásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, is léir nach mór feidhm a bheith ag na toirmisc faoi Airteagal 5 gan aon teorainn ama a bheith leo ([35]). Mar sin féin, is féidir tosca séasúracha a chur san áireamh leis na bearta agus na rialacha iarbhír lena gcuirtear na toirmisc sin chun feidhme, má tá údar cuí leis sin, agus is féidir iad a chur i bhfeidhm le linn tréimhsí sonracha amháin, amhail le linn na tréimhse neadúcháin. I leith Airteagal 5(d), ní mór do na Ballstáit aird ar leith a thabhairt ar chéimeanna íogaire i saolré speiceas éan amhail tréimhsí pórúcháin nó tógála. Cé gur féidir tosca séasúracha den sórt sin a chur san áireamh, ní féidir speicis éan a bhaint – go sealadach fiú – den chóras ginearálta cosanta a cheanglaítear le hAirteagal 5 ([36]). Mar a mhínítear thíos, trí bhearta coisctheacha a chur i bhfeidhm maidir le gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith díobhálach, is féidir a áirithiú go seachnóidh gníomhaíochtaí eacnamaíocha na díobhálacha toirmiscthe a liostaítear in Airteagal 5 agus go mbeidh siad comhoiriúnach leis an bhforáil seo.

19. Chun éin fhiáine a chosaint go hiomlán agus go héifeachtach, tá gá le cosaint chuimsitheach i dtéarmaí raon feidhme geografach freisin. Ciallaíonn sé sin go bhfuil feidhm ag Airteagal 5 maidir le raon feidhme geografach iomlán na Treorach maidir le hÉin, mar a shainmhínítear in Airteagal 1 di, gan beann ar an áit a bhféadfadh sé go ligfeadh na héin a scíth inti nó go rachaidís tríthi agus gan beann ar an limistéar a bheith laistigh nó lasmuigh de líonra Natura 2000. Dá bhrí sin, aon reachtaíocht náisiúnta lena gcuirtear teorainn le cosaint éan fiáin sa chaoi nach gcumhdaítear ach limistéar sonrach (e.g. limistéar oidhreachta nádúrtha), tá sí ar neamhréir leis an Treoir maidir le hÉin ([37]). Mar sin féin, agus na toirmisc in Airteagal 5 á gcur chun feidhme acu, féadfaidh na Ballstáit critéir gheografacha atá ábhartha do gach speiceas a chur san áireamh, agus cuspóirí Airteagal 2 á gcur san áireamh freisin.

Tacaíocht Phraiticiúil 1 maidir le Cur Chun Feidhme: Solúbthacht maidir le creat dlíthiúil a bhunú le haghaidh córas ginearálta cosanta

Tá solúbthacht nach beag ag na Ballstáit maidir le forálacha na Treorach maidir le hÉin a thrasuí ina reachtaíocht náisiúnta, agus creat reachtach soiléir á choinneáil ar bun agus bearta coisctheacha éifeachtacha á gcur chun feidhme an tráth céanna chun a áirithiú go gcomhlíonfar cuspóirí na Treorach maidir le hÉin. Mar chuid de sin, d'fhéadfaí dlíthe, rialacháin nó bearta riaracháin sonracha nua a thabhairt isteach nó a achtú ar an leibhéal náisiúnta nó réigiúnach, agus iad saincheaptha de réir a gcóras uathúil rialachais. Is féidir bearta coisctheacha a chomhtháthú sa reachtaíocht earnála freisin, lena rialaítear gníomhaíochtaí eacnamaíocha amhail fuinneamh, foraoiseacht nó talmhaíocht, agus is féidir iad a chur in oiriúint do na himthosca réigiúnacha nó áitiúla ar leith nuair is gá. Ina theannta sin, is féidir leis na Ballstáit cur chun feidhme an chreata dhlíthiúil a éascú trí thacaíocht a thairiscint do pháirtithe leasmhara eacnamaíocha trí bhíthin seirbhísí comhairleacha, scéimeanna spriocdhírithe cistiúcháin, agus tionscnaimh chun feasacht a mhúscailt.

([32]) C-784/23, *Voore Mets agus Lemeks Põlva*, míreanna 53-54 agus Cás C-131/24, *VIRUS agus Páirtithe Eile*, mír 43.
([33]) I gCás C-157/89, *An Coimisiún v an Iodáil* ag mír 14, thagair Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh don ghá atá le córas iomlán cosanta sna tréimhsí a mbíonn marthanas na n-éan fiáin i mbaol go speisialta lena linn.'
([34]) https://environment.ec.europa.eu/topics/nature-and-biodiversity/birds-directive/sustainable-hunting-under-birds-directive_ga.
([35]) Cás C-252/85, *An Coimisiún v An Fhrainc*, mír 9, cé gur bhain an breithiúnas sin le hAirteagal 5(b) agus (c), is féidir é a chur i bhfeidhm maidir le hAirteagal 5 ina iomláine, toisc nach gcuireann an friotal teorainn le raon feidhme aon cheann de na toirmisc faoi.
([36]) Cás C-507/04, *An Coimisiún v An Ostair*, mír 114.
([37]) Cás C-252/85, *An Coimisiún v An Fhrainc*, mír 15.

3.3. **An coincheap "gníomh a dhéanamh d'aon ghnó" faoi Airteagal 5 den Treoir maidir le hÉin**

20. Sula dtabharfar aghaidh ar fhorálacha sonracha Airteagal 5, tá sé tábhachtach an coincheap "gníomh a dhéanamh d'aon ghnó" a shoiléiriú, rud atá ina phríomhthoisc chun na toirmisc faoi Airteagal 5 (a), (b) agus (d) a léirmhíniú agus a chur chun feidhme:

    (a) marú nó gabháil d'aon chineál d'aon ghnó;

    (b) a neadacha agus a n-uibheacha a scriosadh, nó damáiste a dhéanamh dóibh, d'aon ghnó nó a neadacha a bhaint d'aon ghnó; agus

    (d) cur isteach ar na héin sin d'aon ghnó, go háirithe le linn thréimhse an phórúcháin agus na tógála, a mhéid a bheadh tábhacht ag baint leis an gcur isteach sin i bhfianaise chuspóirí na Treorach seo;

21. Idir an dá linn, beidh feidhm ag na toirmisc a liostaítear i míreanna (c) agus (e) gan beann ar a raibh beartaithe ag údar an ghnímh.

22. Tá cásdlí seanbhunaithe ó Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ann a mhéid a bhaineann leis an gcoincheap "gníomh a dhéanamh d'aon ghnó". De réir Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, cuimsítear leis an téarma "gníomh a dhéanamh d'aon ghnó" gníomhaíochtaí arb é is cuspóir dóibh éin a ghabháil, a mharú nó cur isteach ar éin nó a neadacha a scriosadh/damáiste a dhéanamh dóibh, agus gníomhaíochtaí ar follasach nach bhfuil cuspóir den sórt sin acu ach lena nglactar leis go bhféadfadh gabháil, marú, cur isteach, scriosadh nó damáiste den sórt sin a bheith i gceist leo ([38]). Dá bhrí sin, má ghlacann údar gníomhaíochta leis an bhféidearthacht go ndéanfaí díobháil thoirmiscthe de dheasca a ghníomhaíochtaí, ach má théann sé ar aghaidh mar sin féin, cumhdaítear é sin leis na toirmisc in Airteagal 5 fiú mura raibh sé ar intinn acu díobháil den sórt sin a dhéanamh ([39]). Maidir le speicis a liostaítear in Iarscríbhinn II, áfach, tá eisceacht ann, toisc gur féidir eiseamail de na speicis sin a sheilg, *i.e*, a mharú nó a ghabháil le linn tréimhsí sainithe agus faoi réir srianta áirithe a leagtar amach in Airteagal 7.

23. D'fhonn feasacht a shuí chun a chinneadh an ndearnadh gníomhaíocht d'aon ghnó, ní mór dhá choinníoll charnacha a bheith ann: (i) feasacht ar éin a bheith i láthair, agus (ii) an t-eolas go bhféadfadh an ghníomhaíocht atá á breithniú a bheith ina cúis le cineál díobhála toirmiscthe a dhéanamh do na héin sin. Ní mór an dá ghné a mheas i bhfianaise na faisnéise atá ar fáil agus scaipeadh na faisnéise sin.

24. Chun tacú le hoibreoirí eacnamaíocha a dhéanann gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh a fhágáil go ndéanfaí díobhálacha toirmiscthe, ba cheart do na Ballstáit a bhfeasacht a mhúscailt ar na bearta coisctheacha atá ar fáil.

25. Ar an gcéad dul síos, cuimsítear le feasacht ar éin a bheith i láthair cásanna inar breathnaíodh éin nó a neadacha i limistéar a ndéanfaidh an ghníomhaíocht atá i gceist difear dó, nó an cás ina mbeidh sonraí eolaíocha agus barúlacha doiciméadaithe ann ar éin a bheith i limistéar den sórt sin. Chinn Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh gur féidir imthosca a chuimsiú leis sin freisin inar féidir coinne a bheith leis go réasúnta go mbeidh éin i láthair ar bhonn tosca éiceolaíocha, mar shampla cineál agus aois foraoise nó féarthailte lena mbaineann speicis áirithe éan go hiondúil ([40]).

26. Ní leor feasacht ar láithreacht éan ann féin, ní mór riosca réasúnta a bheith ann freisin go bhféadfaí díobháil thoirmiscthe a dhéanamh do na héin atá i láthair de dheasca na gníomhaíochta atá i gceist. Sa chomhthéacs sin, tá sé tábhachtach riachtanais agus íogaireachtaí an speicis a mheas, agus an áit ina neadaíonn an speiceas a chur san áireamh chomh maith lena nósanna neadúcháin, na limistéir a úsáideann sé le haghaidh na sealgaireachta nó na seilge, agus breithnithe eile a bhaineann go sonrach le speiceas. Is féidir an t-eolas sin a bhunú ar an bhfaisnéis i bpleananna gníomhaíochta speiceas, i bpleananna bainistíochta láithreáin Natura 2000 nó i bpleananna foraoiseachta agus ar aon sonraí agus taighde eolaíoch ábhartha eile maidir leis an speiceas lena mbaineann.

([38]) Cás C-784/23, *Voore Mets agus Lemeks Põlva*, mír 49 agus Cás C-131/24, *VIRUS agus Páirtithe Eile*, mír 39.

([39]) Féach Cás C-784/23, *Voore Mets agus Lemeks Põlva*, míreanna 47-48 inar dheimhnigh an Chúirt nach mór an coincheap "gníomh a dhéanamh d'aon ghnó" a léamh go comhsheasmhach idir Airteagal 5 den Treoir maidir le hÉin agus Airteagal 12 den Treoir maidir le Gnáthóga. Dá thoradh sin, an dlí-eolaíocht sheanbhunaithe a chuirtear i bhfeidhm maidir leis an gcoincheap "gníomh a dhéanamh d'aon ghnó" faoi Airteagal 12 den Treoir maidir le Gnáthóga, chuir an Chúirt sin i bhfeidhm maidir leis an gcoincheap comhchosúil faoi Airteagal 5 den Treoir maidir le hÉin.

([40]) Cás C-784/23, *Voore Mets agus Lemeks Põlva*, mír 61.

27. Dá bhrí sin, tá cinntiúchán an riosca bunaithe ar idirghníomhaíocht idir tionchair na gníomhaíochta atá i gceist agus riachtanais agus íogaireachtaí an speicis atá i gceist. D'fhéadfaí a chuimsiú leis sin, mar shampla, crainn a leagan le linn na tréimhse neadúcháin in áiteanna arb eol go neadaíonn éin foraoise iontu nó cleachtais talmhaíochta áirithe a dhéanann difear i gcás éin áirithe a neadaíonn ar an talamh, cleachtais a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis lena marú, le scriosadh a neadacha nó cur isteach mór orthu. Ní chuirtear cosc ar an lománaíocht ná ar bhaint an fhéir dá thoradh sin ach áirithítear leis go mbeidh an cleachtas comhoiriúnach do chosaint na n-éan.

28. Ar an gcaoi chéanna, i gcás ina bpleanáiltear gníomhaíocht a dhéanamh lasmuigh de thréimhse neadúcháin na speiceas éan, nó i gcás ina ndéantar réamhchúraimí eile (féach thíos maidir le bearta coisctheacha) mar shampla, d'fhéadfadh sé nach dtiocfadh sé sin faoi raon feidhme na díobhála d'aon ghnó. D'fhéadfadh an phleanáil sin a bheith bunaithe ar an tréimhse den bhliain a mbíonn coinne leis nach mbeidh eiseamail éan sa limistéar ina ndéanfar gníomhaíocht lena linn. D'fhéadfadh sé go bhféadfaí criosanna sonracha nach bhfuil éin i láthair iontu a shainaithint laistigh de shuíomh nó de ghnáthóg níos leithne freisin. Braitheann breithnithe den sórt sin go rímhór ar an gcomhthéacs agus, dá bhrí sin, ní mór measúnú a dhéanamh orthu ar bhonn cás ar chás.

29. Sna cásanna uile, tá ról na n-údarás náisiúnta fíor-riachtanach. Ba cheart do na húdaráis náisiúnta brath ar shonraí eolaíocha faoin áit agus faoin am a bhíonn éin i láthair agus gníomhaíochtaí eacnamaíocha á rialáil acu. Ba cheart dóibh na modhanna iomchuí uile a úsáid chun faisnéis a scaipeadh go réamhghníomhach faoi éin a bheith i láthair agus faoi aon riail lena gcosaint atá ann cheana, chomh maith leis na bearta coisctheacha atá ar fáil. I bhfianaise Airteagal 2, ba cheart do na húdaráis náisiúnta an fhaisnéis sin a chur ar fáil do na páirtithe leasmhara lena mbaineann freisin chun gur féidir lena ngníomhaíochtaí eacnamaíocha nó áineasa a bheith ann i dteannta ceanglais maidir le cosaint éan.

30. Ós rud é go bhfuil feidhm ag na toirmisc faoi Airteagal 5 gan beann ar a dtionchar iarbhír ar na speicis lena mbaineann, cé is moite d'Airteagal 5(d), ní féidir an glacadh an bhféidearthacht go ndéanfaí díobháil a chinneadh faoi threoir leibhéal pobail an speicis lena mbaineann, ná faoi threoir an tionchair ar an leibhéal sin ([41]).

3.4. **Bearta coisctheacha a dhéanamh chun díobháil d'aon ghnó a sheachaint**

31. Mar a mhínítear thíos, má ghlactar bearta coisctheacha éifeachtacha mar fhreagairt ar ghníomhaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith díobhálach, féadfar díobháil d'aon ghnó, rud a thoirmisctear faoi Airteagal 5(a), (b), nó (d), a eisiamh nuair a chomhlíonfar coinníollacha sonracha. Leis an gcur chuige sin, is féidir creat soiléir a sholáthar d'oibreoirí eacnamaíocha agus d'údaráis náisiúnta agus laghdú a dhéanamh ar an ngá le maoluithe a chur i bhfeidhm, agus, dá bhrí sin, laghdú a dhéanamh ar an ualach riaracháin freisin.

32. I gcás inar dócha go sáróidh gníomhaíocht na toirmisc a leagtar amach in Airteagal 5 (a), (b) nó (d), féadfaidh údaráis inniúla náisiúnta bearta coisctheacha a shainiú is féidir le gníomhaithe (eacnamaíocha nó gníomhaithe eile) a chur i bhfeidhm le linn na céime pleanála agus/nó cur chun feidhme chun go mbeifear in ann dul ar aghaidh leis an ngníomhaíocht atá i gceist agus díobháil don speiceas éan atá ann a sheachaint, a mhéid is féidir. Ní mór na bearta coisctheacha sin a bheith ina mbearta coincréiteacha sonracha, agus an fhaisnéis ábhartha faoin speiceas lena mbaineann a chur san áireamh agus na ní mór na bearta a cheapadh chun aon tionchar toirmiscthe a d'fhéadfadh a bheith ag an ngníomhaíocht atá i gceist a sheachaint, a mhéid is féidir, chun urramú iarbhír na dtoirmeasc a liostaítear in Airteagal 5 a áirithiú ([42]). I gcás ina mbeidh gníomhaíochtaí bunaithe ar chur chuige coisctheach ([43]) agus ina mbeidh ardleibhéal cinnteachta ann go n-eisiafar an díobháil, is féidir a mheas gur tionchair theagmhasacha nach ndéantar d'aon ghnó iad tionchair iarmharacha dá éis sin. Tá sé de bhuntáiste ag an gcur chuige sin go dtugtar cead do ghníomhaíocht dul ar aghaidh gan an gá le maolú faoi Airteagal 9 den Treoir maidir le hÉin.

33. I gcás nach féidir díobháil den sórt sin a sheachaint, beidh sé riachtanach, ina ionad sin, brath ar an bhforáil maidir le maolú a leagtar amach in Airteagal 9 (féach an chéad Chaibidil eile).

([41]) Cás C-784/23, *Voore Mets agus Lemeks Põlva*, míreanna 49-54.

([42]) Féach Cás C-441/17, *An Coimisiún v An Pholainn*, mír 259, inar chinn Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh maidir le cinneadh ó na húdaráis náisiúnta lenar ceadaíodh crainn a leagan, arbh eol gur gnáthóga tábhachtacha iad do roinnt speicis éan, gur sáraíodh Airteagal 5(b) agus (d) go páirteach toisc nár cuireadh bearta cosanta coincréiteacha sonracha i bhfeidhm lena n-eisiafaí an díobháil thoirmiscthe agus lena n-áiritheofaí go n-urramófaí na ceanglais maidir leis sin.

([43]) Féach, *mutatis mutandis*, Cásanna Uamtha C-473/19 agus C-474/19, *Föreningen Skydda Skogen*, mír 77.

34. Is féidir na bearta coisctheacha sin a chur san áireamh agus measúnú á dhéanamh an sáraíonn tionscadal nó gníomhaíocht na toirmisc in Airteagal 5 ([44]). Dheimhnigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh nach gá measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí tionscadail go neamhspleách ar na bearta tionlacain atá beartaithe chun na héifeachtaí sin a chosc nó, i gcás Airteagal 5(d), iad a laghdú go leibhéil neamhshuntasacha. Níl ábhartha ach na héifeachtaí a bhainfidh d'éin i ndáiríre de dheasca tionscadal a chur chun feidhme ([45]).

35. A mhéid a bhaineann le bearta coisctheacha den sórt sin a shainaithint agus a chomhtháthú i ndearadh agus i gcur chun feidhme tionscadal nó gníomhaíochtaí, tá sé de dhualgas ar na húdaráis inniúla "na sonraí eolaíocha is iontaofa atá ar fáil agus na torthaí is déanaí ó thaighde idirnáisiúnta" a chur san áireamh agus measúnú á dhéanamh acu ar éifeachtacht na mbeart coisctheach ([46]). Mar sin féin, níor cheart é a bheith rídheacair d'oibreoirí agus d'údaráis inniúla a chruthú nach ndéanfaí díobháil thoirmiscthe ([47]). Chinn Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh nach bhfuil aon oibleagáid ann cruthúnas ar éifeachtacht na mbeart coisctheach a éileamh i bhfoirm doiciméadacht eolaíoch lena bhfianaítear cur chun feidhme rathúil na mbeart sin, toisc nach mbíonn doiciméadacht den sórt sin ar fáil i gcónaí ([48]). Agus úsáid na mbeart coisctheach á meas, mar shampla, i gcomhthéacs nós imeachta ceadaithe, féadfar a n-éifeachtacht a chruthú trí bhíthin measúnú réasúnaithe ó shaineolaí cúirte ([49]), agus ag brath ar na dlíthe náisiúnta, féadfar uirlisí comhchosúla eile a úsáid.

36. A luaithe a bheidh siad i bhfeidhm, ní mór faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeart coisctheach chun a áirithiú go ndéanfar na bearta sin agus go n-áiritheoidh siad go gcomhlíonfar Airteagal 5 i ndáiríre trí dhíobháil d'éin agus/nó dá neadacha agus dá n-uibheacha a chosc. I gcás inarb iomchuí, is féidir sásra a chur i bhfeidhm chun freagairt do dhíobhálacha toirmiscthe a fheictear chun a áirithiú go gcomhlíonfar Airteagal 5. Gan na sásraí faireacháin agus freagartha sin, ní fhéadfaí a áirithiú go n-áirithíonn na bearta coisctheacha an chomhlíontacht i ndáiríre. I gcás ina mbraithfear díobháil, d'fhéadfadh sé gur ghá coigeartuithe a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar aon díobháil bhreise a dhéantar chun a áirithiú go gcomhlíonfar Airteagal 5 agus gur féidir leanúint den ghníomhaíocht atá i gceist.

Tacaíocht Phraiticiúil 2 maidir le Cur Chun Feidhme: An t-ualach riaracháin a laghdú agus deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú trí bhíthin bearta coisctheacha comhtháite

Is féidir le húdaráis náisiúnta gníomhaíochtaí eacnamaíocha nó áineasa a éascú lena mbaineann an baol go sárófaí Airteagal 5 den Treoir maidir le hÉin trí bhearta coisctheacha sonracha a shainaithint atá ceaptha chun díobháil d'éin a sheachaint go héifeachtach. I gcás ina gcuirfear cur chuige coisctheach éifeachtach chun feidhme, níor cheart a mheas gur tionchar d'aon ghnó aon tionchar eile a bheidh ann, rud a fhágfaidh go bhféadfar dul ar aghaidh leis an ngníomhaíocht gan gá le maolú faoi Airteagal 9. Leis sin, is féidir an cur chun feidhme a shimpliú agus laghdú nach beag a dhéanamh ar an ualach riaracháin agus ar an gcostas d'údaráis agus do ghnólachtaí, agus deimhneacht dhlíthiúil a sholáthar d'oibreoirí an tráth céanna. Ba cheart an cur chuige sin a chur chun feidhme trí dhlúthchomhar idir na húdaráis náisiúnta inniúla agus na hearnálacha eacnamaíocha, lena n-áirítear trí chomhairle a chur ar oibreoirí faoin gcaoi arbh fhéidir ceanglais Airteagal 5 a chomhlíonadh (Féach Caibidil 3.3. agus Caibidil 3.5).

3.5. **Toirmisc shonracha faoi Airteagal 5**

37. Le gach ceann de na toirmisc a liostaítear faoi Airteagal 5, sainítear díobháil nach mór do na Ballstáit a thoirmeasc. Dheimhnigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, i ndáil le míreanna (a) agus (b), nach bhfuil aon scrúdú ar an éifeacht atá ag gníomhaíocht an duine ar leibhéal pobail an speicis éan lena mbaineann ábhartha chun críoch na bhforálacha sin ([50]). Is féidir an léirmhíniú sin a leathnú chun míreanna (c) agus (e) a chuimsiú *mutatis mutandis*, ós

([44]) Féach, *mutatis mutandis*, Cás C-131/24, *VIRUS agus Páirtithe Eile*, mír 44. Níor bhain an cás sin ach leis an toirmeasc faoi Airteagal 5(d), ach tá léirmhíniú an cháis úsáideach d'Airteagal 5 (a) agus (b) freisin.
([45]) Féach *mutatis mutandis*, Cás C-131/24, *VIRUS agus Páirtithe Eile*, mír 45.
([46]) Féach, *mutatis mutandis*, Cás C-131/24, *VIRUS agus Páirtithe Eile*, mír 57.
([47]) Féach, *mutatis mutandis*, Cás C-131/24, *VIRUS agus Páirtithe Eile*, míreanna 50-53, ina dtagraíonn an Chúirt do phrionsabal na héifeachtachta.
([48]) Féach, *mutatis mutandis*, Cás C-131/24, *VIRUS agus Páirtithe Eile*, mír 57.
([49]) Féach, *mutatis mutandis*, Cás C-131/24, *VIRUS agus Páirtithe Eile*, míreanna 51 agus 57-58.
([50]) Cás C-784/23, *Voore Mets agus Lemeks Põlva*, mír 54.

rud é nach ndéantar aon tagairt leis na toirmisc sin ach oiread don ghá go mbeadh tionchar mór ag an díobháil ar phobal an speicis, nó faoi threoir chuspóirí na Treorach maidir le hÉin. Dhearbhaigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh nach gcuirfear impleachtaí gníomhaíochta ar leibhéal pobail speicis san áireamh ach a mhéid atá sé ábhartha chun measúnú a dhéanamh ar chomhréireacht an mhaolaithe atá á lorg de bhun Airteagal 9 ([51]) (féach Caibidil 4). Ar an taobh eile, an scrúdú ar thionchar ghníomhaíocht an duine ar leibhéal pobail na speiceas éan lena mbaineann, beidh sé ábhartha chun críocha Airteagal 5(d) ([52]).

5(a) marú nó gabháil d'aon chineál d'aon ghnó

38. Tá feidhm ag Airteagal 5(a) maidir le céimeanna uile saoil an speicis éan. Is léir sin toisc nach bhfuil aon choinníoll i bhfoclaíocht na forála sin.

39. Féadfar speicis áirithe, a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir, a mharú nó a ghabháil chun críche seilge, agus faoi réir na srianta a leagtar amach in Airteagal 7. De réir Airteagal 7, féadfar na speicis a liostaítear in Iarscríbhinn II a sheilg ar choinníoll nach ndéanfar an tseilg le linn an tséasúir tógála ná le linn chéimeanna éagsúla atáirgthe na speiceas sin agus nach gcuirfidh sí iarrachtaí caomhnúcháin i limistéar dáilte an speicis i mbaol. I gcás éin imirceacha a liostaítear in Iarscríbhinn II, cuimsítear leis an toirmeasc ar an tseilg an tréimhse a bhfilleann an speiceas ar a dtailte tógála lena linn. Soláthraítear soiléirithe ar na forálacha a bhaineann le seilg na speiceas a liostaítear in Iarscríbhinn II in *Guide to sustainable hunting under the Birds Directive* [Treoirleabhar maidir leis an tseilg inbhuanaithe faoin Treoir maidir le hÉin] ([53]).

5(b) A neadacha agus a n-uibheacha a scriosadh, nó damáiste a dhéanamh dóibh, d'aon ghnó nó na neadacha a bhaint d'aon ghnó

40. Is é is aidhm don chosaint neadacha ([54]) agus uibheacha atáirgeadh rathúil an speicis éan a áirithiú. Filleann speicis áirithe ar an nead chéanna gach bliain agus tógann speicis eile nead nua. Dá thoradh sin, dhearbhaigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh go gceanglaítear cosaint gan bhriseadh do neadacha le hAirteagal 5(b), agus luaigh sí go bhfuil "gá le cosaint gan bhriseadh do ghnáthóg éan ós rud é go mbaineann mórán speiceas athúsáid gach bliain as neadacha a tógadh sna blianta roimhe sin" ([55]). Mar sin féin, i gcás na speiceas nach mbaineann athúsáid as a neadacha ó bhliain go bliain de ghnáth, agus nach mbainfidh speicis eile athúsáid as a neadacha de ghnáth, ní bheidh sé riachtanach cosaint a sholáthar do na neadacha sin, nuair a thréigfear iad.

5(c) A n-uibheacha a thógáil as dúiche fhiáin agus na huibheacha sin a choinneáil fiú má tá siad folamh

41. Maidir le huibheacha éan sa dúiche fhiáin a thógáil, meastar gur bagairt nach beag ar a gcaomhnú é sin toisc go gcuireann sé isteach ar an timthriall nádúrtha pórúcháin, rud a chuireann cosc ar éin a sliocht a thógáil go rathúil. Is bagairt thar a bheith tromchúiseach é sin i gcás speicis neamhchoitianta agus speicis atá i mbaol nó speicis a mbíonn éileamh mór orthu sa gháinneáil aindleathach ar fhiadhúlra. I gcás pobail speiceas áirithe, amhail an fabhcún Saker (*Falco cherrug*), is é tógáil uibheacha ó neadacha is cúis le laghduithe móra atá tagtha ar an bpobal. Dá thoradh sin, an toirmeasc ar uibheacha a choimeád, fiú más uibheacha folmha iad, rannchuidíonn sé leis an éileamh ar thógáil, ar bhailiú agus ar thrádáil uibheacha a íoslaghdú. Chinn Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh nach mór feidhm a bheith ag an toirmeasc sin gan aon teorainn ama ach oiread, rud a fhágann nach mór cosaint gan bhriseadh a sholáthar d'uibheacha éan fiáin ([56]).

5(d) Cur isteach d'aon ghnó ar éin, go háirithe le linn na tréimhse pórúcháin agus tógála, a mhéid a bheadh tábhacht ag baint leis an gcur isteach sin ag féachaint do chuspóirí na Treorach

42. Toirmisctear an cur isteach ar éin le hAirteagal 5(d) i gcás ina mbeadh tábhacht ag baint leis an gcur isteach sin ó thaobh chuspóirí na dTreoracha maidir le hÉin a bhaint amach. Dá bhrí sin, sa bhreis ar an gcoinníoll maidir le "gníomh a dhéanamh d'aon ghnó", níl feidhm ag Airteagal 5(d) ach a mhéid "a bheadh éifeacht nach beag ag an gcur

([51]) Cás C-784/23, *Voore Mets agus Lemeks Põlva*, míreanna 54-56.
([52]) Cás C-131/24, *VIRUS agus Páirtithe Eile*, mír 43.
([53]) https://environment.ec.europa.eu/topics/nature-and-biodiversity/birds-directive/sustainable-hunting-under-birds-directive_ga.
([54]) Is éard is nead ann áit nó struchtúr toll a dhéanann nó a roghnaíonn éan chun a uibheacha a bhreith ann, agus a shliocht a ghoradh agus foscadh a thabhairt dó.
([55]) Cás C-252/85, *An Coimisiún v An Fhrainc*, mír 9.
([56]) Cás C-252/85, *An Coimisiún v An Fhrainc*, mír 9.

isteach ar an gcuspóir pobail na speiceas éan lena mbaineann a choimeád ar leibhéal sásúil nó iad a oiriúnú don leibhéal sin" ([57]). Cé go bhfuil feidhm ag an toirmeasc sin gan aon teorainn dhocht ó thaobh ama de, tá sé ábhartha go háirithe don chur isteach a dhéantar le linn na dtréimhsí pórúcháin agus tógála, ós rud é gurb iad sin na céimeanna is íogaire maidir le marthanas speiceas éan, agus, dá réir sin, maidir le cuspóirí na Treorach a bhaint amach.

43. Dheimhnigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh nach bhfuil feidhm ag an toirmeasc sin ach amháin maidir le cur isteach ag a bhfuil éifeacht nach beag ar phobail speiceas a choimeád ar leibhéal sásúil, agus nach bhfuil feidhm aige maidir le heiseamail de na speicis sin. Is é an t-aon chás amháin nach amhlaidh atá sé an cás ina "laghdaítear pobal speicis éan fiáin ar leith chomh mór sin ó thaobh uimhreacha de go ndéanfadh cur isteach ar eiseamail leithlisithe den speiceas sin caomhnú an speicis sin a chur i mbaol" ([58]).

44. Dá bhrí sin, ní mór do na húdaráis inniúla measúnú a dhéanamh go cúramach ar an leibhéal cur isteach is féidir a mheas mar chur isteach lena mbaineann tábhacht, agus saintréithe agus íogaireachtaí an speicis agus a riachtanais, agus na gníomhaíochtaí atá i gceist, á gcur san áireamh. Ní mór an toirmeasc faoi Airteagal 5(d) a chur i bhfeidhm ar bhealach níos déine i ndáil le speicis neamhchoitianta agus/nó leochaileacha agus maidir leo siúd a bhfuil stádas neamhfhabhrach acu, mar shampla. Le haghaidh speicis a bhfuil a bpobail os cionn leibhéal sásúil, d'fhéadfaí tuilleadh cur isteach orthu a cheadú.

45. I measc na dtosca atá le breithniú i ndáil leis an tábhacht a bhaineann le cur isteach a chinneadh, cuimsítear an fad (sealadach nó buan), an déine (scála, leibhéil torainn, méid an athraithe sa timpeallacht), an mhinicíocht, an dromchla agus an ghaireacht do na héin lena mbaineann. Dá bhrí sin, is gá éifeacht charnach an chur isteach a dhéanfar a chur san áireamh freisin, faoi threoir na ngníomhaíochtaí eile atá ag tarlú sa limistéar, chun a chinneadh go cruinn an mbaineann tábhacht leis an gcur isteach.

46. Mar a luaitear in Airteagal 5(d), baineann sé go mór le hábhar má chuirtear isteach orthu le linn na dtréimhsí pórúcháin agus tógála, ach ba cheart céimeanna íogaire eile den saol a d'fhéadfadh an marthanas a chur i mbaol (amhail cur isteach ar láithreacha tábhachtacha beathaithe agus caite geimhridh) a bheith ina n-ábhar imní freisin.

47. Agus measúnú á dhéanamh i dtaobh an mbaineann tábhacht le cur isteach faoi threoir an chuspóra maidir le pobail a choinneáil ar bun nó a athbhunú go leibhéal sásúil, is féidir aon bheart coisctheach a chur san áireamh (féach Roinn 3.3) lena gcuirtear chosc éifeachtach ar thionscadal nó ar ghníomhaíocht eile cur isteach ar éin nó lena laghdaítear an cur isteach sin sa mhéid nach bhfuil éifeachtaí móra aige ([59]). Ní ceadmhach é a dhéanamh "rídheacair" a chruthú nach mbeadh éifeachtaí móra ag cur isteach den sórt sin ar chuspóirí na Treorach ([60]).

5(e) Coinneáil éan de chuid na speiceas sin a bhfuil toirmeasc ar a seilg agus ar a ngabháil

48. Tá feidhm ag an toirmeasc sin maidir leis na céimeanna uile i saol eiseamail, bíodh sin beo nó marbh, agus maidir le haon chuid de. Níl feidhm aige maidir le speicis éan inseilgthe a liostaítear in Iarscríbhinn II (faoi réir na dteorainneacha a leagtar amach in Airteagal 7), ná maidir le héin nach gcumhdaítear leis an Treoir (féach roinn 2.1.) ná éin a ghabhtar go dleathach sa dúiche fhiáin ar bhealach eile faoi mhaolú dleathach de bhun Airteagal 9.

49. Ní mór a bheith in ann eiseamail ar coimeád a shainaithint trí úsáid a bhaint as córas clárúcháin oifigiúil atá i bhfeidhm ar an leibhéal náisiúnta. Is féidir é sin a áirithiú trí úsáid a bhaint as córas fáinniúcháin oifigiúil ([61]) nó, rud ab fhearr, trí thrasfhreagróirí micrishlise nó méarlorgaireacht DNA a úsáid toisc gur modhanna níos láidre iad sin. In aon chás, ar a laghad, fáinne coise cláraithe dúnta ina bhfuil an mhéid cheart agus nár bhain aon chrioscaíl dó, is é sin an riocht a léiríonn go raibh an t-éan i seilbh an phóraitheora ar feadh an chéad 10 lá de shaol an éin, rud a léiríonn gur dócha gur i mbraighdeanas a rugadh é.

([57]) Cás C-784//23, *Voore Mets agus Lemeks Põlva*, mír 62.
([58]) Cás C-131/24, *VIRUS agus Páirtithe Eile*, mír 41.
([59]) Cás C-131/24, *VIRUS agus Páirtithe Eile*, mír 44. Sa chás sin, bhain na bearta coisctheacha le tionscadal bóthair, ach bheadh feidhm ag an gcéanna maidir le gníomhaíochtaí eile.
([60]) Cás C-131/24, *VIRUS agus Páirtithe Eile*, mír 53.
([61]) Fáinne coise cláraithe dúnta ina bhfuil an mhéid cheart agus nach ndearnadh aon chrioscaíl air, is é sin an riocht íosta chun a chruthú go raibh éan i seilbh an phóraitheora le linn na chéad 10 lá de shaol an éin, rud a léiríonn gur dócha gur rugadh i mbraighdeanas é.

3.6. **Airteagal 5 a chur chun feidhme**

3.6.1. *An gá le creat reachtach iomlán éifeachtach*

50. Mar a mhínítear i gCaibidil 1, ní mór forálacha treorach a chur chun feidhme leis an mbrí cheangailteach doshéanta, an tsainiúlacht, an beachtas agus an tsoiléireacht is gá chun ceanglais na deimhneachta dlíthiúla a chomhlíonadh. Dá bhrí sin, ceanglaítear le hAirteagal 5 go nglacfar creat reachtach iomlán éifeachtach trí bhearta cosanta coincréiteacha sonracha a chur chun feidhme lena n-áiritheofar go gcomhlíonfar na toirmisc i ndáiríre ([62]). Ar an iomlán, ní mór do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar gníomhaíochtaí, lena n-áirítear gníomhaíochtaí athfhillteacha, i gcomhréir le forálacha cosanta speiceas, chun díobhálacha toirmiscthe a sheachaint go héifeachtach. Ba cheart rialacha agus cleachtais a fhorordaítear d'oibreoirí a bheith sa chóras ginearálta cosanta ach ba cheart feachtais múscailte feasachta, cur chun cinn agus, más gá, gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin a chuimsiú leis freisin. Is féidir é sin a bhaint amach le huirlisí éagsúla amhail ionstraimí pleanála, córais um thoiliú roimh ré, nó rialacha sonracha is infheidhme maidir le daoine aonair nó oibreoirí eacnamaíocha in earnálacha ar dócha go mbeidh tionchar acu ar speicis éan.

51. Ba cheart na bearta a shaincheapadh de réir shaolré an speicis áirithe, séasúr an phórúcháin, gnáthóga beathaithe, conairí imirce, fearainn scíthe nó neadúcháin á gcur san áireamh. I gcás inarb iomchuí, is féidir bearta a chur i bhfeidhm maidir le grúpaí speiceas atá i mbaol na mbagairtí céanna agus a bhfuil na saintréithe céanna acu. Ar bhonn Airteagal 2, d'fhéadfadh na cuspóirí maidir le caomhnú agus athbhunú speicis a bheith ina n-údar le bearta níos sonraí nó níos sriantaí, chun aon tionchar ó na gníomhaíochtaí a thoirmisctear faoi Airteagal 5 a eisiamh.

52. Ní mór do na húdaráis inniúla sna Ballstáit na toirmisc a chur in iúl go soiléir do na húsáideoirí talún agus mara lena mbaineann agus don phobal i gcoitinne, chomh maith leis an bhfaisnéis atá ar fáil faoi láithreacht an speicis, agus faoi na bearta cosanta atá ar fáil nó forordaithe. Tá an faireachán fíor-riachtanach chun éifeachtacht na mbeart a chinneadh. D'fhéadfaí rianú córais suite dhomhanda a chuimsiú leis sin, chomh maith le faireachas ar neadacha agus ar choilíneachtaí agus, i gcás gníomhaíochtaí áineasa, faireachas a dhéanann na heagraithe ar rannpháirtithe. Ba cheart do na húdaráis inniúla náisiúnta raon feidhme agus scála an fhaireacháin sin (amhail leibhéal dáileachta talún/láithreáin, leibhéal tírdhreacha, leibhéal réigiúnach) a shainiú chun a áirithiú go mbeidh forbhreathnú éifeachtach ar bhonn cás ar chás ann ar na himpleachtaí atá ag na bearta le haghaidh éan.

53. Fiú i gcás ina ndéanfar na bearta coisctheacha uile, ní féidir a ráthú go ndíothófar na rioscaí uile. Ba cheart do na Ballstáit córas a chur i bhfeidhm lena ndéantar measúnú ar éifeachtacht na mbeart coisctheach agus lena ndéantar athbhreithniú ar na bearta sin go tréimhsiúil, mar chuid den chóras ginearálta cosanta a cheanglaítear le hAirteagal 5.

54. Na bearta sin a dhéantar chun an Treoir maidir le hÉin a chur chun feidhme, ba cheart iad a chomhlánú le bearta breise cur chun feidhme nó spreagtha, amhail faisnéis spriocdhírithe faoi cheanglais maidir le cosaint. D'fhéadfaí a chuimsiú leis na bearta sin treoirlínte agus bróisiúir a dhearfar go sonrach don earnáil, múscailt feasachta i measc páirtithe leasmhara agus faireachán láidir ar láithreacht éan agus neadacha, agus leas á bhaint as ionchur ó eolaíocht na saoránach an tráth céanna.

55. I gcásanna sonracha agus i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha, is féidir maolú ar an gcóras ginearálta cosanta a dheonú (féach Caibidil 4).

56. Chun an gá le maolú a sheachaint agus, dá bhrí sin, an t-ualach riaracháin a laghdú, féadfaidh na Ballstáit bearta coisctheacha a dhéanamh chun a áirithiú go gcomhlíonfar ceanglais Airteagal 5 den Treoir. Cuirtear sainiúlachtaí earnálacha san áireamh leis na bearta coisctheacha sin, mar atá intuigthe as Airteagal 2 den Treoir, agus éascaítear an chomhlíontacht leo.

57. D'fhéadfadh sé go mbainfeadh bearta coisctheacha (mar a mhínítear i Roinn 3.3) le cineál, suíomh, dearadh agus uainiú gníomhaíochta nó tionscadail shonraigh. D'fhéadfadh baint a bheith ag na bearta sin le pleanáil, tógáil agus céimeanna oibríochta tionscadail nó gníomhaíochta. Mar shampla, bacainní cois bóthair a shuiteáil lena gcuirtear cosc ar éin eitilt nó imbhualadh faoi ghluaisteáin, nó teorainneacha luais níos ísle a shocrú ar mhótarbhealach nuair a bheidh sé tógtha, mura féidir féidearthacht na díobhála toirmiscthe a chur as an áireamh. Ní mór na bearta sin a bheith i bhfeidhm go hiomlán le linn ré iomlán an tionscadail nó na gníomhaíochta.

([62]) Cás C-441/17, *An Coimisiún v An Pholainn*, (Foraois Bioowieza), mír 252.

3.6.2. *Ceanglais Airteagal 5 a chomhtháthú i nósanna imeachta ceadaithe*

58. Ní cheanglaítear le hAirteagal 5 measúnuithe tionchair sonracha ná nósanna imeachta ceadaithe sonracha a dhéanamh chun an chomhlíontacht a bhaint amach. Ós rud é gur foráil laistigh de threoir é Airteagal 5, tá an tsolúbthacht ag na Ballstáit na modhanna is iomchuí a roghnú chun na ceanglais a chur chun feidhme, lena n-áirítear trína gcomhtháthú i nósanna imeachta ceadaithe nó comhshaoil atá ann cheana. Tá sé sin i gcomhréir le prionsabal neamhspleáchas nós imeachta na mBallstát ([63]).

59. I gcás gníomhaíocht nó tionscadal atá pleanáilte nó a bhfuil cead ag teastáil ina leith, amhail línte cumhachta a thógáil, feirmeacha gaoithe, mórbhealaí, mianaigh nó dobharshaothrú, mar shampla, is féidir leis na Ballstáit na bearta cosanta a chomhtháthú sna nósanna imeachta formheasa nó ceadaithe agus sna measúnuithe ar an tionchar ar an gcomhshaol a leagtar síos le hAirteagal 6(3) den Treoir maidir le Gnáthóga, nó sa Treoir maidir le Measúnú ar an Tionchar ar an gComhshaol ([64]) agus sa Treoir maidir le Measúnú Straitéiseach Timpeallachta ([65]), chun a áirithiú nach mbeidh gníomhaíochtaí a bhfuil cead ag teastáil ina leith díobhálach do speicis éan. Is féidir é sin a dhéanamh freisin le haghaidh gníomhaíochtaí athfhillteacha nó gníomhaíochtaí atá ar siúl faoi láthair, chun ceanglais maidir le cosaint speiceas a chur san áireamh agus a gceadanna á n-athnuachan.

60. Sa chomhthéacs sin, d'fhéadfaí measúnú a dhéanamh ar an dóchúlacht go ndéanfar díobháil a thoirmisctear faoi Airteagal 5 de dheasca na gníomhaíochta atá i gceist agus d'fhéadfaí an dóchúlacht sin a theorannú trí phróisis chinnteoireachta atá ann cheana. Chuige sin, measúnuithe ar an tionchar ar an gcomhshaol nó cinntí maidir le scagadh a dhéantar de bhua na Treorach maidir le Measúnú ar an Tionchar ar an gComhshaol, is féidir leo creat úsáideach a sholáthar chun rioscaí do speicis éan a shainaithint. Mar shampla, cuireann Airteagal 3(1)(b) den Treoir maidir le Measúnú ar an Tionchar ar an gComhshaol de cheangal ar na Ballstáit éifeachtaí móra díreacha agus indíreacha tionscadail ar an mbithéagsúlacht, i measc comhpháirteanna eile den chomhshaol, a shainaithint, tuairisc a thabhairt orthu agus measúnú a dhéanamh orthu, agus aird ar leith á tabhairt ar speicis atá faoi chosaint faoin Treoir maidir le hÉin. Is féidir úsáid a bhaint as an tuairisc sin ar na héifeachtaí is dócha a bheidh ann chun a chinneadh an gá bearta coisctheacha a chur i bhfeidhm agus chun an tionscadal atá i gceist a oiriúnú chun na toirmisc faoi Airteagal 5 a chomhlíonadh. Ar an gcaoi chéanna, d'fhéadfaí cur i bhfeidhm an mheasúnaithe straitéisigh comhshaoil maidir le pleananna (e.g. pleananna bainistíochta foraoise) a úsáid chun bearta coisctheacha ábhartha a shainaithint agus chun a áirithiú go gcomhlíonfar ceanglais Airteagal 5.

61. Nuair is dócha go mbeidh éifeacht mhór ag plean nó ag tionscadal ar láithreáin Natura 2000, ar bhonn aonair nó in éineacht le pleananna nó tionscadail eile, ba cheart é a bheith faoi réir measúnú iomchuí faoi Airteagal 6(3) den Treoir maidir le Gnáthóga (féach Caibidil 1 chun mionsonraí a fháil maidir le creat ginearálta na Treorach maidir le hÉin). Ciallaíonn sé sin gur féidir an measúnú ar an díobháil a d'fhéadfaí a dhéanamh d'éin a chuimsiú ina chuid de na measúnuithe ar cuid iad de na próisis chinnteoireachta ar leibhéil éagsúla i mBallstát. Fágann sé sin gur féidir na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag tionscadal ar speicis éan a shainaithint i gceart agus go pras chun a áirithiú go gcomhlíonfar forálacha Airteagal 5 den Treoir maidir le hÉin sula ndéanfar an tionscadal.

62. Tá measúnuithe tionchair ar speicis comhtháite ag Ballstáit áirithe i nósanna imeachta ceadaithe atá ann cheana ([66]), lena n-áirítear chun an t-ualach riaracháin a laghdú. Tá nósanna imeachta sonracha tugtha isteach ag Ballstáit eile chun ceanglais Airteagal 5 a chomhlíonadh i gcásanna nach mbeidh feidhm ag na measúnuithe comhshaoil thuasluaite. Is féidir bearta caighdeánacha coisc a eisiúint i reachtaíocht earnála freisin maidir le gníomhaíochtaí arb eol gurb é is toradh orthu go marófar nó gcuirfear isteach go mór ar éin, treoirlínte nó caighdeáin earnála a eisiúint, nó srianta séasúracha ar ghníomhaíochtaí áirithe a eisiúint. Nuair a bheidh an cur chuige is fearr á roghnú chun ceanglais Airteagal 5 a chur chun feidhme, ba cheart do na Ballstáit an t-ualach riaracháin a d'fhéadfadh a bheith ann a bhreithniú freisin.

([63]) Féach Cás C-131/24, *VIRUS agus Páirtithe Eile*, míreanna 50-53.

([64]) Treoir 2011/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí tionscadal poiblí agus príobháideach áirithe ar an gcomhshaol (IO L 26, 28.1.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2011/92/oj), arna leasú le Treoir 2014/52/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014. Féach freisin an Treoraíocht maidir le léirmhíniú na sainmhínithe ar chatagóirí tionscadail in Iarscríbhinní I agus II a ghabhann leis an Treoir maidir le Measúnú ar an Tionchar ar an gComhshaol (https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/e7f9c73c-86ba-11ef-a67d-01aa75ed71a1/language-ga?).

([65]) Treoir 2001/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meitheamh 2001 maidir le measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí pleananna agus clár áirithe ar an gcomhshaol (IO L 197, 21.7.2001, lch. 30, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2001/42/oj).

([66]) Sa Fhrainc, tá an measúnú tionchair ar thionscadal maidir le speicis comhchosúil leis an nós imeachta faoi Airteagal 6(3) den Treoir maidir le Gnáthóga le haghaidh láithreáin Natura 2000. Aon tionscadal ar dócha go mbeidh éifeachtaí móra ar éin aige, tá sé faoi réir measúnú iomchuí ar a impleachtaí don chaomhnú éan. Má dhéantar difear nach beag don speiceas leis an tionscadal, baineann an t-údarás úsáid as maoluithe.

3.6.3. *Samplaí de ghníomhaíochtaí ar féidir leo teacht faoi raon feidhme Airteagal 5 agus de bhearta coisctheacha a d'fhéadfaí a úsáid*

Bóithre agus iarnród

63. D'fhéadfadh tionchar a bheith ag trácht ar bhóithre nó ag trácht iarnróid ar speicis éan toisc go bhféadfadh imbhualadh tarlú idir éin agus feithiclí agus bonneagar iompair nó d'fhéadfadh torann tráchta cur isteach go mór orthu ([67]). Tá na húdaráis inniúla náisiúnta freagrach as bearta a dhéanamh is gá chun díobháil thoirmiscthe a chosc i ndáil le tógáil agus oibriú an bhonneagair iompair. D'fhéadfaí a chuimsiú leis na bearta ábhartha teorainneacha buana nó sealadacha luais a shocrú, an bóthar a dhúnadh le linn tréimhsí áirithe, scáileáin frith-imbhuailte a shuiteáil arb éard atá iontu bacainní trédhearcacha fuaime ar a bhfuil na líníochtaí nó na haistreoga céanna d'éin chreiche arís agus arís eile agus struchtúir ábhartha eile a shuiteáil, mar shampla chun truailliú ón rith chun srutha a sheachaint nó chun cineálacha eile cur isteach a sheachaint.

Fuinneamh

64. An táirgeadh fuinnimh agus an bonneagar fuinnimh, go háirithe táirgeadh agus bonneagar atá bunaithe ar bhreoslaí iontaise, d'fhéadfadh tionchar mór diúltach a bheith acu ar speicis éan. I bhfianaise na héifeachta carnaí ar an aeráid go háirithe, maraítear os cionn 30 uair níos mó éan mar gheall ar astaíochtaí ó ghléasraí cumhachta breosla iontaise ná an líon a mharaítear de dheasca feirmeacha gaoithe, in aghaidh GWh a tháirgtear ([68]). D'fhéadfaí difear a dhéanamh d'éin nuair a bhuaileann siad stoic simléir ag stáisiúin chumhachta breosla iontaise, tuirbíní gaoithe, struchtúir fuarúcháin gléasraí cumhachta núicléiche agus línte tarchuir agus dáileacháin. Dá bhrí sin, ní mór bearta coisctheacha iomchuí a chomhtháthú le linn a bpleanála agus le haghaidh tionscadail aonair.

65. Is le fuinneamh gaoithe a tháirgtear an sciar is mó den fhuinnimh in-athnuaite a tháirgtear san Aontas, rud a rannchuidíonn leis an gcomhrac in aghaidh an athraithe aeráide, arb é an phríomhchúis le cailliúint na bithéagsúlachta. Mar sin féin, d'fhéadfadh tionchar diúltach a bheith ag feirmeacha gaoithe ar phobail éan. Cé gurb iad tuirbíní gaoithe atá freagrach as níos lú ná 0,1 % de bhásanna éan de dheasca an duine – i bhfad níos lú ná gléasraí traidisiúnta fuinnimh nó ilstóraigh ([69]) – mar gheall ar ábharthacht na dtuirbíní gaoithe, rinneadh an-chuid staidéir ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith acu laistigh agus lasmuigh den Aontas. Is iomaí treoirdhoiciméad náisiúnta atá ann maidir le tionchair agus bearta maolaithe a d'fhéadfadh a bheith ann chomh maith leis an treoraíocht ón gCoimisiún dar teideal "Forbairtí fuinnimh gaoithe agus reachtaíocht an Aontais maidir leis an dúlra" ([70]).

66. Ceann de na príomhrioscaí a bhaineann le tuirbíní gaoithe is ea imbhualadh éan faoi lanna tuirbíní. Tá gá le cur chuige ordlathach agus bearta maolaithe á meas. Ar an gcéad dul síos, ba cheart bearta a mheas arb é is aidhm dóibh na tionchair a sheachaint, amhail cosc a chur ar thionchair mhóra a bheith ann ar an gcéad dul síos, ag tosú le láithreán le haghaidh na bhfeirmeacha gaoithe a roghnú go straitéiseach chun bealaí imirce, limistéir phórúcháin agus sealgaireachta a sheachaint. I gcás nach féidir é sin a dhéanamh, ba cheart bearta a chur chun feidhme arb é is aidhm dóibh na tionchair a laghdú.

Cás-staidéar 1: An léarscáil maidir le híogaireacht i leith feirmeacha gaoithe i gcás -éan agus ialtóg i bhFlóndras

Forbraíodh léarscáil chomhcheangailte íogaireachta i bhFlóndras arb é is aidhm di limistéir a léiriú ina bhféadfadh láithreánú tuirbíní gaoithe riosca a chruthú d'éin nó d'ialtóga. Tá sé beartaithe léi bonn eolais a chur faoi mheasúnuithe breise ar leibhéal an láithreáin agus leis an bpleanáil straitéiseach agus na measúnuithe agus an phleanáil a threorú. Is sampla é de léarscáil íogaireachta ilspeiceas agus léirítear léi conas is féidir measúnú a dhéanamh in aon uirlis amháin ar ghrúpaí nach bhfuil comhchosúil le chéile. Aicmítear an réigiún de réir ceithre chatagóir: ardriosca, meánriosca agus riosca féideartha, chomh maith le riosca íseal/gan sonraí ann ina leith. Cé go mbaineann gnéithe den léarscáil go sainiúil le Flóndras, d'fhéadfaí na prionsabail a chur i bhfeidhm go héasca in áiteanna eile.

([67]) I gCás C-131/24, *VIRUS agus Páirtithe Eile*, mír 39, dheimhnigh an Chúirt gur féidir le tionscadail tógála bóthair teacht faoi raon feidhme Airteagal 5(d), fiú i gcás nárbh é díobháil d'éin cuspóir na gníomhaíochta sin.

([68]) Cúig rud ba cheart a bheith ar eolas agat faoi fhuinneamh gaoithe – An Coimisiún Eorpach.

([69]) Cúig rud ba cheart a bheith ar eolas agat faoi fhuinneamh gaoithe – An Coimisiún Eorpach.

([70]) https://op.europa.eu/ga/publication-detail/-/publication/2b08de80-5ad4-11eb-b59f-01aa75ed71a1/language-ga.

Cuimsítear leis an ionstraim léarscáil leochaileachta d'éin atá bunaithe ar chóras faisnéise geografaí, atá comhdhéanta de naoi léarscáil théamacha (e.g. limistéir sealgaireachta agus scíthe le haghaidh éin fhiáine nach éin phórúcháin iad, bealaí imirce séasúracha) agus léarscáil lena dtuartar gnáthóga. Is fearr scrúdú a dhéanamh ar na sraitheanna sin ar bhonn aonair ach is féidir sraitheanna a fhorleagan ar a chéile freisin chun forbhreathnú a thabhairt ar na híogaireachtaí uile a d'fhéadfadh a bheith ann. Taispeántar na sraitheanna cruachta (mar léarscáil sintéise) agus catagóirí íogaireachta léirithe mar ardriosca (3), meánriosca (2) agus riosca féideartha (1), chomh maith le riosca íseal/gan sonraí ann ina leith (0). Is féidir breathnú go mion ar an léarscáil sin i bhfeidhmchlár gréasáin a sholáthraíonn léarscáileanna tábhachtacha eile freisin, amhail anaclanna dúlra faoi chosaint, limistéir Natura 2000, etc.

Is minic a úsáidtear na léarscáileanna íogaireachta agus na treoirlínte a ghabhann leo i gcinntí maidir le láithreánú i bhFlóndras. Úsáideann forbróirí tionscadail agus comhairleachtaí iad ar mhaithe leis an bpleanáil straitéiseach agus mar "thúsphointe" chun measúnuithe tionscadail níos mionsonraithe a dhéanamh ar leibhéal an láithreáin. Cuireann na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha i bhfeidhm iad chun na críche céanna agus chun a sheiceáil ar chuir forbróirí tionscadail agus comhairleachtaí an fhaisnéis a bhí ar fáil san áireamh go cuí. Ní mór a chur i dtábhacht, i gcás limistéir ardriosca, gur cheart measúnú áitiúil níos mionsonraithe a dhéanamh.

An feidhmchlár gréasáin: https://geo.inbo.be/windturbines/index.html

Tuilleadh faisnéise:

Atlas Riosca Fhlóndras maidir le hÉin/Ialtóga – Tuirbíní Gaoithe, https://www.vlaanderen.be/inbo/en-gb/data-applications/de-vlaamse-risicoatlas-vogelsvleermuizen-windturbines/

67. Tar éis rioscaí a sheachaint, is féidir coigeartú sealadach ar éileamh a úsáid mar straitéis thábhachtach um maolú chun imbhuailtí éan faoi thuirbíní gaoithe a laghdú, go háirithe feadh bealaí eitilte móra imirce. D'fhéadfaí a chuimsiú leis sin coigeartuithe sealadacha ar an oibríocht agus patrúin shéasúracha agus laethúla iompraíochta speiceas á gcur san áireamh, amhail lanna tuirbíní a stopadh go sealadach nuair a bhraitear go bhfuil éin gar do thuirbíní gaoithe. Is ar bhreathnóirí daonna a bhí an coigeartú sin ag brath ar dtús, agus tá an coigeartú sealadach ar éileamh á uathoibriú níos mó anois, agus úsáid á baint as radar, ceamaraí, tarchuradóirí GPS, geofhálú, agus intleacht shaorga chun gluaiseachtaí éan a rianú i bhfíor-am. I gcórais áirithe, tugtar le chéile an brath a dhéanann an duine agus an brath a dhéanann, agus is iad na hoibreoirí a dhéanann an cinneadh deiridh maidir le múchadh.

68. Má mheastar nach bhfuil bearta seachanta iomchuí ná comhréireach, ba cheart breithniú a dhéanamh ar bhearta chun an tionchar a laghdú. Féadfar a chuimsiú leo sin bearta maidir le dearadh an tionscadail sa chaoi go mbeifear in ann déine na dtionchar a laghdú (mar shampla is féidir an riosca imbhuailte a laghdú ach feistí díspreagthacha amhairc a chur ar thuirbíní gaoithe chun a n-infheictheacht d'éin a mhéadú, is féidir feistí fuaimchiaptha a úsáid le linn chéimeanna tógála agus oibriúcháin tionscadal amach ón gcósta chun torann faoi uisce a laghdú).

Cás-staidéar 2: Múchadh radarchúnta ar éileamh, Feirm Ghaoithe Barão de São João, an Phortaingéil

Tá Feirm Ghaoithe 50 meigeavata Barão São João de chuid E.ON lonnaithe ar bhealach eitilte imirce, agus cuireadh prótacal um múchadh radarchúnta ar éileamh i bhfeidhm ar an bhfeirm bunaithe ar thacar réamhshainithe critéar. Úsáideadh foireann faireacháin a d'fhair ar ghníomhaíocht eitilte na n-éan imirceach ó ionaid amhairc chun faireachán a dhéanamh. Sholáthair sonraí radair fíor-ama cáilíocht faisnéise níos fearr do chomhordaitheoir na foirne faireacháin ar ar a bonn arbh fhéidir leis múchadh na feirme gaoithe a thionscnamh.

Le himeacht ama, bhí tionchar dearfach ag taithí na foirne faireacháin ar éifeachtacht chur chuige an phrótacail um múchadh radarchúnta ar éileamh: tháinig laghdú 91 % ar an meán-am a tógadh chun múchadh a dhéanamh tar éis d'ordú a bheith tugtha agus tháinig laghdú 86 % ar na meánuaireanta coibhéiseacha bliantúla múchta idir 2010 agus 2014. D'fhéadfaí bac dúisithe a chur i bhfeidhm ar lanna tuirbíní laistigh de thart ar 15 shoicind tar éis múchadh a thionscnamh, trí chóras "rialaithe maoirseachta agus gafa sonraí" a úsáid chun rochtain fíor-ama a sholáthar ar thuirbíní gaoithe agus ar fheirmeacha gaoithe aonair agus bainistiú fíor-ama a dhéanamh orthu

Ina theannta sin, atosaíodh tuirbíní arís gan cumarsáid bhreise leis an bhfoireann oibríochtúil a bheith ag teastáil. Níor taifeadadh aon chás inar imbhuail éin imirceacha ar foluain faoi na tuirbíní agus an prótacal um múchadh á chur i bhfeidhm. Faoi bhliain deiridh an staidéir 5 bliana, chomhfhreagair an tréimhse choibhéiseach iomlán múchta do 0,2 % den tréimhse choibhéiseach bhliantúil a bhí ar fáil, agus ba dhiomaibhseach an méid fuinnimh a cailleadh i gcás níos mó ná 40 % de na tréimhsí coibhéiseacha múchta de bhua luasanna ísle gaoithe.

69. Maidir le gléasraí fuinnimh in-athnuaite a shuiteáil, saoráidí stórála fuinnimh a chomhshuí agus na gléasraí agus an stóráil sin a nascadh leis an eangach, tugadh isteach le Treoir (AE) 2023/2413 (an Treoir athbhreithnithe maidir le Fuinneamh In-athnuaite) ([71]) forálacha ábhartha chun bearta maolaithe a chur i bhfeidhm laistigh de na "limistéir luathaithe fuinnimh in-athnuaite" (Airteagal 15c den Treoir athbhreithnithe maidir le Fuinneamh In-athnuaite), de na "limistéir bonneagair thiomnaithe" (Airteagal 15e den Treoir athbhreithnithe maidir le Fuinneamh In-athnuaite), agus le haghaidh tionscadail fuinnimh in-athnuaite lasmuigh de na limistéir sin (Airteagal 16b den Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite).

70. Foráiltear le hAirteagal 15c(1)(b) den Treoir athbhreithnithe maidir le Fuinneamh In-athnuaite go leagfar síos rialacha iomchuí maidir le bearta maolaithe éifeachtacha agus pleananna um limistéir luathaithe fuinnimh in-athnuaite á dtarraingt suas. Foráiltear leis nach mór do na Ballstáit, i gcás inarb iomchuí, a áirithiú go gcuirfear bearta maolaithe iomchuí i bhfeidhm ar bhealach comhréireach tráthúil, chun a áirithiú go gcomhlíonfar Airteagal 5 den Treoir maidir le hÉin, i measc nithe eile. Cuimsítear foráil chomhchosúil le hAirteagal 15e(2) den Treoir athbhreithnithe maidir le Fuinneamh In-athnuaite i dtaobh pleananna um limistéir thiomnaithe bonneagair a fhorbairt le haghaidh bonneagar eangaí agus stórála is gá chun fuinneamh in-athnuaite a chomhtháthú sa chóras leictreachais. Forbraíodh treoraíocht ([72]) agus staidéar sonrach ([73]) maidir le limistéir luathaithe fuinnimh in-athnuaite a ainmniú agus treoraíocht ([74]) maidir le limistéir thiomnaithe bonneagair a bhunú, lena n-áirítear maidir le bearta maolaithe a úsáid.

71. Ciallaíonn cáilitheoir "beart maolaithe iomchuí" gur cheart bearta maolaithe a bheith leormhaith agus éifeachtach chun a áirithiú go gcomhlíonfar Airteagal 5 den Treoir maidir le hÉin (mar shampla marú éan agus cur isteach mór ar éin a sheachaint), ach ba cheart na bearta a bheith comhréireach an tráth céanna. Mar shampla, má chruthaítear gur leormhaith feistí díspreagthacha amhairc agus fuaimchiaptha a úsáid chun imbhualadh éan faoi thuirbíní gaoithe i bhfeirm ghaoithe shonrach a sheachaint, níor ghá beart maolaithe eile a úsáid amhail ciorrú sealadach na hoibríochta agus éin ina cóngar.

72. Sonraítear in Airteagal 16b(2) den Treoir athbhreithnithe maidir le Fuinneamh In-athnuaite (AE) 2023/2413, i gcás tionscadail atá lonnaithe lasmuigh de na limistéir luathaithe fuinnimh in-athnuaite "i gcás ina bhfuil na bearta maolaithe is gá glactha ag tionscadal sonrach fuinnimh in-athnuaite, ní mheasfar gur gníomhaíochtaí d'aon ghnó iad aon mharú nó cur isteach ar speiceas atá faoi chosaint faoi Airteagal 12(1) de Threoir 92/43/CEE agus Airteagal 5 de Threoir 2009/147/CE". Soiléirítear thairis sin in Aithris 37 den Treoir athbhreithnithe maidir le Fuinneamh In-athnuaite nár cheart aon mharú ná cur isteach mór den sórt sin a mheas mar mharú nó cur isteach d'aon ghnó má dhéantar foráil le tionscadal chun gléasraí fuinnimh in-athnuaite a thógáil agus a oibriú [rud a thagann faoi raon feidhme na Treorach maidir le Fuinneamh In-athnuaite] maidir le bearta maolaithe iomchuí chun marú den sórt sin a sheachaint, chun cur isteach a chosc, chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeart sin trí fhaireachán iomchuí agus, i bhfianaise na faisnéise a bhailítear, chun bearta breise a dhéanamh de réir mar is gá chun a áirithiú nach mbeidh aon drochthioncher mór ann ar phobal na speiceas lena mbaineann. Cé nach ndéantar idirdhealú in aithris 37 idir tionscadail atá lonnaithe laistigh de na limistéir luathaithe fuinnimh in-athnuaite agus lasmuigh díobh, tugtar le tuiscint go mbeadh soiléiriú den sórt sin infheidhme sa dá chomhthéacs ([75]).

73. A mhéid a bhaineann le bearta nua maolaithe a úsáid (nach bhfuil tástáil fhorleathan déanta ar a n-éifeachtacht), ceadaítear le hAirteagal 15c(1) agus Airteagal 16b(2) den Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite iad a úsáid i dtionscadail phíolótacha, le haghaidh gléasraí fuinnimh in-athnuaite atá lonnaithe laistigh de limistéir luathaithe fuinnimh in-athnuaite agus lasmuigh díobh, ar choinníoll go ndéanfar faireachán ar éifeachtacht na mbeart agus go ndéanfar bearta ceartaitheacha láithreach má léirítear nach bhfuil siad éifeachtach.

74. Mar sin féin, ní mór a áirithiú go ndéanfar faireachán ar éifeachtacht na mbeart sin. I bhfianaise na faisnéise a bhaileofar, beidh sé riachtanach bearta breise a dhéanamh de réir mar is gá mura mbíonn siad éifeachtach.

([71]) Treoir (AE) 2023/2413 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Deireadh Fómhair 2023 lena leasaítear Treoir (AE) 2018/2001, Rialachán (AE) 2018/1999 agus Treoir 98/70/CE a mhéid a bhaineann le fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn, agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle (IO L, 2023/2413, 31.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2023/2413/oj).

([72]) https://energy.ec.europa.eu/publications/guidance-designating-renewables-acceleration-areas_ga.

([73]) https://op.europa.eu/ga/publication-detail/-/publication/354ebc7c-496d-11ef-acbc-01aa75ed71a1/language-en?WT.mc_id=Searchresult&WT.

([74]) https://commission.europa.eu/document/download/76fa5c90-909c-4bda-b655-edf564f5542e_en?filename=C_2025_4012_1_GA_annexe_acte_autonome_cp_part1_v2.pdf.

([75]) Tugtar aghaidh go sainráite in Airteagal 16b(2) de Threoir 2023/2413 ar thionscadail atá lonnaithe lasmuigh de limistéir luathaithe fuinnimh in-athnuaite. I bhfianaise an mhéid sin, níor cheart tionscadail atá lonnaithe laistigh de limistéir luathaithe fuinnimh in-athnuaite – a thairbhíonn de nósanna imeachta ceadaithe simplithe – a bheith faoi réir rialacha cosanta speiceas atá níos déine ná na rialacha is infheidhme lasmuigh de limistéir luathaithe fuinnimh in-athnuaite.

Saoráidí tarchuir agus dáileacháin leictreachais

75. D'fhéadfadh roinnt rioscaí móra d'éin a bheith i gceist le línte cumhachta, trí imbhualadh agus leictreamharú go príomha.

76. Tá línte tarchuir agus dáileacháin araon ina n-údar imbhuailte agus tarlaíonn sé nuair nach n-éiríonn le héin, go háirithe speicis níos mó amhail éin chreiche nó éin uisce, sreanga ina gconair eitilte a bhrath, rud a fhágann go ngortaítear iad nó go maraítear bhfaigheann siad bás. Baineann fadhbanna ar leith leis sin i limistéir ina dtrasnaíonn línte cumhachta bealaí imirce, bogaigh, nó tírdhreacha oscailte ina mbraitheann éin ar leideanna amhairc le haghaidh na haerloingseoireachta. Tá speicis áirithe níos leochailí mar gheall ar a n-iompraíocht eitilte, ar a méid, nó mar gheall ar sho-ionramháilteacht theoranta.

77. Is bagairt mhór eile é an leictreamharú a bhaineann le línte cumhachta meánvoltais agus ísealvoltais. Baineann sé go háirithe le héin níos mó a shuíonn ar chuaillí nó ar thras-seoltóirí, a theagmhaíonn leis na seoltóirí déphasacha nó le seoltóir amháin agus le gaireas talmhaithe an t-am céanna, go háirithe agus na cleití fliuch, agus a iomlánaíonn ciorcad leictreach dá réir sin. Is do na héin chreiche, na stoirc agus na héin mhóra eile is mó a dhéantar difear, agus is minic a bhíonn an mhortlaíocht ard i limistéir nach bhfuil dearadh na gcuaillí leormhaith iontu nó nach bhfuil an spásáil idir seoltóirí leordhóthanach iontu. I measc na ngrúpaí speiceas a ndéanann leictreamharú difear go fíormhinic dóibh tá Ciconiiformes, Falconiformes, Accipitriformes Strigiformes agus Passeriformes ([76]).

78. Chomh maith le básanna de dheasca línte cumhachta go díreach, d'fhéadfadh éifeachtaí tánaisteacha éiceolaíocha a bheith ann dá mbarr freisin, amhail laghdú ar phobail, athruithe ar chomhdhéanamh speiceas, agus leochaileacht mhéadaithe i leith creachadóirí. Tá bearta maolaithe amhail atreodóirí éan, seoltóirí inslithe, agus ródú straitéiseach línte fíor-riachtanach chun na tionchair sin a laghdú, ach tá pleanáil agus faireachán cúramach ríthábhachtach fós chun cothromaíocht a bhaint amach idir forbairt bonneagair fuinnimh agus an caomhnú éan. Ina theannta sin, is féidir le línte ardteannais gnáthóga a ilroinnt agus bacainní a chruthú, rud a athraíonn patrúin gluaiseachta éan agus a d'fhéadfadh laghdú a dhéanamh ar an rochtain ar limistéir chriticiúla bheathaithe nó phórúcháin.

79. Tá treoirdhoiciméad sonrach forbartha ag an gCoimisiún maidir leis an ábhar chun cuidiú leis na Ballstáit, le páirtithe leasmhara agus le hoibreoirí gnólachta aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna i gcomhréir le forálacha reachtaíocht an Aontais maidir leis an dúlra ([77]). Forbraíodh treoraíocht chomhchosúil leis in áiteanna eile freisin ([78]).

Cás-staidéar 3: An Tionscadal *SafeLines4Birds*

Is tionscadal é seo a mhairfidh ar feadh 6 bliana, atá cómhaoinithe ag Clár LIFE an Aontais agus arb é is aidhm dó mortlaíocht neamhnádúrtha éan de dheasca línte cumhachta sa Fhrainc, sa Bheilg agus sa Phortaingéil a laghdú. Tá na hidirghníomhaíochtaí sin – imbhuailtí, leictreamharuithe, agus cur isteach le linn an phórúcháin, ina mbagairtí móra ar speicis éagsúla éan, lena n-áirítear an Bultúr Uan, an Bultúr Luaithriúil, agus an Bustard Beag. Díríonn an tionscadal ar 13 speiceas atá an-leochaileach mar gheall ar a méid, a n-iompar agus a ndáileadh.

Oibríonn cuibhreannas ilghnéitheach de 15 chomhpháirtí i gcomhar le haghaidh an tionscadail seo, lena n-áirítear oibreoirí córais tarchuir, oibreoirí córais dáileacháin, eagraíochtaí neamhrialtasacha comhshaoil, agus saineolaithe eolaíocha ón bhFrainc, ón mBeilg, ón bPortaingéil, ón nGearmáin agus ó na Stáit Aontaithe. Is sampla é SafeLines4Birds, a thionscain Coiste Náisiúnta na Fraince um Fhána Éanúil, de chomhordú annamh éifeachtach idir eagraíochtaí cosanta dúlra agus oibreoirí eangaí. Leis an gcomhar sin, éascaítear gníomhaíochtaí spriocdhírithe comhordaithe chun tionchar na línte cumhachta ar éin a mhaolú.

([76]) https://www.sciencedirect.com/science/article/abs/pii/S0006320797001766.

([77]) https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/HTML/?uri=CELEX:52018XC0618(02)

([78]) Coinbhinsiún Bheirn maidir le Caomhnú Fhiadhúlra agus Ghnáthóga Nádúrtha na hEorpa, 2004. Moladh Uimh. 110 maidir le héifeachtaí díobhálacha saoráidí tarchuir leictreachais os cionn talún (línte cumhachta) ar éin a íoslaghdú; *https://wcd.coe.int/ViewDoc.jsp?id=847305&Site=COE*; Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Caomhnú na Speiceas Imirceach Ainmhithe Fiáine (CSI), 2002. Rún 7.4 maidir le Leictreamharú Éan Imirceach *http://www.cms.int/sites/default/files/document/RES_7_04_Electrocution_0_0.pdf*.

Baintear leas as cur chuige ilghnéitheach sa tionscadal chun aghaidh a thabhairt ar mhortlaíocht éan. Is é an rud is tábhachtaí mapáil íogaireachta a fhorbairt agus na limistéir is criticiúla a shainaithint agus bearta iarfheistiúcháin a úsáid ansin nó cuidiú le pleanáil na heangaí sa todhchaí. I measc na bpríomhbheart maolaithe a chuirfear chun feidhme leis an tionscadal tá 3 880 gaireas frith-imbhuailte a shuiteáil ag láithreáin ardriosca. Déanfar tástáil sa tionscadal ar réitigh nuálacha freisin amhail an Córas Seachanta Imbhuailte Éan, lena n-úsáidtear solas ultraivialait chun infheictheacht sreang istoíche a fheabhsú, agus bearta chun feidhme chun an leictreamharú a chosc. Ina theannta sin, tá sé d'aidhm ag *SafeLines4Birds* laghdú a dhéanamh ar an gcur isteach le linn shéasúr an phórúcháin agus feabhas a chur ar an eolas agus é a chomhroinnt ar fud na hEorpa. Is é an sprioc fhadtéarmach atá ann inmharthanacht na spriocspeiceas éan a áirithiú trína n-idirghníomhaíochtaí le línte cumhachta a íoslaghdú.

Tuilleadh faisnéise:

https://www.safelines4birds.eu/

Bosca 1: Comhdháil Wingspan

Reáchtáladh an chomhdháil "Wingspan 2024: Partnerships for a bird-friendly energy transition" sa Bhruiséil in 2024 agus ba é an chéad uair a reáchtáladh comhdháil Wingspan, ar comhdháil í a reáchtálfar gach 2 bhliain ar mhaithe le haistriú fuinnimh dúlra-dearfach.

Sa chomhdháil in 2024 cuireadh comhpháirtíochtaí i láthair a bhí ar bun idir oibreoirí eangaí leictreachais, forbróirí agus oibreoirí foinsí fuinnimh in-athnuaite, agus an tsochaí shibhialta ar son an chomhshaoil – agus cothaíodh timpeallacht chun comhpháirtíochtaí nua a chruthú. Ba í an chéad cheann i sraith comhdhálacha débhliantúla le haghaidh caomhantóirí, eolaithe, oibreoirí eangaí, forbróirí foinsí fuinnimh in-athnuaite agus ionadaithe rialtais chun straitéisí agus réitigh a chomhroinnt ar mhaithe le haistriú fuinnimh dúlra-dearfach. Le topaicí a ceapadh le haghaidh spriocghrúpa idirnáisiúnta, cumhdaíodh eolas eolaíoch a tháinig chun cinn le déanaí, straitéisí úrscothacha caomhnúcháin, agus nuálaíochtaí teicneolaíochta lena gcuimsítear an dúlra.

D'fhreastail 320 duine ar an gcomhdháil, idir lucht freastail ar líne agus iad siúd a bhí i láthair go pearsanta, agus tugadh raon leathan páirtithe leasmhara le chéile leis an imeacht – oibreoirí eangaí, eagraíochtaí neamhrialtasacha, forbróirí foinsí fuinnimh in-athnuaite, acadóirí, agus údaráis – as gach cearn den domhan chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarghá atá le haistriú fuinnimh atá neamhdhíobhálach don dúlra. Bhí díospóireachtaí géarchúiseacha painéil ina gcuid den chomhdháil, chomh maith le cuir i láthair eolaíocha, ceardlann, seisiún póstaeir, agus aonach lenar cuireadh gairis cosanta éan i láthair a úsáidtear feadh línte cumhachta agus ar bhonneagar fuinnimh gaoithe.

Tá ábhair uile na comhdhála ar fáil anseo: https://wingspan-conference.eu/wingspan-2024/

An Leabhar achoimre: https://acrobat.adobe.com/id/urn:aaid:sc:EU:ccde2a24-f6a9-4347-bfd1-43daa5280358

An tionscal eastóscach

80. Mar gheall ar a bhfuil i gceist leis an eastóscadh féin, bíonn tionchar ag an eastóscadh mianraí ar an talamh ar a dhéantar é. I gcás fhormhór na mianach agus na gcairéal ní mór gnéithe dromchla a bhaint le linn an phróisis eastósctha agus bíonn spás de dhíth le haghaidh mullóga stórála, ionaid charta agus murlaigh agus le haghaidh bonneagair, foirgnimh agus bóithre rochtana gaolmhara freisin. D'fhéadfadh gníomhaíochtaí den sórt sin neadacha agus uibheacha a scriosadh uaireanta, d'fhéadfaidís cur isteach go mór ar éin agus a bheith ina gcúis le caillteanas nó meathlú a ngnáthóg. Mar sin féin, níl gné chórasach ar chor ar bith é sin, agus ní mór measúnú a dhéanamh ar rioscaí na dtionchar ar bhonn cás ar chás. Is gá faireachán leanúnach a dhéanamh ar láithreacht éan, agus ba cheart bearta iomchuí a dhéanamh laistigh den láithreán eastósctha agus dá limistéir mórthimpeall dá réir sin. Tá treoraíocht shonrach forbartha ag an gCoimisiún maidir leis an ábhar chun cuidiú leis na Ballstáit, le páirtithe leasmhara agus le hoibreoirí gnólachta aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna i gcomhréir le forálacha reachtaíocht an Aontais maidir leis an dúlra ([79]).

([79]) An Coimisiún Eorpach: An Ard-Stiúrthóireacht um an gComhshaol, *EC guidance on undertaking non-energy extractive activities in accordance with Natura 2000 requirements* [Treoraíocht ón gCoimisiún Eorpach maidir le gníomhaíochtaí eastóscacha neamhfhuinnimh a ghabháil de láimh i gcomhréir le ceanglais Natura 2000], Oifig na bhFoilseachán, 2011 https://data.europa.eu/doi/10.2779/98870; agus *Guidance document on non-energy mineral extraction and Natura 2000: a summary*, [Treoirdhoiciméad maidir le gníomhaíochtaí eastóscacha neamhfhuinnimh agus Natura 2000: achoimre], Oifig na bhFoilseachán, 2019, https://data.europa.eu/doi/10.2779/985239.

Cás-staidéar 4: LIFE in Quarries

Is tionscadal é *LIFE in Quarries* atá faoi stiúir Fédération de l'Industrie Extractive et Transformatrice de Belgique (FEDIEX) i gcomhar le réigiún na Vallúine (Roinn an Dúlra agus na bhForaoisí), Ollscoil Liège – Aonad Teicneolaíochta Bith-Thalmhaíochta, Bithéagsúlachta agus Tírdhreacha Gembloux, Natagora asbl agus Parc naturel des Plaines de l'Escaut. Léiríodh leis an tionscadal gur féidir éagsúlacht mhór speiceas a bheith i gcairéil ghníomhacha, méid nach raibh coinne leis, i gcás ina gcruthaítear aillte, fánaí gainmheacha, ithreacha loma, dobharlaigh shealadacha nó bhuana agus tír-raon ilghnéitheach, lena n-áirítear éin ar fearr leo gnáthóga oscailte nó creagacha/gainmheacha den sórt sin seachas foraoisí nó talamh feirme.

Trí bhearta amhail aillte ingearacha agus oitreacha gainimh (oitreacha gainimh/aillte scaoilte) a bheochan, locháin shealadacha agus féarthailte sealadacha a bhainistiú, agus dobharlaigh bhuana nó ardáin ar snámh a chruthú, bunaíodh láithreáin neadúcháin agus beathaithe atá fabhrach d'éin leis an tionscadal. I measc na speiceas a thairbhíonn de sin tá éin a dhéanann a neadacha ar aillte nó ar oitreacha amhail an Gabhlán Gainimh, an Beachadóir Eorpach agus an Cruidín. I dtírdhreacha atá an-uirbithe agus cobhsaithe, tá ról ag cairéil chun na pobail a chothabháil. Soláthraítear gnáthóg an-oiriúnach do na tochaltóirí sin trí aghaidheanna ingearacha agus oitreacha gainimh a chaomhnú, a chruthú d'aon ghnó agus a chothabháil. Gan idirghabháil a dhéanamh, intiteann aghaidheanna ingearacha ar deireadh agus brúnn fásra isteach ar an ngaineamh lom sin, rud a fhágann nach mbíonn an ghnáthóg oiriúnach a thuilleadh.

Seachas fanacht le dúnadh na gcairéal, chuir *LIFE in Quarries* "bainistiú dinimiciúil bithéagsúlachta" i bhfeidhm le linn an eastósctha, rud a d'fhág gur cruthaíodh gnáthóga a bhí oiriúnach d'éin agus go ndearnadh cothabháil ar na gnáthóga sin i gcomhthráth le hoibríochtaí cairéil. Léirigh sé sin gur féidir gníomhaíocht thionsclaíoch atá ar siúl faoi láthair a chomhcheangal le caomhnú pobal éan agus pobal eile den fhiadhúlra.

Ar líonra na 27 láithreán ghníomhacha rannpháirteacha cairéil, deimhníodh le faireachán bitheolaíoch gur ghlac na spriocspeicis, lena n-áirítear éin, seilbh ar na gnáthóga nuachruthaithe go tapa, rud a léiríonn go bhfuarthas fíorthorthaí bithéagsúlachta de thoradh gníomhaíochtaí bainistíochta, ach nach féidearthacht theoiriciúil amháin a bhí i gceist.

Rinneadh an bhunobair leis an tionscadal le haghaidh dea-chleachtais sa bhainistiú bithéagsúlachta is féidir a chur i bhfeidhm in áiteanna eile trí bhíthin treoirlínte, prótacail faireacháin, agus gealltanais fhadtéarmacha (e.g. príomhghnáthóga a chothabháil ar feadh 15 bliana), rud a chuireann teimpléad ar fáil d'oibreoirí cairéil chun caomhnú éan agus an fhiadhúlra a chuimsiú lena n-oibríochtaí caighdeánacha.

Tuilleadh faisnéise:

https://www.lifeinquarries.eu/en/

Tithíocht agus foirgnimh

81. Bíonn tionchar ag foirgnimh ar éin ar roinnt bealaí. Baineann riosca imbhuailte le úsáid dromchlaí móra gloine ar fhoirgnimh nua-aimseartha. Is minic nach féidir le héin idirdhealú a dhéanamh idir gloine fhrithchaiteach nó thrédhearcach agus spéartha arda nó fásra, agus mar sin, eitlíonn siad go n-imbhuaileann siad fúthu agus gortaítear nó maraítear iad. Soláthraíonn go leor monaróirí gloiniúcháin san Eoraip "gloine atá neamhdhíobhálach d'éin" anois ar a bhfuil patrúin infheicthe (poncanna, línte) nó bratuithe chun an ghloine a dhéanamh inbhraite d'éin. Is féidir dromchlaí gloine atá ann cheana a iarfheistiú freisin, trí úsáid a bhaint as scannáin lenar féidir an frithchaitheamh a laghdú agus má dheartar go maith iad, is féidir imbhualadh éan fúthu a íoslaghdú. Soláthraítear réitigh freisin trí oiriúnuithe dearaidh ailtireachta ar fhoirgnimh chun gloine ar claonadh a chuimsiú, chomh maith le heití agus bristeacha sa fhrithchaitheamh, mar shampla, chun nach mbeidh an oiread de sheachmall "trébhealaigh" i gceist leis an ngloine d'éin.

Cás-staidéar 5: LIFE BooGI-BOP lena gcoisctear imbhualadh éan faoi fhoirgnimh

Is tionscadal é LIFE BooGI-BOP (LIFE17 GIE/DE/000466) a mhaoinítear leis an gclár LIFE, lenar aithníodh gur bagairt bhithéagsúlachta é imbhualadh éan faoi fhoirgnimh a bhfuil éadan gloine orthu ar a dtugtar neamhaird den chuid is mó. Faoin tionscnamh dar teideal *Bird strike on buildings*: what *can companies do?*, soláthraíonn BooGI-BOP bileog eolais agus treoirdhoiciméad do chuideachtaí agus d'úinéirí láithreáin lena leagtar amach an fáth a n-imbhuaileann éin faoi fhuinneoga agus iad ag eitilt. Mar shampla mar gheall ar scáil fásra nó na spéire sa ghloine, agus soilsiú inmheánach agus seachtrach istoíche a chuireann mearbhall orthu. Cuireann an treoraíocht imbhualadh éan faoi fhoirgnimh i gcomhthéacs níos leithne maidir le háitribh a dhearadh atá dírithe ar an mbithéagsúlacht, agus spreagtar cuideachtaí chun cosc ar an imbhualadh a chomhtháthú ina measúnuithe ar láithreáin, ina nósanna imeachta tairisceana agus ina gcleachtais bainistithe saoráidí.

Sa chleachtas, tacaíonn BooGI-BOP le cuideachtaí trí chuidiú leo criosanna riosca ar a n-áitribh a shainaithint (e.g. aghaidheanna neamhbhriste móra gloine, limistéir ina mbíonn an-chuid soilsiúcháin istoíche, foirgnimh in aice le fásra/conairí glasa) agus bearta maolaithe a chur i bhfeidhm ansin. Cuimsítear leis na bearta sin úsáid a bhaint as cóireálacha nó scannáin ghloiniúcháin atá sábháilte d'éin, patrúin infheicthe a chur ar dhromchlaí gloine, soilsiú inmheánach/seachtrach a laghdú nó a atreorú chun an mealladh chucu agus an frithchaitheamh uathu a laghdú, agus córais soilsiúcháin seachbhuaice nó gluaiseacht-íogaire a chomhtháthú. Léiríodh leis an tionscadal go rannchuidíonn idirghabhálacha den sórt sin le spriocanna bithéagsúlachta agus le dintiúir inbhuanaitheachta cuideachta araon.

Tuilleadh faisnéise:

https://www.biodiversity-premises.eu/en/eu-life-project.html

https://www.biodiversity-premises.eu/files/Bilder/Documents/Publikationen/Fact%20Sheet%20Bird%20Strike.pdf

82. Is iomaí bealach a chuireann an soilsiú saorga ó fhoirgnimh as d'iompraíocht éan. Is minic a úsáideann éin a bhíonn ar imirce istoíche leideanna ón solas nádúrtha, na réaltaí, an ghealach nó fíor na spéire dá loingseoireacht. Nuair is iad na soilse geala ó fhoirgnimh nó ó bhonneagar uirbeach i suntasaí i spéir na hoíche, is féidir leo mearbhall a chur ar na héin sin. D'fhéadfaidís struchtúir shoilsithe a chiorclú, imeacht ar seachrán óna gcúrsa, cúltacaí ríthábhachtacha fuinnimh a ídiú, tuirlingt in áiteanna guaiseacha, imbhualadh faoi aghaidheanna gloine nó faoi dhromchlaí soilsithe nó a bheith ina gcreach gan dua d'ainmhithe eile.

Cás-staidéar 6: LIFE Natura@night lena dtugtar aghaidh ar an truailliú solais

Tá tionscadal LIFE Natura@night faoi stiúir Sociedade Portuguesa para o Estudo das Aves i gcomhpháirtíocht le sé bhardas agus roinnt institiúidí agus oibríonn sé ar fud oileánraí na Macrainéise sna hAsóir, i Maidéara, agus sna hOileáin Chanáracha, chun aghaidh a thabhairt ar an méadú atá ag teacht ar fhadhb an truaillithe solais. Áitríonn 10 speiceas d'éanlaith mhara phórúcháin, chomh maith le hainmhithe oíche eile amhail ialtóga, sna hoileáin Atlantacha sin agus tá siad an-íogair don solas saorga. Tá méadú mór tagtha ar an solas saorga le blianta beaga anuas áfach mar gheall ar leathnú tapa na gceantar uirbeach. Leis na sonraí a bailíodh le líonra fótaimhéadar a suiteáladh ar 14 oileán faoi thionscadal Interreg EELabs a bhí ann roimhe, deimhníodh gur tháinig ardú ar an truailliú solais go seasta, rud a chuir i dtábhacht an phráinn a bhaineann le hiarrachtaí maolaithe.

Tá an truailliú solais ina bhagairt ar leith ar an éanlaith mhara óg, go háirithe speicis amhail Cánóg Cory (*Calonectris borealis*). Agus iad ag cleitiú ag deireadh an fhómhair, úsáideann na héin sin an ghealach agus na réaltaí agus iad i mbun na loingseoireachta chun an t-aigéan a bhaint amach, áit a bhfanfaidh siad ar feadh roinnt blianta sula bhfillfidh siad ar na hoileáin chun pórú. Is féidir le solas saorga ó shráideanna, ó charranna agus ó fhoirgnimh mearbhall a chur orthu, rud a fhágann go mbíonn siad traochta, go n-imbhuaileann siad faoi struchtúir nó go dtagann siad i dtír i mbailte ina mbeireann creachadóirí amhail cait agus francaigh orthu. Tá sé sin ar cheann de na príomhchúiseanna le mortlaíocht éanlaithe mara sa réigiún anois.

Le tionscadal Natura@night LIFE, tá mapáil á déanamh ar mhéid an truaillithe solais ar na hoileáin agus tá sé sin á úsáid chun máistirphleananna um shoilsiú poiblí nach bhfuil chomh díobhálach céanna a fhorbairt i gcomhpháirtíocht le roinnt bardas. Cuimsítear leis sin bolgáin nua dé-óide astaithe solais, atá i bhfad níos éifeachtúla, a chur in ionad bolgáin solais thraidisiúnta, rud nach gcuidíonn le héin amháin ach a chuireann coigilteas mór eacnamaíoch ar fáil do na bardais freisin. Shuiteáil Bardas Câmara de Lobos in Madera, mar shampla, 66 sholas nua dé-óide astaithe solais le déanaí lena n-íoslaghdaítear astaíochtaí an tsolais ghoirm, arb eol go mbíonn tionchar ar leith aige ar éin agus ar fheithidí. Faoi dheireadh an tionscadail, tá sé d'aidhm aige os cionn 400 aonad soilsiúcháin a bhaint de limistéir íogaire agus soilsiú a dhírítear i dtreo na talún a chur chun feidhme chun an breo sa spéir a laghdú.

Lasmuigh d'éanlaith mhara, tairbhíonn an bhithéagsúlacht ar bhonn níos leithne agus pobail áitiúla den tionscnamh chomh maith. Cuidíonn soilsiú saorga laghdaithe le hialtóga agus le feithidí iompraíocht nádúrtha a choinneáil ar bun agus cuireann sé feabhas ar shláinte an duine trí neamhoird chodlata agus saincheisteanna eile atá nasctha le soilsiú iomarcach istoíche a mhaolú. Ina theannta sin, gabhann oibrithe deonacha agus caomhantóirí don tionscadal chun éanlaith mhara a bhfuil mearbhall orthu a tharrtháil; i mí na Samhna 2023 amháin, thángthas ar os cionn 800 éan a bhí ar tír agus tugadh ar ais chun na farraige go sábháilte iad.

Is sampla é sin de réiteach lena mbíonn bua ag gach taobh agus lena dtugtar aghaidh ar thionchar an tsoilsithe shaorga istoíche ar éin agus ar ainmhithe eile agus lena laghdaítear an costas poiblí an tráth céanna.

Tuilleadh faisnéise:

https://naturaatnight.spea.pt/en/

Cás-staidéar 7: An earnáil tógála sa Spáinn, tionscadal ZEPAURBAN LIFE

Ceann de chuspóirí an tionscadail seo ba ea scriosadh cóilíneachtaí pórúcháin na Mionphocairí Gaoithe (*Falco naumanni*), nó cur isteach ar na cóilíneachtaí sin, a sheachaint arbh í an obair athchóiriúcháin a bhí á déanamh ar na foirgnimh ina ndéanann na héin a neadacha a d'fhéadfadh a bheith ina cúis leis. Bhí sé d'aidhm ag an tionscadal boscaí saorga neide a dhearadh agus a tháirgeadh atá níos sláine, níos buanseasmhaí agus níos tíosaí.

Bhain gníomh amháin le hoiriúnacht na foshraithe neadúcháin i bhfoirgnimh atá á mbainistiú ag Ard-Stiúrthóireacht na leabharlann, na músaem agus na hoidhreachta cultúrtha. Ba é ab aidhm do na bearta a rinneadh in Cáceres na coilíneachtaí a chomhdhlúthú i gcás trí fhoirgneamh ina raibh an Mionphocaire Gaoithe agus éin eile ina gcúis le hábhar a bheith ag titim ar an talamh sa lárionad uirbeach.

In Ionad Cultúir San Jorge, an foirgneamh ina n-áitríonn an líon is mó péirí, rinneadh athchóiriú ar limistéar an dín a bhí á úsáid ag na héin agus dá ndearna siad damáiste. Is éard a bhí i gceist leis an obair an cumhdach tíleanna ceirmeacha cuartha a ghlanadh agus an díonadh ar uisce, agus lucht an tionscadail aireach ar an ngá le rochtain a thabhairt do na héin. Chun na tionchair ar éin a mhaolú, suiteáladh tairní adhmaid faoin sceimheal agus tíleanna aerála gaolmhara chun rochtain a thabhairt d'éin ar na díonta.

Tuilleadh faisnéise:

http://www.zepaurban.com/en.

Talmhaíocht

83. An curaíocht nó baint an fhéir, féarthailte agus páirceanna arúla ina bhfuil neadacha talún a threabhadh, féarthailte a athrú nó fálta a bhearradh san earrach, is nithe iad sin a bhfuil tionchar acu ar éin. Is féidir gníomhaíochtaí a chuimsiú leis an talmhaíocht freisin ar gníomhaíochtaí iad a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh d'éin le linn tréimhsí geimhrithe nó scíthe, amhail dianbhuaint garrán ológ le linn na hoíche. Chun a áirithiú nach ndéanfar díobháil a thoirmisctear faoi Airteagal 5 den Treoir maidir le hÉin de dheasca na ngníomhaíochtaí sin, ba cheart do na Ballstáit bearta cosanta mionsonraithe soiléire a shainaithint agus a ghlacadh chun aon díobháil thoirmiscthe ar na speicis a chosc agus a mhaolú. Ba cheart do na húdaráis inniúla bearta cosanta sonracha a chur i bhfeidhm i bhfoirm rialacha nó cleachtais fhorordaithe ar cheart iad a chur i bhfeidhm ar leibhéal na feirme. D'fhéadfaí a chuimsiú leis sin criosú spásúlachta, orduithe áitiúla maidir le speiceas éan a chaomhnú, rud a d'fhéadfaí a chomhlánú le lámhleabhar deachleachtas, pleananna gníomhaíochta áitiúla/náisiúnta, nó líonraí oibrithe deonacha atá toilteanach faireachán a dhéanamh ar láithreacht éan agus ar féidir leo feirmeoirí agus údaráis a chur ar an airdeall fúthu (féach cás-staidéar 8). Tá dreasachtaí airgeadais agus tacaíocht do bhainisteoirí talún tábhachtach freisin chun cuidiú le cleachtais talmhaíochta a oiriúnú.

84. Ní chiallaíonn Airteagal 5 den Treoir maidir le hÉin nach féidir gníomhaíochtaí talmhaíochta a dhéanamh le linn thréimhsí pórúcháin agus tógála éan talaimh feirme. Mar sin féin, ní mór gníomhaíochtaí den sórt sin a oiriúnú, chun an díobháil a thoirmisctear faoi Airteagal 5 a sheachaint, ar bhonn na faisnéise is fearr atá ar fáil, mar shampla faoi láithreacht éan nó faoi shuíomh a neadacha. Ba cheart do na Ballstáit bearta cosanta soiléire mionsonraithe a shainaithint agus a ghlacadh chun aon díobháil thoirmiscthe ar na speicis a chosc agus a mhaolú. Ba cheart na bearta sin a chur chun cinn go gníomhach trí threoraíocht a eisiúint, oiliúint a thabhairt nó fógraí a eisiúint, chun feasacht agus cur chun feidhme na srianta a áirithiú (féach cás-staidéar 8). Tá córais de dhíth ar na Ballstáit freisin chun na bearta sin a rialú agus a fhorfheidhmiú, agus iad ag brath ar fhaireachán láidir ar láithreacht éan agus neadacha ([80]), agus leas á bhaint as ionchur ó eolaíocht saoránach an tráth céanna.

85. Trí bhíthin bearta faoi chomhbheartas talmhaíochta (CBT) an Aontais, lena n-áirítear éiciscéimeanna, gealltanais maidir leis an gcomhshaol, leis an aeráid agus gealltanais eile maidir le bainistiú agus íocaíochtaí le haghaidh ceanglais shainordaitheacha áirithe a bhaineann go sonrach le limistéar (amhail íocaíochtaí Natura 2000), chomh maith le coinníollacht CBT, ach gan a bheith teoranta dóibh ([81]), d'fhéadfaí cuidiú lena áirithiú go gcomhlíonfar Airteagal 5 den Treoir maidir le hÉin. Beidh bearta comhchosúla fós ar fáil in CBT tar éis 2027. Is é Dea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil 8 ceann de chaighdeáin CBT maidir le dea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil talún lena ndírítear ar an mbithéagsúlacht ([82]). Cuirtear de cheangal ar fheirmeoirí leis gnéithe tírdhreacha a choinneáil ar bun agus toirmisctear fálta agus crainn a ghearradh le linn shéasúr pórúcháin agus tógála na n-éan, rud a rannchuidíonn, dá bhrí sin, le hAirteagail 5(b) agus 5(d) (féach cás-staidéar 9) a chomhlíonadh. Mar sin féin, ba cheart a thabhairt faoi deara nach ndéanann aon athrú ar rialacha coinníollachta CBT, ná ar rialacha náisiúnta gaolmhara, athrú ar na hoibleagáidí a leagtar síos leis an Treoir maidir le hÉin. Chun a áirithiú go gcomhlíonfar Airteagal 5, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar na Ballstáit na rialacha sin a fhorlíonadh le rialacha breise, agus a áirithiú an tráth céanna go mbeidh feidhm ag na bearta ábhartha uile maidir leis na feirmeoirí uile, lena n-áirítear iad siúd nach bhfaigheann tacaíocht ó CBT.

Cás-staidéar 8: Cromán na gcearc á chosaint ag oibrithe deonacha sa Fhrainc

Sa Fhrainc, tacaíonn réigiún na Normainne leis an bhfaireachán a dhéantar ar neadacha i bpáirceanna ina bhfásann barra gráin le cabhair ó oibrithe deonacha. A luaithe a shainaithníonn na héaneolaithe deonacha neadacha, cuireann na húdaráis an t-úinéir talún ar an eolas gur gá na neadacha a chosaint. Ansin, in éineacht leis na húdaráis inniúla, buaileann éaneolaithe leis an bhfeirmeoir chun cosaint speiceas a phlé. Glacann formhór na bhfeirmeoirí páirt sa chóras cosanta speiceas sin gan deacracht. In earrach 2021, chosain éaneolaithe deonacha agus gairmiúla sa réigiún sin 67 speiceas i mbaol, breis agus 50 % os cionn an fhigiúir is airde le 4 bliana anuas. In 2021, de thoradh na hoibríochta sin seachnaíodh scriosadh 41 nead ar le Cromáin na gCearc (*Circus cyaneus*) iad, 12 nead ar le Crotaigh Cloch (*Burhinus oedicnemus*) iad agus, thar aon ní eile, críocha pórúcháin an Ghearr Baillon (*Zapornia pusilla*) in inbhear na Séine.

Tuilleadh faisnéise:

https://www.normandie.developpement-durable.gouv.fr/bilan-2021-de-la-mise-en-oeuvre-de-la-protection-a4619.html

https://www.ouest-france.fr/normandie/caen-14000/dans-la-plaine-de-caen-les-busards-les-mieux-proteges-de-france-6906175

([80]) Tá teicneolaíochtaí nua chun faireachán a dhéanamh ar éin lena soláthraítear sonraí fíor-ama ardtaifigh á n-úsáid ar bhonn níos forleithne anois, rud a laghdaíonn an gá atá le breathnóireacht allamuigh dlúthshaothair an duine.

([81]) Chun tacaíocht ioncaim ón Aontas a fháil, ní mór d'fheirmeoirí tacar rialacha bunúsacha a leanúint. Tugtar coinníollacht ar an idirghníomhú idir na rialacha sin agus an tacaíocht a thugtar d'fheirmeoirí. Bíonn coinne leis go gcomhlíonfaidh feirmeoirí rialacha lena n-áirítear caighdeáin maidir le dea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil chun tacaíocht a fháil faoi CBT. Laghdófar an tacaíocht ón Aontas d'fheirmeoirí a sháraíonn na caighdeáin maidir le dea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil talún agus d'fhéadfaí pionóis eile a ghearradh orthu. Féach Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (pleananna straitéiseacha CBT).

([82]) Is iad an ceanglas agus an caighdeán a bhaineann le Dea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil8 atá ábhartha maidir le hAirteagal 5 a chur chun feidhme, "Gnéithe den tírdhreach a choinneáil" agus "Toirmeasc ar fhálta agus crainn a ghearradh le linn shéasúr pórúcháin agus tógála na n-éan".

Cás-staidéar 9: Caighdeán maidir le Dea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil 8 a chur chun feidhme sa Bheilg, i Lucsamburg, sa Ghearmáin, san Iodáil agus sa Spáinn

Samplaí de na toirmisc faoi Airteagal 5(b) agus (d) den Treoir maidir le hÉin a chur chun feidhme trí bhíthin Dhea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil 8:

— an Bheilg (an Vallúin): tá toirmeasc ar fhálta sceach agus ar chrainn a phrúnáil le linn thréimhse pórúcháin agus neadúcháin na n-éan, i.e., ón 1 Aibreán go dtí an 31 Iúil.

— an Bheilg (Flóndras): tá toirmeasc ar fhálta agus ar chrainn a phrúnáil le linn shéasúr an phórúcháin (ón 15 Márta go dtí an 15 Meitheamh go táscach).

— Lucsamburg: srianta ar fhálta agus ar chrainn a phrúnáil agus a ghearradh le linn shéasúr pórúcháin agus tógála na n-éan: i gcomhréir le hAirteagal 17(6) agus (7) de Dhlí an 18 Iúil 2018, tá toirmeasc ar fhálta agus caschoill bheo agus ciumhaiseanna foraoise a ghearradh ón 1 Márta go dtí an 1 Deireadh Fómhair. I measc na n-eisceachtaí tá bearradh fálta le haghaidh réadmhaoin chónaithe nó páirceanna agus scoitheadh lena bhfuil gá le haghaidh oibríochtaí foraoiseachta. Tá toirmeasc ar aon ghearradh lena ndéantar damáiste d'fhálta agus do chaschoill bheo agus do chiumhaiseanna foraoise, go háirithe gearradh a dhéantar le huirlisí nó modhanna míchuí amhail buainteoirí súisteacha.

— an Ghearmáin: tá feidhm ag an toirmeasc ar an ngearradh ón 1 Márta go dtí an 30 Meán Fómhair, i gcomhréir leis an Acht Cónaidhme um Chaomhnú an Dúlra agus le dlí gaolmhar an stáit, faoi chreat na coinníollachta maidir le fálta agus stráicí faoi choill, crainn ina sraitheanna, garráin pháirce, agus crainn aonair.

— an Iodáil: tá feidhm ag toirmeasc ar phrúnáil crann agus tor ar fud na tíre ón 15 Márta go dtí an 15 Lúnasa chun séasúr pórúcháin agus neadúcháin na n-éan a chumhdach, mura rialaítear ar shlí eile í ar an leibhéal réigiúnach.

— an Spáinn: tá toirmeasc ar oibríochtaí gearrtha agus prúnála fálta agus crann a dhéanamh le linn shéasúr pórúcháin agus atáirgthe na n-éan (ó mhí an Mhárta go mí Lúnasa), mura n-údaraíonn an t-údarás comhshaoil go sainráite é. Sainítear fálta sa roinn dar teideal "gnéithe tírdhreacha" de na caighdeáin maidir le dea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil talún.

86. Rannchuidíonn seirbhísí comhairleacha feirme trí comhairle shonrach a thabhairt freisin chun tacú le comhlíonadh na gceanglas maidir le cosaint speiceas sa Treoir maidir le hÉin. Is féidir le comhairleoirí talmhaíochta atá speisialaithe in éin talaimh feirme tacaíocht chomhairleach a sholáthar d'fheirmeoirí. Is féidir na comhairleoirí sin a bheith ar fáil trí chomhlachais talmhaíochta, seirbhísí príobháideacha comhairleoireachta, gníomhaireachtaí príobháideacha nó eagraíochtaí neamhrialtasacha. Is iad a gcúraimí feasacht feirmeoirí ar a n-oibleagáidí i ndáil le cosaint na speiceas atá ar a dtalamh a mhúscailt. Is féidir leo faisnéis ar líne, faisnéis i scríbhinn nó comhairle ar an láthair go díreach a sholáthar. Mar shampla, is féidir faisnéis a sholáthar ar fheidhmchlár fóin chliste nuair a áirítear dáileacht talaimh feirme i limistéar a úsáideann éin talaimh feirme.

An Fhoraoiseacht

87. Ní chiallaíonn Airteagal 5 den Treoir maidir le hÉin nach féidir gníomhaíochtaí foraoiseachta a dhéanamh le linn na tréimhse pórúcháin agus tógála. Ba cheart bearta coisctheacha a chomhtháthú i bpleanáil agus i gcleachtais bainistithe foraoisí chun díobháil do speicis éan a sheachaint, go háirithe lománaíocht le linn shéasúr an phórúcháin toisc gur dócha go mbeidh tionchar aici ar éin agus ar a neadacha. Féadfar a chuimsiú leis na bearta coisctheacha oibríochtaí a phleanáil ar bhonn rioscabhunaithe ó thaobh spáis agus ama de, mar shampla criosanna maolánacha timpeall ar ghnéithe íogaire nó príomhstruchtúir gnáthóige a choinneáil, de réir mar is iomchuí. Shoiléirigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, maidir le cás ina bhfuil sé beartaithe lománaíocht (cibé acu glanleagan crann nó a mhalairt) a dhéanamh i bhforaois arb eol go mbíonn neadacha éan inti, gan beann ar stádas caomhantais an speicis, go gcumhdaítear an lománaíocht le linn phórú agus thógáil na n-éan leis na toirmisc faoi Airteagal 5(a) agus (b) den Treoir maidir le hÉin ([83]). I gcás ina mbeadh suaitheadh ann mar thoradh ar an lománaíocht agus ina mbeadh éifeacht nach beag aige sin ar na pobail éan i bhfianaise chuspóirí na Treorach, cumhdaítear í le hAirteagal 5(d) freisin.

([83]) Cás C-784/23, *Voore Mets agus Lemeks Põlva*, míreanna 49, 54 agus 62.

88. Ní hionann é sin agus cosc iomlán ar an lománaíocht, fiú le linn thréimhse neadúcháin agus tógála na n-éan, ach ní mór gníomhaíochtaí a oiriúnú, áfach, chun na gníomhaíochtaí toirmiscthe in Airteagal 5 a sheachaint, ar bhonn na faisnéise is fearr atá ar fáil, mar shampla faoi éin i neadacha a bheith ar láithreáin phórúcháin nó tógála ([84]). I gcás ina ndéanfaí oibríochtaí le linn shéasúr an phórúcháin agus na tógála, caithfear a bheith an-aireach agus na gníomhaíochtaí sin á bpleanáil agus á ndéanamh chun go seachnófar limistéir ina bhfuil comharthaí go bhfuil éin ag pórú nó ag tógáil áil go gníomhach iontu (mar shampla, láithreáin phórúcháin atá ar eolas nó a úsáidtear go tráthrialta agus gnáthóga atá thar a bheith íogair). Crainn arb eol go bhfuil siad oiriúnach le haghaidh neadacha, crainn mharbha, crainn ghnáthóige agus crainn chuasacha, níor cheart iad a lománú chun scriosadh na neadacha a sheachaint. I ngnáthóga áirithe arb eol go bhfuil ard-dlús neadacha iontu, nó ina bhféadfadh a leithéid a bheith iontu, is féidir teorainn a chur le hobair foraoiseachta le linn tréimhsí neadúcháin mar bheart iomchuí freisin. I gcás speicis áirithe, d'fhéadfaí bearta breise eile a bhreithniú freisin, amhail criosanna ciúine nó criosanna "le seachaint" a bhunú timpeall ar neadacha arb eol gurb ann dóibh le linn na tréimhse neadúcháin (go háirithe i gcás speicis mhóra amhail an Storc Dubh (*Ciconia nigra*) nó éin chreiche), i gcás ina bhféadfadh sé go scriosfaí neadacha nó go gcuirfí isteach go mór orthu. Mar shampla, chun Airteagal 5(d) a chur chun feidhme, tá srianadh ghníomhaíochtaí an duine timpeall ar neadacha speiceas áirithe éan creiche, ulchabhán agus storc dubh, á chleachtadh le fada san Ungáir, áit a n-úsáidtear srianta ama chun nach gcuirfear isteach go díreach orthu le linn shéasúr an phórúcháin ([85]). I gcás speiceas eile nach bhfuil chomh híogair céanna, d'fhéadfadh sé nach mbeadh tionchar mór orthu mura gcuirfí isteach orthu ach ar feadh seala le linn shéasúr an phórúcháin agus nach gcuirfeadh sé rath a bpóraithe i mbaol. Is faoi na húdaráis inniúla náisiúnta atá sé na bearta coisctheacha iomchuí a shainiú maidir leis na speicis agus an cás sonrach.

89. I gcás ina ndéanfaidh oibreoirí oibríochtaí a sceidealú lasmuigh de thréimhsí pórúcháin agus tógála, agus más gá, bearta coisctheacha suíomh-shonracha a chur i bhfeidhm, ní cur isteach mór d'aon ghnó de réir bhrí Airteagal 5(d) de ghnáth iad éifeachtaí iarmharacha.

90. D'fhéadfaí bearta a chur i bhfeidhm amhail foraoiseacht uaillmhianach choinneálachta, fágáil paistí buana, crann gnáthóige agus struchtúir thábhachtacha bhitheolaíocha eile, i gcás inarb iomchuí, faoi chuimsiú an bhainistithe inbhuanaithe ar fhoraoisí, lena gcumhdaítear tromlach na gcleachtas bainistithe foraoise atá ann faoi láthair. Sna treoirlínte ón gCoimisiún maidir le Natura 2000 agus foraoisí tá taithí dea-chleachtais agus samplaí ó Bhallstáit dhifriúla maidir le foraoisí a bhainistiú ([86]) freisin agus soláthraítear léargais bhreise chun an fhoraoiseacht a ailíniú le cosaint an dúlra agus na n-éan.

91. Tá dreasachtaí airgeadais agus tacaíocht d'fhoraoiseoirí tábhachtach freisin chun cuidiú lena áirithiú go mbeidh gníomhaíochtaí foraoiseachta i gcomhréir leis an gcosaint éan.

Cás-staidéar 10: Dea-chleachtais maidir leis an storc dubh a chaomhnú agus a bhainistiú sa Pholainn

Tá sraith beart curtha chun feidhme ag an Stáisiún Turgnamhach Foraoise in Rogów, agus ag an gCoiste um Chosaint na nIolar, le tacaíocht ó Chlár Oibríochtúil na Polainne um Bonneagar agus um an gComhshaol, arb é is aidhm di feabhas a chur ar chosaint an storc dhuibh agus a ghnáthóg i 16 láithreán Natura 2000 ar fud na Polainne.

Faoi 2023, bhí suas le 600 go 700 láthair phórúcháin cosanta de thoradh an tionscadail, láithreacha a thacaíonn le 55 % den daonra pórúcháin náisiúnta. Ba iad stiúrthóirí réigiúnacha na cosanta comhshaoil a rinne é sin trí chriosanna cosanta neadacha a ainmniú (a raibh thart ar 2 800 heicteár i ngach ceann acu). Tá srian ar chleachtais bainistithe foraoisí agus ar chur isteach ón duine sna criosanna sin le linn shéasúr an phórúcháin agus lasmuigh de. Ní hamháin go gcuireann sé sin cosc ar ghníomhaíochtaí lena gcuirtear isteach ar éin phórúcháin, ach caomhnaíonn sé na neadacha agus an ghnáthóg timpeall orthu. I láithreáin Natura 2000, cumhdaíonn criosanna cosanta timpeall ar láithreáin neadúcháin limistéar carnach ina bhfuil níos mó ná 600 000 heicteár.

([84]) Ní gá go mbeadh éan ag pórú sa limistéar díreach toisc go bhfacthas ann é. Chun a dheimhniú go bhfuil éan ag neadú i limistéar, tá gá le fianaise amhail nead a aimsiú ina bhfuil uibheacha nó ál, éin fhásta a fheiceáil agus bia dá n-ál á iompar acu, éillíní atá cleitithe le déanaí a fheiceáil, nó taispeántais seachráin/gortuithe bréige a fheiceáil. Chun an dóchúlacht go bhfuil pórúchán ar siúl a mheas, ba cheart gnéithe a fheiceáil amhail péire i ngnáthóg oiriúnach, taispeántas suirí, ceiliúr éin ar son a chríche féin, éin ar cuairt chuig suíomh is dócha ina bhfuil nead nó neadacha á dtógáil.

([85]) DOI: 10.13140/RG.2.2.12902.47687, https://www.researchgate.net/publication/328737807_Suggested_methodology_for_temporal_and_long-term_spatial_restrictions_of_human_activities_around_the_nests_of_strictly_protected_raptors_owls_and_black_storks_Javaslat_a_fokozottan_vedett_ragadozomada.

([86]) *Natura 2000 and forests. Part III, Case studies* [Natura 2000 agus foraoisí. Cuid III, Cás-staidéir], Oifig na bhFoilseachán, 2015, https://data.europa.eu/doi/10.2779/65827.

Toisc gurb eol don saol mór go bhfuil an storc dubh bainteach le foraoisí, cuimsíodh gníomhaíochtaí oideachais agus poiblíochta a reáchtáil leis an tionscadal freisin, a bhí dírithe ar pháirtithe leasmhara a bhí rannpháirteach i limistéir foraoise Natura 2000.

Tuilleadh faisnéise:

https://cepl.sggw.edu.pl/bocianimy/

Cás-staidéar 11: Cur isteach ar éin mhóra chreiche le linn a dtréimhse neadúcháin a sheachaint i bhforaoisí a bhainistítear ar bhonn tráchtála san Fhionlainn

D'fhéadfaí cur isteach ar an neadú de dheasca lománú agus gníomhaíochtaí eile bainistithe foraoise le linn thréimhse neadúcháin na n-éan. D'fhéadfadh tionchar mór a bheith ag cur isteach le linn na tréimhse neadúcháin ar chuspóir na Treorach maidir le hÉin pobail éan a choinneáil ar bun ar leibhéal sásúil. I gcás éin mhóra chreiche a mbíonn a líon eiseamal aonair íseal go nádúrtha agus a mbíonn tréimhse fhada neadúcháin acu, bíonn siad soghabhálach go háirithe i leith cur isteach ón duine.

Tiomsaíodh faisnéis faoi neadacha éan mór creiche i mbunachar sonraí náisiúnta, a choinnítear cothrom le dáta i gcónaí. Nuair a sheolann an t-úinéir foraoise dearbhú sainordaitheach chuig an údarás náisiúnta foraoise go bhfuil sé beartaithe aige lománaíocht a dhéanamh, déanann an t-údarás comparáid spásúil uathoibrithe idir neadacha éan arb eol gurb ann dóibh agus an limistéar lománaíochta atá beartaithe. Má tá an limistéar ina bhfuil an lománaíocht le déanamh gar do nead arb eolas gurb ann di, seoltar fógra go huathoibríoch chuig an úinéir talaimh agus chuig úinéir na gceart lománaíochta. Baineann an fógra le toirmisc faoi Airteagal 5 agus feidhmíonn sé mar fhíorú deiridh chun tionchair dhíobhálacha neamhbheartaithe ar éin chreiche le linn na tréimhse neadúcháin a sheachaint. Mar sin féin, is í an chéim is éifeachtaí chun leas a bhaint as an bhfaisnéis faoi neadacha an chéim phleanála sula seoltar an dearbhú, nuair is féidir an chosaint éan a chuimsiú sa bhainistiú ar an mbealach is éifeachtúla. Dá mbeadh tionchar ag bainistiú foraoise atá pleanáilte ar limistéar neadúcháin éan mór creiche, is féidir é a chosaint ó cheann ceann na bliana trí limistéar cosanta a bhunú timpeall na neide.

Bunachar sonraí náisiúnta le haghaidh faisnéis faoi speicis ag Saoráid Faisnéise Bithéagsúlachta na Fionlainne:

https://laji.fi/en

Cás-staidéar 12: Éin foraoise a chaomhnú trí straitéis chun seanadhmad agus adhmad marbh in Baden-Württemberg a chaomhnú

Forbraíodh an straitéis Alt- und Totholzkonzept chun an bhithéagsúlacht i bhforaoisí Baden-Württemberg a chaomhnú agus a fheabhsú trí phríomhstruchtúir gnáthóige amhail seanadhmad agus adhmad marbh a chomhtháthú. Tugtar aghaidh léi ar na riachtanais atá ag speicis éagsúla éan foraoise, go háirithe na héin sin a bhraitheann ar sheanadhmad agus ar adhmad marbh chun neadú, beathú agus le haghaidh foscaidh. Tá coincheap Alt- und Totholzkonzept á chur chun feidhme de réir a chéile ar fud fhoraoisí stáit Baden-Württemberg ó mhí Feabhra 2010.

Cuid lárnach den choincheap is ea grúpaí crann gnáthóige (Habitatbaumgruppen) agus tearmainn foraoise (Waldrefugien) a bhunú. Ní dhéantar gníomhaíochtaí foraoiseachta sna limistéir ainmnithe sin, rud a fhágann gur féidir le próisis nádúrtha gnáthóga struchtúracha ilghnéitheacha a chruthú. Téann an méid sin chun tairbhe go háirithe d'éin a neadaíonn i gcuasa amhail *Dendrocopos major*, óna dteastaíonn crainn mharbha agus crainn atá ag lobhadh chun a neadacha a thochailt, *Dryocopus martius*, ar fearr leis crainn aibí, agus *Columba oenas*, a bhraitheann ar sheanchrainn mhóra ina bhfuil poill a bhí ann cheana chun neadú.

Is éard atá i gceist le cur chun feidhme na scéime faireachán a dhéanamh go tráthrialta chun a áirithiú go bhfuil éifeacht ag na bearta atá á ndéanamh. Cuimsítear leis sin grúpaí crann gnáthóige a roghnú agus a mharcáil, agus mapáiltear ansin iad chun iad a bhainistiú ar bhonn leanúnach.

Is beart straitéiseach é Alt- und Totholzkonzept lena gcomhtháthaítear breithnithe éiceolaíocha, dlíthiúla agus sábháilteachta chun feabhas a chur ar chaomhnú gnáthóg foraoise. Trí struchtúir chriticiúla gnáthóige a chaomhnú, tacaítear go díreach le riachtanais na speiceas éan foraoise, rud a áirithíonn go mbeidh siad ann go leanúnach chomh maith lena bhfeidhm éiceolaíoch laistigh d'fhoraoisí Baden-Württemberg. Is cur chuige ceannródaíoch é Alt- und Totholzkonzept maidir le cleachtais bainistithe foraoisí arb é is aidhm dóibh an bhithéagsúlacht a chaomhnú.

Tá faisnéis faoi choincheap Alt- und Totholzkonzept le fáil anseo (i nGearmáinis):

https://www.fva-bw.de/fileadmin/publikationen/sonstiges/aut_konzept_2017.pdf

92. Ba cheart do sheirbhísí comhairleacha rialtais faisnéis faoi cheanglais maidir le cosaint éan a sholáthar do shealbhóirí talaimh foraoise. Ba cheart an fhaisnéis sin a threorú agus tacú léi trí bhunachair sonraí lárnacha ar líne a bhaineann go sonrach le speicis, treoirleabhair shonracha maidir leis an gcosaint speiceas san fhoraoiseacht, uirlisí cartagrafacha, bróisiúir maidir le speicis áirithe faoi chosaint, nó tairseach seirbhíse ar líne ina bhfuil roghanna faisnéise le haghaidh idirphlé idir comhlachtaí agus údaráis foraoiseachta.

Cás-staidéar 13: An tArdán Mapála "Foraois, Bithéagsúlacht agus Tírdhreacha in Pays de la Loire"

Is comhlacht poiblí sa Fhrainc é an Centre National de la Propriété Forestière atá freagrach as tacaíocht a thabhairt d'úinéirí príobháideacha foraoise agus comhairle a chur orthu, bainistiú inbhuanaithe ar fhoraoisí a chur chun cinn, pleananna bainistithe foraoise a ullmhú agus a fhormheas, saineolas teicniúil, oiliúint agus treoraíocht a sholáthar agus taighde agus nuálaíocht a dhéanamh trína fho-eagraíocht Institut pour le Développement Forestier.

Tá ardán ar líne forbartha acu chun bithéagsúlacht agus gnáthóga foraoise a mhapáil agus a dhoiciméadú. Comhbhailítear agus taispeántar fardail leis an ardán, chomh maith le sraitheanna sonraí "dúlra" (éin, amfaibiaigh, seanchrainn, adhmad marbh, bogaigh, etc.), agus criosanna ar díol spéise iad ó thaobh na héiceolaíochta nó na hoidhreachta de (e.g. foraoisí ardluacha, bogaigh agus limistéir atá íogair ó thaobh an chomhshaoil de). Tríd an bhfaisnéis sin a dhéanamh inrochtana ar léarscáil, is féidir le bainisteoirí foraoise a fheiceáil go soiléir cá bhfuil gnáthóga tábhachtacha suite amhail criosanna neadúcháin d'éin foraoise, bogaigh, nó limistéir ar a bhfuil ardluach caomhantais. Is féidir leo idirghabhálacha díobhálacha (amhail lománaíocht) sna criosanna sin a sheachaint ansin, nó lománaíocht agus oibríochtaí foraoiseachta eile a phleanáil ar bhealaí lena n-íoslaghdaítear an tionchar ar speicis íogaire.

Leis an ardán, spreagtar uirlis mheasúnaithe – Indice de Biodiversité Potentielle – a úsáid lena ndéantar meastóireacht ar an "acmhainneacht áitrithe bithéagsúlachta" atá ag clampa foraoise bunaithe ar thacar critéar éiceolaíoch: adhmad marbh, crainn aosta, éagsúlacht struchtúrach (aois na gcrann, casarnach, crainn ghnáthóige) a bheith ann, leanúnachas ceannbhrait foraoise le himeacht ama, etc. Tá na critéir sin uile ábhartha d'éin (agus d'fhána eile) toisc go mbraitheann mórán speiceas éan ar chrainn atá níos sine, cuasa, struchtúr ilghnéitheach foraoise, adhmad marbh agus gnáthóg chobhsaí a bheith ann le himeacht ama dá neadú, dá mbeathú nó dá bhfoscadh. Trí Indice de Biodiversité Potentielle a úsáid le linn na pleanála bainistithe foraoise, is féidir le bainisteoirí an acmhainneacht bithéagsúlachta a chur san áireamh go sainráite agus, ar an gcaoi sin, bearta a dhearadh lena gcaomhnófar nó lena bhfeabhsófar gnéithe gnáthóige atá tábhachtach d'éin.

Trí shonraí spásúla a chomhcheangal le peirspictíocht fhadtéarmach agus le bainistiú rannpháirteach, cuidíonn an cur chuige leis an gcaomhnú a chomhtháthú i ngnáthghníomhaíochtaí foraoiseachta seachas caitheamh leis an mbithéagsúlacht mar ábhar imní roghnach ar leithligh. Ní léarscáil statach amháin atá san ardán: tá sé nasctha le "treoirleabhair" (mar shampla faoi "éin agus bainistiú foraoisí", "crainn adhmaid mhairbh & aosta", "bogaigh foraoise & amfaibiaigh", etc.) lena gcuirtear comhairle ar fhoraoiseoirí maidir le conas gnáthóga a bhainistiú ar bhealach atá neamhdhíobhálach don bhithéagsúlacht. Ciallaíonn sé sin gur féidir leis an bhforaoiseacht leanúint de bheith inmharthana ar bhonn eacnamaíoch agus feidhmeanna éiceolaíocha na foraoise a choimirciú an tráth céanna fós, lena n-áirítear pobail éan a chosaint, castacht gnáthóige a chaomhnú, agus leanúnachas na n-éiceachóras atá ag brath ar fhoraoisí a áirithiú.

Tuilleadh faisnéise:

https://bretagne-paysdelaloire.cnpf.fr/se-former-s-informer/les-fiches-et-guides-techniques/plateforme-cartographique-foret-biodiversite

An Iascaireacht

93. Ceanglaítear leis an gcóras ginearálta cosanta faoi Airteagal 5 gníomhaíochtaí iascaireachta a rialáil freisin ([87]), ar gníomhaíochtaí iad ar dócha go ndéanfar díobháil thoirmiscthe dá mbarr. Tá an tseachghabháil ar cheann de na príomhthionchair ar éin, agus ar éanlaith mhara go háirithe, sa chomhthéacs sin. D'fhéadfaí soilse agus torann ó shoithí iascaireachta a áireamh le brúnna eile a chuireann isteach go mór ar choilíneachtaí éan gar don chósta, nó a chuireann isteach go mór ar éin timpeall ar iascaigh intíre trína scanrú. Dá bhrí sin, is gá do na Ballstáit bearta coisctheacha éifeachtacha a ghlacadh agus a chur chun feidhme (féach cás-staidéar 14). Is féidir é sin a dhéanamh trí bhíthin uirlisí pleanála amhail pleananna bainistithe iascach, ceadúnais iascaireachta lena leagtar síos ceanglais agus srianta sonracha maidir le cineálacha áirithe trealaimh iascaireachta lena mbaineann ardriosca agus rialáil spásúil agus ama gníomhaíochta iascaireachta nó oibríochtaí soithí iascaireachta.

94. Chun cosaint leormhaith a áirithiú, ba cheart na bearta a bheith bunaithe ar dhea-eolas ar na rioscaí d'éin a bhaineann le cineálacha áirithe trealaimh iascaireachta. Dá bhrí sin, is réamhriachtanas é chun bearta coisctheacha éifeachtacha a chur chun feidhme go ndéanfar faireachán córasach ar an tseachghabháil. Is féidir leis an bhfaireachán sin a bheith de réir na sonraí a bhailíonn na Ballstáit faoin gcreat um bailiú sonraí iascach, a mhéid a sholáthraíonn sé sin measúnú láidir ar an riosca seachghabhála, chun go mbeifear in ann bearta coisctheacha a bhunú agus a chur chun feidhme. Tá tuilleadh faisnéise faoin topaic sin le fáil i Roinn 2-76/77 den Treoirdhoiciméad maidir le dianchosaint speiceas ainmhithe atá ar leas an Chomhphobail faoin Treoir maidir le Gnáthóga, doiciméad atá ábhartha d'éin freisin ([88]).

95. Ós rud é go bhfuil caomhnú acmhainní bitheolaíocha na mara faoi chuimsiú inniúlacht eisiach an Aontais Eorpaigh faoin gcomhbheartas iascaigh, ní mór na bearta is gá a bhunú tríd an gcreat beartais sin ([89]). Tá tuilleadh faisnéise faoin topaic sin le fáil i Roinn 2-29 den Treoraíocht thuasluaite, agus sa "Treoirdhoiciméad maidir le Natura 2000 agus an iascaireacht" chomh maith ([90]).

Cás-staidéar 14: Iascairí agus éanlaith mhara: comhghuaillithe ar son na farraige

Léirítear dea-chleachtas leis an sampla seo a mhéid a bhaineann le gníomhaíochtaí iascaireachta athfhillteacha. An eagraíocht neamhrialtasach um chaomhnú an dúlra Sociedade Portuguesa para o Estudo das Aves (SPEA), a chistíonn Clár LIFE an Aontais agus an Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh, agus a oibríonn go dlúth leis an bpobal iascaireachta, shainaithin sí an trealamh iascaireachta is mó a chruthaíonn fadhbanna agus na speicis éanlaithe mara is soghabhálaí i leith gabhálacha de thaisme. Ar an mbonn sin, rinne siad bearta difriúla maolaithe a fhorbairt agus a thriail. Cruthaíodh go raibh ceann de na bearta ar ar tugadh an lipéad "an t-éan cluana scanrúil" thar a bheith éifeachtach. Is gaireas é sin lena n-ionsamhlaítear creachadóir a bheith i láthair, agus a cheanglaítear de shoithí iascaireachta agus a choimeádtar ag gluaiseacht leis an ngaoth agus le gluaiseacht an bháid.

Tar éis an tástáil ar muir a dhéanamh, bhí na torthaí doshéanta: d'fhan éanlaith mhara amach ón mbád de thoradh an éin cluana scanrúil, rud a laghdaigh an dóchúlacht go ngabhfaí iad. Fuarthas amach go raibh sé éifeachtach go háirithe don Chánóg Bhailéarach (*Puffinus mauretanicus*). Chuidigh iascairí leis an gaireas a mhionchoigeartú, agus mheas siad go raibh mórán buntáistí eile ag baint leis. Bhí sé saor agus éasca le táirgeadh, éasca a chóimeáil agus a dheisiú, níor chuir sé isteach ar dhinimic na hiascaireachta, bhí coigilteas ama ann toisc nár ghá éin a bhaint de threalamh iascaireachta, agus laghdaíodh an damáiste do líonta iascaireachta. Úsáideann na hiascairí uile atá rannpháirteach sna trialacha an t-éan cluana scanrúil anois agus tá tionscadal nua comhair ar siúl chun a úsáid a leathnú chuig níos mó soithí iascaireachta.

Tuilleadh faisnéise:

https://spea.pt/projetos/medaves-pesca/

([87]) Cás C-507/04, *An Coimisiún v An Ostair*, mír 121.

([88]) https://op.europa.eu/ga/publication-detail/-/publication/dab5274d-5891-11ec-91ac-01aa75ed71a1/language-en.

([89]) Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1380/oj); agus Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le hacmhainní iascaigh a chaomhnú agus éiceachórais mhuirí a chosaint trí bhearta teicniúla (IO L 198, 25.7.2019, lch. 105, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1241/oj).

([90]) An Coimisiún Eorpach: Ard-Stiúrthóireacht an Chomhshaoil, Natura 2000 agus an iascaireacht – Airteagal 6 den Treoir maidir le Gnáthóga agus Airteagal 4 den Treoir maidir le hÉin a chur i bhfeidhm maidir le gníomhaíochtaí iascaireachta muirí – Fógra ón gCoimisiún, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2025, https://data.europa.eu/doi/10.2779/1449747.

An tSeilg

96. De dheasca na seilge, d'fhéadfaí éin a mharú, cur isteach go mór orthu nó díobháil thoirmiscthe eile faoi Airteagal 5 den Treoir maidir le hÉin a dhéanamh dóibh freisin i gcás ina mbeidh tionchar ag na gníomhaíochtaí seilge sin ar speicis éan nach éin infhiachta iad nó i gcás nach mbeidh siad i gcomhréir le ceanglais Airteagal 7 ([91]). Dá bhrí sin, ba cheart bearta a dhéanamh chun an tseilg a rialáil, ní hamháin chun saothrú inbhuanaithe na spriocspeiceas a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir a áirithiú, ach chun éin eile a chosaint freisin nach sprioc na seilge iad ach a ndéantar difear dóibh dá barr dá ainneoin sin. Ba cheart a chumhdach leis sin saincheisteanna a bhaineann le speicis chomhchosúla a bheith á sainaithint go mícheart ag sealgairí. Le Rialachán (AE) 2021/57 ón gCoimisiún maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán ([92]), cuireadh toirmeasc in 2021 ar armlón luaidhe a úsáid i mbogaigh, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le nimhiú ó luaidhe.

An Eitlíocht

97. Déanann an eitlíocht difear d'éin ar thrí bhealach shonracha. Ar an gcéad dul síos, is féidir le haerárthaí cur isteach go mór ar éin agus iad ag eitilt ag airdí ísle os cionn a ngnáthóg nó gar dá neadacha le linn shéasúr an phórúcháin. Ar an dara dul síos, d'fhéadfadh aerárthaí bualadh faoi éin, go háirithe le linn dóibh a bheith ag éirí de thalamh agus ag tuirlingt, agus le linn oiliúint le haerárthaí míleata ar leibhéal íseal. Ar an tríú dul síos, d'fhéadfadh aerfoirt éin a mhealladh, toisc gur féidir leo gnáthóga oiriúnacha a sholáthar le haghaidh an phórúcháin, na scíthe nó na sealgaireachta. D'fhéadfadh éin teacht i ngiorracht aerfort go háirithe agus iad ag lorg tearmainn ón diantalmhaíocht in aice láimhe. Dá bhrí sin, ba cheart bearta a dhéanamh chun tionchar na heitlíochta ar éin a íoslaghdú agus, i gcás inar féidir, a chosc, i gcomhar leis na húdaráis sábháilteachta eitilte.

98. Tá bearta éagsúla á gcur chun feidhme cheana féin ag aerfoirt san Eoraip chun laghdú a dhéanamh ar riosca na n-éantuairteanna atá ina n-údar imní ó thaobh na sábháilteachta de. Tá bainistiú gnáthóg ar cheann de na straitéisí is coitianta, arb éard atá ann fásra a chothabháil go cúramach, uisce bodhar a bhainistiú agus foinsí bia a mheallann éin a bhaint. Trí airde an fhéir a bhainistiú, crainn torthúcháin a leagan agus linnte a chumhdach, fágtar nach mbíonn na limistéir sin thart ar aerfoirt chomh tarraingteach céanna d'éin.

99. Sa bhreis ar na bearta sin, coisceann feistí díspreagthacha fisiceacha amhail eangacha agus spící ar éin teacht anuas nó suí i gcriosanna íogaire. Bíonn aerfoirt ag brath níos mó agus níos mó ar theicneolaíocht amhail córais radair agus ceamaraí faireachais chun faireachán a dhéanamh ar ghluaiseachtaí éan i bhfíor-am, rud a chumasaíonn mearfhreagairt nuair a bhraitear ealtaí. Cuirtear de cheangal ar aerfoirt Eorpacha Pleananna um Bainistiú Guaise Fiadhúlra a choinneáil ar bun, lena n-áirithítear go ndéanann pearsanra oilte measúnú ar rioscaí, go gcuireann siad bearta maolaithe chun feidhme, agus go dtuairiscíonn siad tuairteanna fiadhúlra. I dteannta a chéile, cruthaítear cur chuige cuimsitheach leis na straitéisí sin lena n-íoslaghdaítear imbhuailtí éin agus lena gcoinnítear an tsábháilteacht eitlíochta ar bun.

An tÁineas

100. Is féidir le gníomhaíochtaí áineasa amhail siúlóireacht, gaothshurfáil agus surfáil eitleoige, mótarspóirt, féilte ceoil, dreapadóireacht, cadhcáil, bádóireacht, éanbhreathnú, madraí a thugtar amach ag siúl agus iad ligthe den iall agus eitilt drón cur isteach go mór ar éin nó damáiste a dhéanamh dá neadacha. Tá sé de fhreagracht ar na húdaráis náisiúnta bearta coisctheacha leormhaithe a dhéanamh chun a áirithiú go gcomhlíonfar na toirmisc in Airteagal 5 i ndáil le gníomhaíochtaí áineasa. D'fhéadfaí a chuimsiú leis na bearta sin limistéir chiúine a chruthú, fálta, stop a chur le gníomhaíochtaí nó iad a shrianadh, go háirithe le linn shéasúr an phórúcháin, nó córais cheadaithe a thabhairt isteach chun teorainn a chur le gníomhaíochtaí díobhálacha. Ní mór é sin a fhorlíonadh le múscailt feasachta trí úsáid a bhaint as chláir faisnéise, trí fhaisnéis a thabhairt do ghnólachtaí áitiúla agus trí bhileoga faisnéise a dháileadh, agus trí bhearta a fhorfheidhmiú go cuí nuair is gá (féach cás-staidéar 15). Soláthraítear tuilleadh faisnéise ábhartha maidir le gníomhaíochtaí áineasa sa Treoirdhoiciméad maidir le Natura 2000 agus an turasóireacht, atá le fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin.

([91]) Féach an treoraíocht maidir leis an tseilg faoin Treoir maidir le hÉin: https://environment.ec.europa.eu/topics/nature-and-biodiversity/birds-directive/sustainable-hunting-under-birds-directive_ga.

([92]) Rialachán (AE) 2021/57 ón gCoimisiún an 25 Eanáir 2021 lena leasaítear Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH) i dtaca le luaidhe in urchair ghunna i mbogaigh nó i ngiorracht dóibh (IO L 24, 26.1.2021, lch. 19, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/57/oj).

Cás-staidéar 15: Éici-leideanna ar muir agus ar tír

Sa Bhriotáin sa Fhrainc, seoladh feachtas feasachta comhshaoil i samhradh 2019 (ón 15 Meitheamh go dtí an 15 Meán Fómhair) a bhí dírithe ar bhádóirí, bainisteoirí bonneagair calafoirt, turasóirí agus slatiascairí áineasa. Ba é aidhm an fheachtais cuidiú leis na grúpaí sin a dtionchar ar an gcomhshaol a íoslaghdú; agus bhí gníomhaíochtaí an éanbhreathnaithe san áireamh ann. Le cuidiú na bpáirtithe leasmhara, chuir an chomhpháirtíocht ar fáil maingíní faisnéise maidir le sé thopaic, leabhrán i bhFraincis agus i mBéarla araon, póstaer, sraith físeán gearr agus suíomh gréasáin faisnéiseach. Ceapadh beirt ambasadóirí chun cuidiú leis an teachtaireacht a chraobhscaoileadh.

Faoi dheireadh an fheachtais, chuir na hidirghabhálaithe faisnéis ar fáil do 600 duine, rinne siad 338 bhfiosrúchán aonair, thug siad rannpháirt do 32 chumann bádóireachta, dháil siad maingíní agus ábhar eile ag 60 pointe dáileacháin, agus ghlac siad páirt i 28 n-imeacht mhuirí. Gníomhaíocht a bhí ina díol suntais ba ea an feachtas "*Attention, on marche sur des œufs*!", a reáchtáladh ar na tránna uile sa cheantar agus é d'aidhm aige cosc a chur ar dhaoine satailt ar uibheacha agus neadacha a scriosadh.

Tuilleadh faisnéise:

https://www.protegeonslamer.bzh/biodiversite/

4. **AIRTEAGAL 9 DEN TREOIR MAIDIR LE hÉIN**

4.1. **Téacs Airteagal 9**

"1. Féadfaidh na Ballstáit maolú ar fhorálacha Airteagal 5 go hAirteagal 8, i gcás nach bhfuil aon réiteach sásúil eile ann, ar na cúiseanna seo a leanas:

(a) — ar mhaithe le sláinte agus sábháilteacht an phobail,

— ar mhaithe leis an tsábháilteacht aeir,

— chun damáiste tromchúiseach do bharra, beostoc, foraoisí, iascaigh agus uisce a chosc,

— chun flóra agus fána a chosaint;

(b) chun críocha taighde agus teagaisc, athphobalúcháin nó athbhunaithe agus le haghaidh an phórúcháin is gá chun na críocha sin a bhaint amach;

(c) chun cead a thabhairt, ar choinníollacha dianmhaoirsithe agus ar bhonn roghnach, líon beag d'éin áirithe a ghabháil, a choinneáil nó úsáid stuama eile a bhaint astu.

2. Ní mór a shonrú leis na maoluithe dá dtagraítear i mír 1:

(a) na speicis atá faoi réir na maoluithe;

(b) na bealaí, na socruithe nó na modhanna atá údaraithe chun iad a ghabháil nó a mharú;

(c) na coinníollacha riosca agus na cúinsí ama agus áite ina bhféadfar na maoluithe sin a dheonú;

(d) an t-údarás a bhfuil sé de chumhacht aige a dhearbhú go bhfuil na coinníollacha is gá comhlíonta agus a chinneadh cé na bealaí, socruithe nó modhanna is ceadmhach a úsáid, na srianta a bhaineann leis an úsáid sin agus an té atá ceadaithe iad a úsáid;

(e) na rialuithe a dhéanfar.

3. Gach bliain, seolfaidh na Ballstáit tuarascáil chuig an gCoimisiún maidir le mír 1 agus mír 2 a chur chun feidhme.

4. Ar bhonn na faisnéise atá ar fáil don Choimisiún, agus go háirithe an fhaisnéis a chuirtear in iúl dó de bhun mhír 3, áiritheoidh sé i gcónaí nach mbeidh iarmhairtí na maoluithe dá dtagraítear i mír 1 ar neamhréir leis an Treoir seo. Déanfaidh sé na bearta iomchuí chun na críche sin."

4.2. **Breithnithe ginearálta**

101. Le hAirteagal 9 den Treoir maidir le hÉin, déantar foráil maidir leis an deis maolú ar na toirmisc in Airteagal 5 in imthosca eisceachtúla, faoi réir coinníollacha áirithe. Léiríonn an fhoráil sin go bhfuil gá le méid áirithe solúbthachta agus gur gá cothromaíocht a bhaint amach go cúramach idir an gá le cuspóirí caomhnúcháin na Treorach a bhaint amach agus an tábhacht a d'fhéadfadh a bheith ag gabháil leis na forais a leagtar amach in Airteagal 9. Ós rud é gur socruithe eisceachtúla iad maoluithe de réir a gcineáil, ní mór d'údaráis inniúla na mBallstát a áirithiú go gcomhlíonfar na ceanglais uile a leagtar amach in Airteagal 9 sula ndeonófar maolú.

102. Cé go bhfuil raon feidhme na treoraíochta seo teoranta d'Airteagail 5 agus 9, ba cheart a thabhairt faoi deara go gceadaítear le hAirteagal 9 maoluithe a eisiúint freisin i ndáil le hAirteagal 6, Airteagal 7, agus Airteagal 8 den Treoir

103. Ní fhéadfar maoluithe ar cheanglais Airteagail 5 go 8 den Treoir a dheonú ach amháin faoi chuimsiú Airteagal 9 den Treoir maidir le hÉin. Dheimhnigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh roimhe seo nach maolú uathrialach ar Airteagal 5 é Airteagal 2 den Treoir, lena gcuirtear de cheangal ar na Ballstáit bearta a dhéanamh chun pobal na speiceas uile éan a choimeád ar leibhéal a chomhfhreagraíonn do cheanglais éiceolaíocha, eolaíocha agus chultúrtha, agus ceanglais eacnamaíocha agus áineasa á gcur san áireamh an tráth céanna ([93]). Gur shoiléirigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh nach mór an scéim um maolú dá bhforáiltear le hAirteagal 9 "a léirmhíniú go docht agus an t-ualach a fhorchur ar an údarás a dhéanann an cinneadh a chruthú go bhfuil na coinníollacha sin ann le haghaidh gach maolaithe ([94]).

104. Dá bhrí sin, is faoi na Ballstáit atá sé a gcreat rialála a dhearadh ar bhealach lena n-áiritheofar go gcuirfear forálacha maidir le maoluithe i bhfeidhm i gcomhréir le prionsabal na deimhneachta dlíthiúla ([95]). Rialaigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh nach mór na critéir don mhaolú a shonrú go soiléir agus go beacht sa reachtaíocht náisiúnta ábhartha agus é a chur de cheangal ar na húdaráis inniúla na critéir sin a chur san áireamh ([96]). Dhearbhaigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh freisin, i gcás socruithe eisceachtúla amhail maoluithe, gur gá a áirithiú nach féidir na gníomhaíochtaí uile a dhéanann difear do na speicis faoi chosaint a údarú ach amháin ar bhonn cinntí ina mbeidh ráiteas soiléir leormhaith ina dtagraítear do na cúiseanna, na coinníollacha agus na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 9 ([97]).

105. Is réamhriachtanas é Airteagal 9 a thrasuí go hiomlán agus go cruinn chun a fhorálacha a chur chun feidhme go cuí. Ar an gcúis sin, ní féidir a mheas gur comhlíontacht chuí é ceanglais Airteagal 9 a urramú ar bhonn cleachtais riaracháin ([98]). Is éard a shonraigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh 'na critéir nach mór do na Ballstáit a chomhlíonadh chun maolú ar na toirmisc a leagtar síos sa Treoir, is critéir iad nach mór a atáirgeadh i bhforálacha náisiúnta sonracha, ós rud é go mbíonn trasuí dílis thar a bheith tábhachtach i gcás ina gcuirfear bainistiú na comhoidhreachta de chúram ar na Ballstáit ina gcríocha féin.' ([99]) Tá forálacha Airteagal 9 den Treoir maidir le hÉin difriúil leo siúd atá sa chóras comhchosúil um maolú faoi Airteagal 16 den Treoir maidir le Gnáthóga. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit idirdhealú soiléir a dhéanamh idir forálacha difriúla maidir le maoluithe ar an dá threoir agus na forálacha á dtrasuí sa chreat dlíthiúil náisiúnta.

([93]) Cás C-247/85, *An Coimisiún v An Bheilg*, mír 8.
([94]) Cás C-557/15, *An Coimisiún v Málta*, mír 47; Cás C-76/08, *An Coimisiún v Málta*, mír 48; Cás C-217/19, *An Coimisiún v An Fhionlainn* (Seilg na n-eadar fireann san Earrach), mír 66.
([95]) Cás C-557/15, *An Coimisiún v Málta*, mír 47.
([96]) Cás C-557/15, *An Coimisiún v Málta*, mír 47.
([97]) Cás C-557/15, *An Coimisiún v Málta*, mír 47; féach freisin Cás C-217/19, *An Coimisiún v An Fhionlainn* (Seilg na n-eadar fireann san Earrach), mír 66.
([98]) Cás C-339/87, *An Coimisiún v An Ísiltír*, mír 29.
([99]) Cás C-339/87, *An Coimisiún v An Ísiltír*, mír 36.

106. Tá trí choinníoll in Airteagal 9 nach mór a chomhlíonadh más mian le Ballstát maolú ar Airteagail 5 go 8. Dheimhnigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ina dhiaidh sin an cinneadh 'ar an gcéad dul síos, nach mór don Bhallstát an maolú a shrianadh do chásanna nach bhfuil aon réiteach sásúil eile orthu ann; ar an dara dul síos, nach mór an maolú a bheith bunaithe ar cheann amháin ar a laghad de na cúiseanna dá bhfuil liosta uileghabhálach in Airteagal 9(1)(a), (b) agus (c); ar an tríú dul síos, nach mór don mhaolú na coinníollacha foirmiúla beachta a leagtar amach in Airteagal 9(2) a chomhlíonadh, ar coinníollacha iad a bheartaítear chun teorainn a chur le maoluithe don mhéid a mbeidh fíorghá leis agus é a chur ar a chumas don Choimisiún maoirseacht a dhéanamh orthu' ([100]).

107. De réir chásdlí bunaithe Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh,, 'ní fhéadfar maoluithe faoi Airteagal 9 den Treoir a úsáid ach amháin más rud é go n-áiritheofar go gcoimeádfar pobal an speicis lena mbaineann ar leibhéal sásúil.' ([101]) Ní mór do na húdaráis inniúla atá freagrach as eisiúint na maoluithe a áirithiú go gcomhlíonfar na trí choinníoll agus nach mbaineann maoluithe an bonn den obair chun cuspóirí foriomlána na Treorach maidir le hÉin a bhaint amach sa chaoi go gcoimeádfar pobail speiceas ar leibhéal sásúil nó go ndéanfar dul chun cinn i dtreo leibhéal sásúil. Dá bhrí sin, is gá faireachán a dhéanamh ar úsáid maoluithe agus ar a n-impleachtaí do na speicis éan lena mbaineann (agus do speicis eile i gcás inarb ábhartha).

108. Sa chomhthéacs sin, ní mór raon feidhme aon mhaolaithe a shainiú i dtéarmaí soiléire beachta is infheidhme maidir leis an gcás sonrach ([102]) agus lena dtugtar aghaidh ar fhadhb áirithe. Dá bhrí sin, ní mór maoluithe a theorannú go leormhaith, rud a chiallaíonn nach féidir iad a eisiúint ar bhonn téarmaí ginearálta, nó ar feadh tréimhsí éiginnte de réir Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ([103]). Ba cheart raon feidhme geografach maolaithe a shainiú chomh soiléir agus is féidir. Ba cheart a léiriú go bhfuil nasc cúisíoch idir an fhadhb ar a bhfuil aghaidh le tabhairt agus an ghníomhaíocht a bhfuil maolú ag teastáil ina leith ([104]). Dá bhrí sin, ní mór teorainn dhocht a chur leis an raon feidhme don mhéid is gá chun aidhm dhlisteanach an mhaolaithe atá i gceist a bhaint amach agus ní mór nasc soiléir a léiriú leis an gcuspóir atá á shaothrú ([105]). Áirithítear é sin tríd an bhfaisnéis a cheanglaítear faoi Airteagal 9(2) a chuimsiú leis an gcinneadh maidir le maolú.

109. Dá bhrí sin, ba cheart aon cheadúnas nó ionstraim eile lena ndeonaítear maolú a bheith iomlán agus soiléir ina thagairtí nó ina tagairtí do na coinníollacha nach mór an maolú a bheith i gcomhréir leo. Cuireann sé sin ar a gcumas do na húdaráis inniúla, lena n-áirítear breithiúna, maoirseacht a dhéanamh ar na maoluithe a dheonaítear freisin ([106]).

110. Deonaítear maoluithe gan dul i gcomhairle leis an gCoimisiún, rud a chiallaíonn go dtarlaíonn an nós imeachta formheasa ina iomláine ar an leibhéal náisiúnta. A luaithe a dheonófar iad, ní mór na maoluithe sin a áireamh i dtuarascáil chuig an gCoimisiún gach bliain, i gcomhréir le hAirteagal 9(3) den Treoir ([107]). Faoi Airteagal 9(4), ceanglaítear ar an gCoimisiún a áirithiú ansin nach mbeidh iarmhairtí na maoluithe sin ar neamhréir leis an Treoir. Cuirtear de cheangal ar an gCoimisiún bearta iomchuí a dhéanamh chuige sin.

([100]) Cás C-247/85, *An Coimisiún v An Bheilg*, mír 7.
([101]) Féach mar shampla Cás C-76/08, *An Coimisiún v Málta*, mír 59.
([102]) Cás C-247/85, *An Coimisiún v An Bheilg*, mír 7.
([103]) Cás C-247/85, *An Coimisiún v An Bheilg*, míreanna 28 agus 34.
([104]) Féach, *mutatis mutandis*, Cás C-601/22, *WWF Österreich agus páirtithe eile*, mír 73.
([105]) Cás C-79/03, *An Coimisiún v An Spáinn*, mír 28. Sa chás sin, cháin Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an úsáid a baineadh as modhanna seilge traidisiúnta neamhroghnaitheacha toisc nárbh fhéidir aon nasc a dhéanamh idir an cleachtas ab ábhar don mhaolú agus an cuspóir a sonraíodh: damáiste tromchúiseach do bharra a chosc.
([106]) Ba cheart a mheabhrú, de réir Airteagail 278 agus 279 CFAE, go bhféadfaidh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a ordú go bhfionrófar feidhm an ghnímh a chonspóidtear má mheasann sí gur gá sin sna himthosca agus go bhféadfaidh sí, in aon chás os a comhair, aon bheart idirlinne is gá a fhorordú. Mar shampla, i gCás C-503/06, *an Coimisiún v an Iodáil*, d'ordaigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh don Iodáil cur i bhfeidhm dlí réigiúnaigh lena ndeonaítear maoluithe seilge a chur ar fionraí.
([107]) Is féidir féachaint ar mhaoluithe aonair ag https://www.eea.europa.eu/data-and-maps/dashboards/derogations-and-exceptions-table. Forbhreathnú ar mhaoluithe agus ar eisceachtaí ón gcosaint speiceas ar fud an Aontais – https://www.eea.europa.eu/en/analysis/maps-and-charts/overview-of-derogations-and-exceptions-dashboards.

Tacaíocht Phraiticiúil 3 maidir le Cur Chun Feidhme: Uirlis TF ar líne lena laghdaítear an t-ualach riaracháin agus lena n-éascaítear maoluithe ó na Ballstáit a thuairisciú

Is ardán tiomnaithe TF ar líne é an Córas Tuairiscithe Maoluithe+ faoi na Treoracha maidir le hÉin agus Gnáthóga atá á bhainistiú ag an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil agus a úsáideann na Ballstáit (lena n-áirítear réigiúin agus riaracháin áitiúla eile) chun faisnéis a thaifeadadh, a bhainistiú agus a tharchur maidir le maoluithe a dheonaítear faoin Treoir maidir le hÉin agus faoin Treoir maidir le Gnáthóga. Soláthraíonn sé córas aonair láraithe nua-aimseartha chun maoluithe a thuairisciú, lena n-áirítear na bunúis dlí leo, a gcuspóirí, na speicis lena mbaineann, raon feidhme geografach agus fad na maoluithe agus na coinníollacha a ghabhann leo. Trí úsáid a bhaint as réimsí sonraí agus sainmhínithe coiteanna, tacaíonn an Córas Tuairiscithe Maoluithe+ faoi na Treoracha maidir le hÉin agus Gnáthóga le hAirteagal 9 den Treoir maidir le hÉin agus le hAirteagal 16 den Treoir maidir le Gnáthóga a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ar fud an Aontais.

Cuireann an t-ardán saoráidí tuairiscithe struchtúrtha ar fáil lena dtreoraítear na Ballstáit trí shonraí maoluithe a chur isteach, lena n-áirítear teimpléid réamhshainithe, réimsí sainordaitheacha agus seiceálacha uathoibrithe a chuidíonn le hiomláine agus soiléireacht a áirithiú. Cuireann an Córas Tuairiscithe Maoluithe+ faoi na Treoracha maidir le hÉin agus Gnáthóga é ar a gcumas d'údaráis náisiúnta taifid ar mhaoluithe a thabhairt cothrom le dáta agus a cheartú le himeacht ama agus éascaíonn sé an measúnú comhlíontachta, an obair leantach agus an anailís chomparáideach a dhéanann an Coimisiún. Tríd an méid sin a dhéanamh, laghdaítear an t-ualach riaracháin agus ilroinnt na gcleachtas tuairiscithe, rud lena gcuirtear feabhas ar thrédhearcacht agus ar inrianaitheacht na húsáide a bhaintear as maoluithe ar leibhéal an Aontais.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil:


https://circabc.europa.eu/ui/group/173a90fc-40bf-492d-a3a9-df99c4aa8807/library/cfc38522-bd5e-4237-af4b-37928504ee87/details.

4.3. **Coinníollacha maidir le maoluithe a chur i bhfeidhm faoi Airteagal 9**

111. Ní fhéadfar maolú bailí a dheonú ach amháin má chomhlíontar na trí choinníoll a leagtar amach in Airteagal 9 ([108]).

112. Mar chéad choinníoll, sonraítear in Airteagal 9(1) nár cheart aon réiteach sásúil eile a bheith ann ar an tsaincheist shonrach arb é is aidhm don mhaolú aghaidh a thabhairt uirthi. Ar an dara dul síos, ní mór an maolú a ghlacadh ar cheann amháin de na sé fhoras a shonraítear in Airteagal 9(1)(a) go (c) den Treoir. Ar deireadh, ní mór an maolú a bheith i gcomhréir le ceanglais theicniúla Airteagal 9(2).

([108]) Cás C-247/85, *An Coimisiún v An Bheilg*, mír 7.



Coinníoll 1: Gan aon réiteach sásúil eile a bheith ann

113. Sonraítear in Airteagal 9(1) nach bhféadfaidh na Ballstáit maolú ar cheanglais Airteagail 5 go 8 ach amháin 'i gcás nach bhfuil aon réiteach sásúil eile ann'. Ciallaíonn sé sin nach féidir maolú a dheonú dá bhféadfaí an toradh céanna a bhaint amach go sásúil ar bhealach difriúil lena seachnófaí sárú ar Airteagal 5 ina iomláine nó nach mbeadh chomh díobhálach céanna i bhfianaise thoirmisc agus chuspóirí na Treorach.

114. Bunaithe ar chásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, is féidir a mheas go bhfuil trí cheist i gceist leis an anailís a dhéanfar ar cé acu atá nó nach bhfuil 'aon réiteach sásúil eile' ann: (1) Cad í an fhadhb nó an cás sonrach ar ar gá aghaidh a thabhairt? (2) An bhfuil aon réiteach eile ann? (3) Más ea go bhfuil, an réiteoidh sé sin an fhadhb nó an cás sonrach atá i gceist ar bhealach sásúil ([109])?

115. An measúnú ar réitigh shásúla eile a bheith ar fáil, ba cheart é a dhéanamh ar bhonn cás ar chás agus ar bhonn na fianaise is fearr dá bhfuil ar fáil agus comhréireacht á cur san áireamh i bhfianaise thionchar an mhaolaithe agus an ghá atá leis an ngníomhaíocht. Ní mór 'ráiteas soiléir leormhaith ar chúiseanna', a áireamh leis an gcinneadh lena ndeonaítear an maolú, arb í an chonclúid a bhaintear as nach bhfuil aon réiteach sásúil eile ann ([110]).

116. Dá bhrí sin, san anailís ar cé acu atá 'aon rogha mhalartach shásúil eile ann' nó nach bhfuil, toimhdítear go bhfuil fadhb nó cás sonrach ann agus gur gá aghaidh a thabhairt air. Iarrtar ar na húdaráis náisiúnta inniúla an fhadhb nó an cás sin a réiteach tríd an rogha is iomchuí a roghnú, as measc na roghanna malartacha atá ann, lena n-áiritheofar an chosaint is fearr don speiceas agus aghaidh á tabhairt ar an bhfadhb nó ar an gcás an tráth céanna. Chun cosaint speiceas a áirithiú, ní mór measúnú a dhéanamh ar na roghanna malartacha in aghaidh na dtoirmeasc a liostaítear in Airteagal 5. Mar shampla, d'fhéadfadh suíomhanna malartacha le haghaidh tionscadal a bheith i gceist leo, scálaí nó dearaí difriúla don fhorbairt, nó gníomhaíochtaí, próisis nó modhanna malartacha.

117. Mar shampla, agus measúnú á dhéanamh ar 'réitigh shásúla eile' ar na bearta faoi Airteagal 9(1)(a), an tríú fleasc, a bheith ann, arb é is aidhm dóibh damáiste tromchúiseach do bharra, beostoc, foraoisí, iascaigh agus uisce a chosc, ba cheart tús áite a thabhairt do mhodhanna neamh-mharfacha, coisctheacha agus indéanta atá comhoiriúnach le hAirteagal 5 nó, ar a laghad, ba cheart scrúdú ceart a dhéanamh orthu. I bhformhór na gcásanna, d'fhéadfadh sé gur rogha mhalartach shásúil ar úsáid maoluithe faoi Airteagal 9(1)(a) iad bearta lena gcoisctear damáiste do bharra nó do bheostoc (amhail athruithe ar chleachtais feirmeoireachta, chomh maith le feabhsú ar na dálaí gnáthóige a chur chun cinn). D'fhéadfadh bearta coisctheacha eile, amhail faisnéis eolaíochtbhunaithe a scaipeadh chun coinbhleacht a laghdú (mar shampla iompraíocht an duine) a bheith ina gcuid de na roghanna malartacha sásúla ar rialú marfach a úsáid.

118. Tar éis an fhadhb nó an cás sonrach ar a bhfuil aghaidh le tabhairt a shainaithint agus tar éis a fhíorú go bhfuil sé i gcomhréir leis na forais a liostaítear in Airteagal 9(1), ba cheart na réitigh éagsúla chun aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb nó ar an gcás sin go sásúil a bhreithniú leis an measúnú. Agus rialú á dhéanamh ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh maidir le roghanna malartacha sásúla i gcás a bhaineann le héin a ghaistiú, chinn an Chúirt nach leor nach bhfuil beart eile indéanta ar mhórscála fós chun teacht ar an gconclúid nach 'réiteach sásúil eile' é an beart eile ([111]).

119. Dá bhrí sin, ní féidir a mheas go bhfuil réiteach eile míshásúil díreach toisc go mbeadh sí níos míchaoithiúla do thairbhithe an mhaolaithe nó go gcuirfeadh sé iallach ar na tairbhithe sin a n-iompraíocht a athrú ([112]). Maidir leis sin, cinneadh nár leor na hargóintí a bhí bunaithe ar 'thraidisiún domhainfhréamhaithe' nó ar 'thraidisiún stairiúil agus cultúrtha' na gcleachtas seilge chun údar a thabhairt leis an ngá le maolú ([113]). Thairis sin, ní féidir a mheas gur aidhm ann féin é modh seilge ar leith a úsáid, ós rud é gur modh é modh seilge, mar gheall ar a bhfuil i gceist leis ar ndóigh, chun aidhm a bhaint amach. Go deimhin, dá measfaí gur aidhm ann féin é modh seilge ar leith a úsáid, ba leormhaith tús áite a thabhairt do mhodh seilge amháin thar mhodh eile chun an tástáil 'gan aon réiteach sásúil eile a bheith ann' a chomhlíonadh. Bhainfeadh sé sin an bonn d'fheidhm Airteagal 9 rannchuidiú le cuspóirí na Treorach a bhaint amach.

120. Braitheann réitigh shásúla mhalartacha a bheith ar fáil ar thosca amhail an speiceas lena mbaineann, an foras le maolú atá á shaothrú, an limistéar sonrach lena mbaineann agus an Ballstát ina dtarlaíonn sé. Mar shampla, d'fhéadfadh teicnící scanraithe a bheith ina réiteach malartach sásúil chun damáiste do bharra ó speicis áirithe a chosc, ach d'fhéadfadh sé nach mbeadh sé sin sásúil le haghaidh speicis eile atá níos dianseasmhaí agus nach ndéanfadh ach filleadh ar an limistéar a luaithe nach mbeifí ag cur isteach orthu a thuilleadh.

([109]) Cás C-10/96, *Ligue Royale Belge pour la protection des oiseaux*. Féach freisin an Treoirleabhar maidir leis an tSeilg inbhuanaithe faoin Treoir maidir le hÉin, mír 3.4.2.

([110]) Cás C-557/15, *An Coimisiún v Málta*, mír 50.

([111]) Cás C-10/96, *Ligue Royale Belge pour la protection des oiseaux*, mír 22.

([112]) Cás C-900/19, *One Voice*, míreanna 40 agus 41.

([113]) Cás C-79/03, *An Coimisiún v An Spáinn*, mír 27.

121. Agus measúnú á dhéanamh ar bheart malartach a d'fhéadfadh a bheith ann, d'fhéadfadh sé gurbh iomchuí comhréireacht réiteach eile a chur san áireamh freisin. Baineann an costas eacnamaíoch atá ar rogha atá indéanta go teicniúil le hábhar agus is féidir é a chur san áireamh. Mar sin féin, ní féidir gurb é sin an t-aon toisc chinntitheach amháin agus roghanna malartacha á gcur as an áireamh chun an aidhm atá á saothrú a bhaint amach ([114]).

122. Is féidir measúnú a dhéanamh ar chomhréireacht réiteach eile trí thagairt a dhéanamh do leibhéil pobail agus do threochtaí an speicis dá ndéanfaí difear leis an mbeart atá á mheas ([115]). Chinn Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh nach mór measúnú a dhéanamh ar thionchar na gníomhaíochta atá i gceist ar leibhéal an phobail agus ar an ngá atá leis an ngníomhaíocht sin, chomh maith leis na réitigh mhalartacha chun an aidhm atá á saothrú a bhaint amach ([116]). Mar shampla, mar chuid den chinntiúchán maidir le comhréireacht birt, d'fhéadfadh sé go bhféadfaí réiteach eile a eisiamh dá mbeadh costais mhóra eacnamaíocha i gceist leis agus mura gcuirfí ar fáil ach tairbhí mionchúiseacha i gcomhthéacs chuspóirí na Treorach, agus b'amhlaidh an cás go háirithe le haghaidh speicis a bhfuil a bpobail os cionn leibhéil shásúla. I gcodarsnacht leis sin, má tá mionmhéadú costais i gceist leis an mbeart eile i gcomparáid leis an mbeart atá beartaithe, ach má tá sé níos ailínithe le cuspóirí na Treorach, is réiteach sásúil eile é an beart sin.

123. Dá bhrí sin, an caighdeán fianaise chun an coinníoll a chomhlíonadh nach bhfuil aon réiteach sásúil eile ann, bíonn sé níos airde más rud é go bhféadfadh impleachtaí a bheith ann do bhaint amach chuspóirí na Treorach dá ndeonófaí an maolú.

124. Ní féidir údar a thabhairt le húsáid an mhaolaithe ach amháin nuair a dhéanfar léiriú leormhaith nach bhfuil roghanna malartacha a d'fhéadfadh a bheith ann sásúil, agus na breithnithe thuasluaite á gcur san áireamh, agus nuair a chomhlíonfar na coinníollacha eile freisin. Mar sin féin, má tá beart sásúil go páirteach fiú mura dtugtar aghaidh ar an bhfadhb go leormhaith leis, ach más féidir an fhadhb a laghdú nó a mhaolú leis fós, ba cheart é a chur chun feidhme ar dtús. Agus é á chinneadh nach bhfuil aon réiteach sásúil eile ann, is gá ráiteas mionsonraithe ar na cúiseanna a bheith mar bhonn taca leis an gcinneadh maidir le maolú, ar ráiteas é atá bunaithe ar an eolas eolaíoch ábhartha is fearr agus ina leagtar amach na cúiseanna a thug ar an údarás inniúil teacht ar an gconclúid sin ([117]).

Samplaí praiticiúla

125. I roinnt mhaith cásanna, d'fhéadfadh sé gur rogha mhalartach shásúil ar úsáid maoluithe faoi Airteagal 9 iad bearta chun damáiste a chosc, lena n-áirítear feistí díspreagtha fiadhúlra, athruithe ar chleachtais bainistithe talmhaíochta, limistéir shábháilte, chomh maith le dea-bhail ghnáthóg na speiceas lena mbaineann nó pobail chreiche na speiceas lena mbaineann a athbhunú, nó meascán beart. Mar shampla, i gcás na sábháilteachta aeir, baintear úsáid go forleathan as bainistiú fásra chun aerfoirt a dhéanamh mítharraingteach don fhiadhúlra agus as teicnící chun iad a dhíspreagadh, agus uaireanta d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le meascán de bhearta difriúla chun damáistí a chosc go héifeachtach.

126. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh sé nach bhféadfaí díobháil thoirmiscthe a sheachaint go hiomlán, rud a chiallaíonn gur cheart an réiteach a roghnú a mbeidh an tionchar is lú aige i bhfianaise na dtoirmeasc in Airteagal 5 agus chuspóirí na Treorach. Rud a d'fhéadfaí a chuimsiú leis sin is ea úsáid na dteicnící scanraithe in éineacht le rialú marfach teoranta chun an scanrú a dhéanamh níos éifeachtaí, seachas rogha an scanraithe a chur as an áireamh go hiomlán.

127. Fadhbanna ar ghá maoluithe a chur i bhfeidhm ina leith, is minic a bhíonn siad ann de dheasca meathlú a theacht ar ghnáthóga agus laghdú ar infhaighteacht an bhia. Mar shampla, maidir le tionchar na creachadóireachta a dhéanann roinnt coirbhideach nó éin chreiche ar éin a neadaíonn ar an talamh, amhail an Phatraisc (*Perdix perdix*), is í cailliúint gnáthóg maith neadúcháin agus tógála ina mbíonn foscadh agus bia ar fáil is cúis i bpáirt leis an tionchar sin. Dá bhrí sin, ba cheart réitigh fhadtéarmacha atá bunaithe ar éiceachórais a chur chun feidhme, amhail dea-bhail ghnáthóige a athbhunú do speicis, dóibh siúd is cúis le coinbhleachtaí agus dóibh siúd a mbaineann an tionchar dóibh araon, ba cheart iad a chur chun feidhme in éineacht le haon réiteach gearrthéarmach, a bhféadfadh maolú a bheith i gceist leis agus arb é is aidhm dó aghaidh a thabhairt ar aon fhadhb phráinneach.

([114]) Féach, *mutatis mutandis,* Cás C-601/22, *WWF Österreich*, mír 82.
([115]) Cás C-784/23, *Voore Mets agus Lemeks Põlva*, míreanna 54-56.
([116]) Cás C-784/23, *Voore Mets agus Lemeks Põlva*, mír 56.
([117]) Cás C-900/19, *One Voice,* mír 32.

128. A mhéid a bhaineann le réitigh shásúla eile chun críche taighde, ba cheart a lua in aon chinneadh chun maolú a dheonú nach bhfuil modhanna eolaíocha caighdeánacha eile taighde ann i réimse na héaneolaíochta ([118]) agus ba cheart ráiteas beacht leormhaith ar na cúiseanna a bheith sa chinneadh a mhéid a bhaineann leis an easpa sin.

Coinníoll 2: Ceann de na sé fhoras in Airteagal 9(1)(a)-(c) a léiriú

129. Sula bpléifear gach ceann de na forais nach mór a bheith ann chun maolú ar oibleagáidí cosanta speiceas na Treorach maidir le hÉin, is ábhartha a thabhairt faoi deara gur liosta uileghabhálach atá ann. Dá thoradh sin, ní féidir maoluithe a dhéanamh ach amháin i gcás ina saothraítear aon cheann de na ceannteidil a shainaithnítear in Airteagal 9(1) (a) agus (b) leo nó i gcás ina ndéantar iad i gcomhréir le sonraíochtaí Airteagal 9(1)(c). Ní phléitear anseo an foras le maolú faoi fhomhír (c) 'cead a thabhairt, ar choinníollacha dianmhaoirsithe agus ar bhonn roghnaitheach, líon beag d'éin áirithe a ghabháil, a choinneáil nó úsáid stuama eile a bhaint astu' toisc go dtugtar tuairisc air cheana féin sa 'Treoirleabhar maidir leis an tseilg inbhuanaithe faoin Treoir maidir le hÉin.' ([119]).

Airteagal 9(1)(a), an chéad fhleasc: ar mhaithe le **sláinte agus sábháilteacht an phobail**.

130. Cumhdaítear leis an bhforas seo imthosca amhail an pobal a chosaint ar ghalair agus tionóiscí a chosc. An foras seo le maolú, baineann sé le cásanna ina ndéantar gníomhaíochtaí chun rioscaí a chosc a bhaineann le sláinte agus sábháilteacht an duine ach ina dtagann na gníomhaíochtaí sin salach ar an ngá le speicis éan a chosaint agus ina sáraíonn na cásanna an gá sin.

131. Le húsáid an téarma 'pobal', léirítear nach féidir ach leasanna an phobail a chuireann comhlachtaí poiblí nó príobháideacha chun cinn a chur sa mheá in aghaidh aidhmeanna caomhnúcháin na Treorach. Dá bhrí sin, tionscadail atá go hiomlán chun leas cuideachtaí nó daoine aonair, ní mheastar go bhfuil siad ar mhaithe le leas an phobail go hiondúil, ach amháin má chomhlíontar cuspóir níos leithne leo an tráth céanna. Dheimhnigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh go bhféadfadh an ceannteideal seo cosc dóiteán, tuilte agus galar a chumhdach ([120]). Cás a bheadh ina shampla praiticiúil eile de sin is ea éilliú taiscumair uisce óil nó saoráide stórála bia le cac éan a chosc.

132. Ní fhéadfar maoluithe den sórt sin a dheonú ach amháin i ndáil le cásanna sonracha inar tábhachtaí leas na sláinte agus na sábháilteachta poiblí ná an chosaint éan ([121]). Dá bhrí sin, ní mór a shuí go bhfuil nasc ann idir an ghníomhaíocht a cheadaítear faoin maolú agus an t-ábhar imní ó thaobh na sláinte agus na sábháilteachta poiblí de a shainaithnítear. Chuige sin, ní mór an córas um maolú a bheith teorannaithe go leormhaith agus na dálaí riosca a shonrú chomh maith leis na cúinsí ama agus na háiteanna ina bhféadfar maoluithe a dheonú ([122]). I gcás shampla an éillithe ó chac éan, ní leormhaith ann féin cac, nó nead, a bheith ann chun maolú a dheonú. Ní mór a léiriú go bhfágann suíomh na neadacha nó a líon gur ann d'fíor-riosca don tsláinte.

133. De réir Airteagal 16f de Threoir (AE) 2023/2413 (an Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite III ([123])), chun críocha Airteagal 9(1)(a) den Treoir maidir le hÉin, nuair a bheidh na leasanna dlíthiúla i gcás ar leith á gcur sa mheá, glactar leis go bhfónann pleanáil, tógáil agus oibriú gléasraí fuinnimh in-athnuaite, a nascadh leis an eangach, an eangach ghaolmhar féin, agus sócmhainní stórála don sláinte agus sábháilteacht phoiblí ([124]). Is féidir agóid a dhéanamh in aghaidh na toimhde sin agus tá sí faoi réir measúnú cás ar chás. Féadfaidh na Ballstáit, in imthosca sonracha a bhfuil údar cuí leo, cur i bhfeidhm an Airteagail sin a shrianadh do chodanna áirithe dá gcríoch, do chineálacha áirithe teicneolaíochta nó do thionscadail ag a bhfuil airíonna teicniúla áirithe i gcomhréir leis na tosaíochtaí a leagtar amach ina bpleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide arna dtíolacadh de bhun Airteagail 3 agus 14 de Rialachán (AE) 2018/1999.

([118]) Féach Cás C-23/23, *An Coimisiún v Málta*, mír 69.

([119]) *Guide to sustainable hunting under the Birds Directive* [Treoirleabhar maidir leis an tseilg inbhuanaithe faoin Treoir maidir le hÉin], Roinn 3.5, leathanach 58. https://circabc.europa.eu/ui/group/3f466d71-92a7-49eb-9c63-6cb0fadf29dc/library/4b5dffd4-369c-4c4b-a249-625adc2a7545.

([120]) Cás C-247/85 *An Coimisiún v An Bheilg*, mír 27.

([121]) Cás C-247/85 *An Coimisiún v An Bheilg*, mír 27.

([122]) Cás C-247/85 *An Coimisiún v An Bheilg*, mír 28.

([123]) Treoir (AE) 2023/2413 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Deireadh Fómhair 2023 lena leasaítear Treoir (AE) 2018/2001, Rialachán (AE) 2018/1999 agus Treoir 98/70/CE a mhéid a bhaineann le fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn, agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle Treoir (AE) 2023/2413 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Deireadh Fómhair 2023 lena leasaítear Treoir (AE) 2018/2001, Rialachán (AE) 2018/1999 agus Treoir 98/70/CE a mhéid a bhaineann le fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn, agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle (IO L, 2023/2413, 31.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2023/2413/oj).

([124]) Airteagal 16(f) de Threoir (AE) 2023/2413.

134. Foráiltear le hAirteagal 15(3) de Rialachán (AE) 2024/1735 (an Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta) ([125]) go bhfuil tionscadail straitéiseacha ghlan-nialasachta ([126]) agus tionscadail monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta i sainlimistéir dlúsúlachta glan-nialasachta ainmnithe ([127]) ar mhaithe le leas an phobail agus go bhféadfar a mheas go bhfónann siad do leasanna na sláinte agus na sábháilteachta poiblí ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha uile a leagtar amach sa Treoir maidir le hÉin ([128]).

135. Ina theannta sin, faoi Airteagal 10(2) de Rialachán (AE) 2024/1252 (an Gníomh um Amhábhair Chriticiúla) ([129]), tionscadail straitéiseacha a rannchuidíonn le slándáil soláthair amhábhar straitéiseach, meastar go bhfónann siad don tsláinte agus don tsábháilteacht phoiblí ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha uile a leagtar amach sa Treoir maidir le hÉin. Dá thoradh sin, mar is amhlaidh sna cásanna uile agus maoluithe á ndeonú faoi bhun Airteagal 9, is gá fós a léiriú go gcomhlíontar na coinníollacha eile faoi Airteagal 9 den Treoir maidir le hÉin, mar atá, nach bhfuil réitigh shásúla mhalartacha eile ann agus ceanglais theicniúla Airteagal 9(2).

Airteagal 9(1)(a), an dara fleasc: ar mhaithe leis an **tsábháilteacht eitlíochta**.

136. Is guais mhór iad speicis éan trom agus/nó éan ar eitilt ina n-ealta do shábháilteacht aerchriú, paisinéirí agus aerárthaí. D'fhéadfadh imbhuailtí le speicis éan den sórt sin a bheith ina gcúis le moilleanna, damáiste d'aerárthaí agus fiú le tuairteanna, rud a mbíonn bás daoine agus iarmhairtí forleathana airgeadais don tionscal eitlíochta mar thoradh air. Bíonn imbhuailtí marfach i gcónaí do na héin a bhuailtear, rud a fhágann go mbíonn saincheisteanna ann ó thaobh caomhnaithe de nuair is eiseamail iad de speicis atá neamhchoitianta nó i mbaol. Ag mórán aeradróm agus aerfort, déantar bearta bainistíochta chun éantuairteanna faoi aerárthaí a chosc ([130]). Baineann réitigh den sórt sin le gnáthóga a bhainistiú chun tarraingteacht an láithreáin d'éin agus d'ealtaí éan a laghdú agus teicnící éagsúla scanraithe amhail canóin a chruthaíonn torainn arda. Is féidir Airteagal 5 den Treoir a shárú le bearta den sórt sin, go háirithe fomhír (d) arb éard atá ann toirmeasc ar chur isteach go mór ar éin. I mórán cásanna, bíonn réitigh shásúla eile ar fáil a bhíonn níos éifeachtaí agus níos marthanaí ná an marú. Mar shampla, ba cheart cuimhneamh freisin ar ghnáthóga a athbhunú i bhfad ón aeradróm chun na héin a atreorú, nuair is ábhartha, agus leis sin, seachnófaí an gá le maolú.

Airteagal 9(1)(a), an tríú fleasc: chun **damáiste tromchúiseach do bharra, beostoc, foraoisí, iascaigh agus uisce** a chosc

137. Cumhdaítear leis an bhforas sin leasanna eacnamaíocha áirithe, i measc nithe eile, a bhaineann leis na réimsí sin. Is de chineál cáilíochtúil é, dá bhrí sin ní féidir é a chur i bhfeidhm ach amháin i gcás ina mbeidh an damáiste 'tromchúiseach'. Dá bhrí sin, ní féidir a mheas gur leormhaith miondamáiste nó bagairt mhiondamáiste chun maolú a dheonú faoin gceannteideal sin ([131]).

138. Is de chineál coisctheach é an foras sin, rud a chiallaíonn gur féidir feidhm a bheith aige sula ndéanfar damáiste tromchúiseach. Ina leith sin, is féidir leis na Ballstáit brath ar dhamáiste athfhillteach a bhí ann san am a chuaigh thart agus ar an dóchúlacht dá dheasca sin go ndéanfaí damáiste tromchúiseach atá nasctha le pobail éan sainaitheanta arís in éagmais gníomhaíochta ([132]). Ní mór fianaise a bheith mar bhonn taca le húsáid an fhorais sin

([125]) Rialachán (AE) 2024/1735 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le creat beart a bhunú chun éiceachóras monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta na hEorpa a neartú agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1724 (IO L, 2024/1735, 28.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1735/oj).

([126]) Airteagal 15(3) de Rialachán (AE) 2024/1735 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le creat beart a bhunú chun éiceachóras monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta na hEorpa a neartú.

([127]) Airteagal 18(4) de Rialachán (AE) 2024/1735 maidir le creat beart a bhunú chun éiceachóras monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta na hEorpa a neartú.

([128]) Na tionscadail a bhaineann leis an tionscal glan-nialasachta a chumhdaítear faoi Rialachán (AE) 2024/1735, níl siad díolmhaithe ó na hoibleagáidí faoi Airteagal 9 den Treoir maidir le hÉin, a leanann a gcoinníollacha d'fheidhm a bheith acu mar is gnách.

([129]) Rialachán (AE) 2024/1252 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 lena mbunaítear creat chun soláthar slán inbhuanaithe amhábhar criticiúil a áirithiú agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 168/2013, (AE) 2018/858, (AE) 2018/1724 agus (AE) 2019/1020 (IO L, 2024/1252, 3.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1252/oj).

([130]) Chun an tsábháilteacht eitlíochta a choinneáil ar bun, le Rialachán (AE) ón gCoimisiún Uimh. 139/2014 an 12 Feabhra 2014 lena leagtar síos ceanglais agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le haeradróim, leagtar síos caighdeáin sábháilteachta eitlíochta, lena n-áirítear chun guaiseacha a bhaineann leis an bhfiadhúlra a bhainistiú.

([131]) Cás C-247/85, *An Coimisiún v An Bheilg*, mír 56.

([132]) Féach, *mutatis mutandis*, Cás C-601/22, *WWF Österreich*, mír 70. Cé go mbaineann an cás sin le maoluithe chun mic tíre a mharú, léirmhínítear an bhrí atá le 'damáiste tromchúiseach' leis an mbreithiúnas, rud is féidir a chur i bhfeidhm, *mutatis mutandis*, maidir le hAirteagal 9 den Treoir maidir le hÉin.

agus ní mór í a bheith inchurtha den chuid is mó, ar a laghad, i leith an speicis ar a ndírítear leis an maolú ([133]). Ina leith sin, i gcás damáiste indíreach a d'fhéadfaí a dhéanamh amach anseo agus atá ina riosca teibí agus nach bhfuil speicis faoi chosaint ina chúis leis ach go páirteach, ní féidir é a mheas mar 'dhamáiste tromchúiseach' sa chomhthéacs sin ([134]).

139. Is liosta uileghabhálach é an liosta de na cineálacha damáiste a chumhdaítear leis an bhforas sin le maolú. Seo a leanas samplaí áirithe de réir earnála a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le maolú faoin gceannteideal sin:

— damáiste tromchúiseach do bharra, mar shampla ó éin i mbun sealgaireachta trí shíolta, fás plandaí nó an táirge deiridh a scriosadh agus a ithe;

— damáiste tromchúiseach áitiúil d'fhoraoisí, mar shampla i gcás fás feosaí crann mar gheall ar chac iomarcach ó dhlúthchoilíneachtaí corr réisc nó broigheall;

— damáiste tromchúiseach do bheostoc, mar shampla i gcás beostoc a dtógann éin chreiche nó préacháin iad nó dá ndéanann siad díobháil, nó tríd an riosca méadaithe maidir le tarchur galar;

— damáiste tromchúiseach d'iascaigh, mar shampla trí chreachadóireacht na n-iasc sa dúiche fhiáin agus sa dobharshaothrú araon;

— damáiste tromchúiseach do dhobharlaigh, mar shampla trí thaiscumair uisce a thruailliú, nó damáiste a dhéanamh do bhealaí uisciúcháin.

140. Beidh an measúnú ar cé acu atá an damáiste tromchúiseach nó nach bhfuil ag brath ar an gcostas eacnamaíoch go príomha, agus ar a mhéid agus ar an tionchar ar na páirtithe leasmhara nó ar na pobail lena mbaineann. Ní mór measúnú a dhéanamh ar an damáiste freisin faoi threoir chumas an pháirtí leasmhair damáiste den sórt sin a sheasamh. Mar shampla, ní hionann tromchúis an damáiste a dhéanann géanna do bharra i bpáirc aonair feirmeora bhig agus an damáiste a dhéantar d'fheirmeoir a oibríonn fiontar níos mó. Ba cheart measúnú a dhéanamh ar thromchúis an damáiste ar an scála céanna ar a ndéantar na maoluithe freisin (i.e., leibhéal feirme i gcás bearta le haghaidh feirm aonair, nó ar leibhéal réigiúnach, náisiúnta nó ar leibhéal an bhealaigh eitilte i gcás ina mbeidh pleananna bainistíochta réigiúnacha nó náisiúnta ann nó pleananna bainistíochta bealaí eitilte).

141. Mar a phléitear thuas, ní mór maoluithe a bheith teorannaithe go leormhaith agus aghaidh a thabhairt ar chásanna sonracha leo. Dá bhrí sin, agus straitéisí um rialú coisctheach á gceapadh, ba é ba cheart a bheith i gceist leis an gcéad chur chuige díriú ar na gníomhaíochtaí a chur faoi cheangal ama agus áite de réir na limistéar inar dócha go dtarlóidh an damáiste tromchúiseach nó ina bhfuil sé ag tarlú. Mar sin féin, speicis fhorleathana ar féidir leo a bheith ina gcúis le damáiste feadh limistéir mhóra, amhail an Colm Coille (*Columba palumbus*), an Broigheall (*Phalacrocorax carbo*), nó speicis áirithe gé, d'fhéadfaidís údar a thabhairt le maoluithe lena gcumhdaítear limistéar níos leithne. Tá an méid sin gan dochar don cheanglas uileghabhálach chun a áirithiú go ndéanfar an raon feidhme geografach a bhaineann le maolú a shainiú chomh soiléir agus is féidir. Ar an gcuma chéanna, ní mór na maoluithe sin a bheith sonrach i dtéarmaí uimhreacha, uainiúcháin agus modhanna agus ní mór míniú a thabhairt iontu ar an méid arb é is aidhm don mhaolú aghaidh a thabhairt air.

142. Maidir le maoluithe comhordaithe a úsáid, amhail 'maoluithe i leith bealaí eitilte', faoina ndéanfaí maoluithe le haghaidh speiceas (amhail an Ghé Ghiúrainn nó an Broigheall) a dheonú i dtír amháin chun damáiste i dtír eile a chosc, is rud é sin a d'fhéadfaí a dhéanamh. Ba cheart an cur chuige sin a úsáid faoi chuimsiú plean bainistíochta idirnáisiúnta arna fhorbairt faoi choinbhinsiún nó faoi chomhaontú idirnáisiúnta ina bhfuil an tAontas ina pháirtí nó laistigh de chreat comhchosúil arna fhormheas ag na Ballstáit uile lena mbaineann. Ina theannta sin, d'fhéadfaí an cur chuige sin a úsáid más rud é: (1) go léirítear nasc idir an damáiste tromchúiseach/an riosca tromchúiseach i limistéar i mBallstát amháin agus na héin atá faoi réir an mhaolaithe i mBallstát eile; (2) go gcomhlíontar na coinníollacha eile uile is infheidhme faoi Airteagal 9; (3) go léirítear nach leordhóthanach maolú a chuirtear i bhfeidhm sa Bhallstát ina ndéantar an damáiste tromchúiseach/ina bhfuil an riosca tromchúiseach chun an damáiste tromchúiseach/an riosca tromchúiseach sin a chosc; agus (4) nach ndeonaítear maoluithe ach arna iarraidh sin don Bhallstát ina ndéantar an damáiste tromchúiseach/ina bhfuil an riosca tromchúiseach agus i gcomhairle leis an mBallstát sin. Cuimsítear le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an treoirdhoiciméad seo sampla de mhaolú a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm ar an bhforas 'damáiste tromchúiseach' de dheasca na mbroigheall.

([133]) Féach, *mutatis mutandis*, Cás C-601/22, *WWF Österreich*, mír 71.
([134]) Féach, *mutatis mutandis*, Cás C-601/22, *WWF Österreich*, míreanna 72-74.

Airteagal 9(1)(a), an ceathrú fleasc: **chun flóra agus fána a chosaint**

143. Tá feidhm ag an bhforas sin le maidir hiarrachtaí caomhnúcháin ar mhaithe le speicis nó gnáthóga, agus tugtar aghaidh ar chásanna inar gá na toirmisc in Airteagal 5 a shárú chun flóra nó fána eile a chosaint. Ní shonraítear na cineálacha fána ná flóra ach is cosúil nach ionann iad agus an flóra agus fána lena ngabhann leas airgid a chumhdaítear le forálacha eile Airteagal 9(1)(a). Is dócha gur láidre an t-údar leis an bhforas sin a úsáid i gcás ina mbaineann sé le hiarrachtaí caomhnúcháin ar mhaithe le speicis atá neamhchoitianta nó faoi bhagairt ach níl an t-údar leis an bhforas sin a úsáid teoranta do speicis den sórt sin. Thairis sin, is cosúil nach gá dóchúlacht na héifeachta tromchúisí a léiriú sa chás sin sula gcuirfear an maolú i bhfeidhm.

144. I ndáil leis an gcinntiúchán maidir le cé acu is iomchuí nó nach iomchuí maolú a shaothrú chun flóra agus fána a chosaint, ní mór é a mheas ar bhonn cás ar chás agus cothromaíocht a bhaint amach idir stádas caomhantais agus riachtanais na speiceas ábhartha. Ní mór tosca éagsúla a chur san áireamh agus é á chinneadh an iomchuí maolú a dheonú faoin gceathrú fleasc d'Airteagal 9(1)(a), ach ní mór go bhfónfaidh na maoluithe sin do chuspóir caomhnúcháin sna cásanna uile. Beidh stádas caomhantais, neamhchoitiantacht, nó leochaileacht an speicis flóra nó fána ábhartha. Ar an gcaoi chéanna, beidh sé ábhartha freisin más ea go bhfuil an flóra nó fána a bhfuil cosaint ag teastáil ina leith níos neamhchoitianta ná an speiceas éan dá bhfuil an maolú á lorg nó má tá stádas caomhantais níos measa aige. Toisc eile is ea stádas cosanta an speicis flóra nó fána atá faoi chosaint san Aontas nó faoin dlí náisiúnta. Beidh an t-údar leis an gceathrú fleasc d'Airteagal 9(1)(a) níos láidre i gcás ina mbainfidh sé leis na speicis flóra agus fána sin atá faoi chosaint ar leibhéal an Aontais (amhail speicis a liostaítear in Iarscríbhinn IV agus in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Treoir maidir le Gnáthóga) nó speicis atá faoi chosaint faoin dlí náisiúnta.

145. D'fhéadfadh sé go mbeadh tionchar ag éin ar fhlóra agus ar fhána trí chreachadóireacht, innilt, satailt, carnadh salachair etc. Dá bhrí sin, is féidir feidhm a bheith ag an bhforas sin le maolú maidir le creachadóirí, amhail éin chreiche a chreachann speicis faoi chosaint. Ós rud é go bhfuil bisiúlacht na n-éan creiche íseal, tá sé thar a bheith tábhachtach a áirithiú go gcuimhneofar ar na réitigh eile uile a d'fhéadfadh a bheith ann chun mortlaíocht bhreise nó baint den daonra pórúcháin a sheachaint. Ní mór do na húdaráis a léiriú go bhfuil an t-eiseamal/na heiseamail a bheadh faoi réir an mhaolaithe freagrach go díreach as an ábhar imní maidir le caomhnú arb é is aidhm don mhaolú aghaidh a thabhairt air, agus nach iad tosca eile, amhail galar, droch-infhaighteacht bia agus easpa foscaidh, is cúis leis an ábhar imní.

146. Gné thábhachtach atá le meas is ea a mhéid is féidir an chreachadóireacht a chur go díreach i leith dinimic níos leithne amhail caillteanas gnáthóige, meath a theacht ar ghnáthóga nó modhnú gnáthóige. Mar shampla, is í an chreachadóireacht a dhéanann éin chreiche príomhchúis na mortlaíochta i gcás an hamstair Eorpaigh (*Cricetus cricetus*), go háirithe agus iad ag atáirgeadh agus tar éis an gheimhriúcháin. Mar sin féin, tá an laghdú de dheasca na creachadóireachta ina iarmhairt dhíreach ar an gcaillteanas antrapaigineach gnáthóige agus ar an ilroinnt antrapaigineach gnáthóige don hamstar. In Alsáis na Fraince, bíonn hamstair ag tochailt i bpáirceanna cruithneachta nó alfalfa go hiondúil, rud a sholáthraíonn bia agus foscadh ó chreachadóirí. De dheasca thiontú na bpáirceanna sin go monashaothrú an arbhair Indiaigh, bíonn tréimhsí fada ann agus an ithir lom lena linn, rud a fhágann go mbíonn na hamstair leochaileach i leith na creachadóireachta a dhéanann éin chreiche ([135]). I gcásanna den sórt sin, ní féidir éin chreiche a rialú trí mhaoluithe ach amháin nuair a bheidh bearta um athbhunú gnáthóige speicis ar siúl an tráth céanna nó nuair a bheidh bearta déanta chun gníomhaíochtaí díobhálacha an duine a rialáil. Ba cheart tosaíocht a thabhairt do na bearta sin thar an gciondíothú agus eiseamail éin chreiche atá faoi chosaint a bhaint mar bheart neamhspleách. Tugtar tacaíocht don mhéid sin le hAirteagal 9(1) lena gceanglaítear nach mbeidh aon réiteach sásúil eile ann (féach thuas).

Airteagal 9(1)(b): chun críocha **taighde agus teagaisc, athphórúcháin nó athbhunaithe agus chun an pórúchán is gá chun na gcríoch sin a bhaint amach**.

147. Cuimsítear leis na maoluithe a dheonaítear faoin gceannteideal seo gabháil chun fáinniú nó clibeanna a úsáid le haghaidh rianú satailíte, chun staidéar a dhéanamh ar phatrúin imirce, agus chun láithreáin ina mbriseann éin a dturas a shainaithint. D'fhéadfadh sé gur ghá éin a ghabháil freisin chun taighde a dhéanamh ar ghalair, amhail fliú na n-éan.

148. Ní mór an téarma 'taighde' in Airteagal 9(1)(b) a thuiscint mar 'taighde eolaíoch'. Ciallaíonn sé sin nach mór céimeanna modheolaíochta áirithe a leanúint leis an taighde atá faoi réir an mhaolaithe. Mar shampla, ní mór cuspóir a bheith ag tionscadal taighde a chuirtear in iúl i gceist taighde agus ní mór é a dhearadh ar bhealach lena ndéanfar dul chun cinn i dtreo an cheist sin a fhreagairt ([136]). Go deimhin, léirítear leis an téarma 'chun críocha' nach

([135]) https://www.grand-hamster-alsace.eu/the-great-hamster/?lang=en.
([136]) Tuairim ó Abhcóide Ginearálta Ćapeta i gCás C-23/23, *An Coimisiún v Málta*, mír 60.

mór dearadh agus cur chun feidhme an chláir taighde a bheith réasúnta agus comhréireach i ndáil leis an gcuspóir eolaíoch a shonraítear a bheith leis ([137]). Dá bhrí sin, fágann sé sin go bhfuil nasc ag teastáil idir an ghníomhaíocht a cheadaítear trí bhíthin an mhaolaithe agus an taighde is gá chun an cheist a fhreagairt. Mar shampla, ní mheasfaí gur comhréireach samplamhéid atá ró-mhór gan réasún agus lena gcuirtear isteach go mór ar an speiceas mura bhfaighfí ach sonraí eolaíocha nua teoranta nó sonraí nach sáraíonn an tábhacht uileghabhálach a bhaineann le speicis éan fiáin a chaomhnú. Bíonn coinne leis freisin go mbeidh dearadh an taighde i gcomhréir le caighdeáin eolaíocha agus eiticiúla, agus ba cheart institiúid eolaíoch neamhspleách é a dhéanamh, a dhearadh nó, ar a laghad, a athbhreithniú agus a fhormheas. Mar shampla, níor cheart ach d'éaneolaithe neamhspleácha oilte an fáinniú éan a dhéanamh.

Tacaíocht Phraiticiúil 4 maidir le Cur Chun Feidhme. Solúbthacht i gcur i bhfeidhm Airteagal 9 trí bhíthin cur chuige comhordaithe maidir le bealaí eitilte

Chun cuidiú leis na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar dhúshláin a bhaineann le damáiste eacnamaíoch ó speicis áirithe ar bhealach éifeachtach comhordaithe, is féidir maoluithe i leith bealaí eitilte a chur i bhfeidhm nuair is iomchuí faoin Treoir maidir le hÉin. Leis an gcur chuige sin, ceadaítear do Bhallstát maoluithe a dheonú do speicis áirithe, go háirithe speicis imirceacha (amhail an Ghé Ghiúrainn nó an Broigheall) chun damáiste tromchúiseach a tharlódh i mBallstát eile a chosc. Mar sin féin, ba cheart an cur chuige sin a ghlacadh faoi chuimsiú coinbhinsiún nó comhaontú idirnáisiúnta ina bhfuil an tAontas ina pháirtí, amhail an Comhaontú maidir le hÉin Uisce Imirceacha Afracacha-Eoráiseacha a Chaomhnú nó Coinbhinsiún Bheirn, nó plean gníomhaíochta Eorpach nó réigiúnach maidir le speiceas arna chomhaontú ag na Ballstáit uile lena mbaineann, lena ngabhfaidh coimircí leormhaithe i gcomhréir le ceanglais Airteagal 9 agus comhairliúchán cuí leis na Ballstáit lena mbaineann agus rannpháirtíocht chuí uathu (féach mír 139).

Coinníoll 3: Ceanglais theicniúla Airteagal 9(2) a chur i bhfeidhm

149. Baineann an tríú coinníoll le ceanglais theicniúla Airteagal 9(2) a chomhlíonadh. Le hAirteagal 9(2) den Treoir maidir le hÉin, leagtar síos sonraíochtaí beachta maidir le maoluithe. Ceadaítear leo sin do na Ballstáit agus don Choimisiún faireachán a dhéanamh ar mhaoluithe a dheonaítear faoi mhír 1. Ní mór d'údaráis inniúla an fhaisnéis seo a leanas a chuimsiú lena gcinntí maidir le maoluithe agus ina dtuarascálacha maidir le maoluithe chuig an gCoimisiún:

(a) na speicis atá faoi réir na maoluithe;

(b) na bealaí, na socruithe nó na modhanna atá údaraithe chun iad a ghabháil nó a mharú;

(c) na coinníollacha riosca agus na cúinsí ama agus áite ina bhféadfar na maoluithe sin a dheonú;

(d) an t-údarás a bhfuil sé de chumhacht aige a dhearbhú go bhfuil na coinníollacha is gá comhlíonta agus a chinneadh cé na bealaí, socruithe nó modhanna is ceadmhach a úsáid, na srianta a bhaineann leis an úsáid sin agus an té atá ceadaithe iad a úsáid;

(e) na rialuithe a dhéanfar.

150. Chun comhlíontacht le hAirteagal 9(2) a éascú, d'aistrigh an Coimisiún ceanglais theicniúla Airteagal 9(2) go formáid tuairiscithe le haghaidh maoluithe lena n-úsáidtear an uirlis dhigiteach ar líne ar a dtugtar an Córas Tuairiscithe Maoluithe+ faoi na Treoracha maidir le hÉin agus Gnáthóga ([138]). Iarrtar ar na Ballstáit úsáid a bhaint as an uirlis sin lena simplítear an próiseas chun an coinníoll sin a chomhlíonadh maidir le maoluithe a dheonú. Má úsáidtear í, is féidir an t-ualach riaracháin a bhaineann le cur chun feidhme Airteagal 9 a laghdú.

([137]) Tuairim ó Abhcóide Ginearálta Ćapeta i gCás C-23/23, *An Coimisiún v Málta*, mír 62.

([138]) Féach lámhleabhar tuairiscithe an Chórais Tuairiscithe Maoluithe+ faoi na Treoracha maidir le hÉin agus Gnáthóga https://circabc.europa.eu/ui/group/173a90fc-40bf-492d-a3a9-df99c4aa8807/library/cfc38522-bd5e-4237-af4b-37928504ee87/details.

151. Chinn Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh go bhfuil na coinníollacha foirmiúla sin 'beartaithe chun teorainn a chur le maoluithe don mhéid a mbeidh fíorghá leis agus chun é a chur ar a chumas don Choimisiún maoirseacht a dhéanamh orthu' ([139]). Ar leithligh uaidh sin, chinn Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh 'nach mór na critéir don mhaolú a shonrú go soiléir agus go beacht sa reachtaíocht náisiúnta is infheidhme agus é a chur de cheangal ar na húdaráis atá freagrach as a gcur i bhfeidhm iad a chur san áireamh' ([140]). Tá gá le sonraíochtaí iomlána cruinne de bhun Airteagal 9(2)(a)-(e) chun go mbeidh an Coimisiún in ann a oibleagáid faoi Airteagal 9(4) a chomhlíonadh chun a áirithiú nach mbeidh iarmhairtí na maoluithe sin ar neamhréir leis an Treoir.

152. Lena chur in iúl ar bhealach níos beaichte, chun Airteagal 9(2) a chomhlíonadh, ba cheart do na Ballstáit an méid seo a leanas a urramú i ndáil leis an bhfaisnéis a cheanglaítear le gach fomhír:

— Airteagal 9(2)(a) 'na speicis atá faoi réir na maoluithe'

Ní mór do na Ballstáit maoluithe a eisiúint agus a thuairisciú in aghaidh an speicis agus a ainm eolaíoch á úsáid, agus gan iad a ghrúpáil ar leibhéal tacsanomaíoch níos airde ná i gcatagóirithe atá sainithe go doiléir amhail 'éin', 'na speicis uile', 'préacháin'. Mar shampla, maidir le maolú a dheonaítear d'úinéir linn éisc tráchtála chun líon áirithe Corr Réisc (*Ardea cinerea*) agus líon áirithe Broigheall (*Phalacrocorax carbo*) a mharú, ba cheart an maolú sin a thuairisciú mar dhá mhaolú dhifriúla. Féadfar eisceachtaí a dhéanamh i gcásanna áirithe ina bhfágann na cúinsí a bhaineann leis an maolú atá á bhreithniú go bhfuil sé deacair an fhaisnéis uile lena bhfuil gá a fháil, mar shampla, nuair nach féidir an liosta speiceas a bhfuiltear le díriú orthu a thuar, amhail i gcás na sábháilteachta aerthrachta nó i gcás ina mbeidh údar leis de bharr na gcúinsí ach go dtuairisceofar í dá réir sin níos déanaí dá ainneoin sin.

Le haghaidh gach speicis, ba cheart an líon iarbhír eiseamal aonair ar díríodh orthu agus a maraíodh, nó ar cuireadh isteach orthu, nó an líon neadacha ar díríodh orthu agus a scriosadh/a ndearnadh damáiste dóibh le fírinne, a shainiú agus a léiriú sa tuairisciú. I gcás nach féidir uimhir bheacht a shainiú, ba cheart meastachán nó raon luachanna a léiriú. Déantar é sin uaireanta trí theorainn a chur leis an líon ceadanna, agus/nó trí chuótaí náisiúnta nó réigiúnacha a shocrú, nach mór iad a ailíniú le hAirteagal 9 agus le cuspóirí uileghabhálacha na Treorach maidir le hÉin.

— Airteagal 9(2) (b) na bealaí, na socruithe nó na modhanna a údaraítear chun gabháil nó marú a dhéanamh"

Ní mór iad sin a thuairisciú chun measúnú a dhéanamh ar a dtionchar ar an speiceas. Ba cheart sonraí faoi na modhanna, amhail cineál agus méid, a chuimsiú.

— Airteagal 9(2) (c) coinníollacha an riosca agus an suíomh agus an tréimhse a bhféadfar an maolú a dheonú ina leith'

Ní mór teorainn ama a bheith ag gabháil le maoluithe, ní mór feidhm a bheith acu go háitiúil, agus ní mór díriú leo ar an tréimhse a bhfuil coinne leis go dtiocfaidh an tsaincheist chun cinn lena linn agus ar an áit a bhfuil coinne leis go dtiocfaidh an tsaincheist chun cinn inti. Ba cheart na mionsonraí sin a shainiú chomh beacht agus is féidir agus de réir mar is gá chun raon feidhme an mhaolaithe a chinneadh.

— Airteagal 9(2)(d) 'an t-údarás a bhfuil sé de chumhacht aige a dhearbhú go bhfuil na coinníollacha is gá comhlíonta agus a chinneadh cé na bealaí, socruithe nó modhanna is ceadmhach a úsáid, na srianta a bhaineann leis an úsáid sin agus an té atá ceadaithe iad a úsáid'

Ní mór an t-údarás inniúil a dheonaigh an maolú a shainaithint go soiléir in éineacht lena ainm iomlán ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil, agus cé dó dá ndeonaítear an maolú chomh maith, i gcás inarb iomchuí.

— Airteagal 9(2)(e) 'na rialuithe a dhéanfar'

Ní mór do na húdaráis inniúla maoirseacht agus faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme ceart na rialuithe, a fhíorú ar baineadh amach a gcuspóir leo, in éineacht le tacaíocht fianaise eolaíche, agus, más gá, bearta ceartaitheacha a dhéanamh chun riosca nó damáiste don speiceas a chosc.

([139]) Cás C-118/94, *Associazione Italiana per il WWF*, mír 21.
([140]) Cás C-557/15, *An Coimisiún v Málta*, mír 47.

4.4. **Ról Airteagal 9 maidir lena áirithiú go mbainfear amach cuspóirí na Treorach maidir le hÉin**

153. Leis na bearta a dhéanfar de bhun fhorálacha na Treorach maidir le hÉin, ní mór rannchuidiú le cuspóirí uileghabhálacha na Treorach a bhaint amach, is é sin pobail speiceas éan a choimeád ar leibhéal sásúil nó iad a oiriúnú don leibhéal sin. Dá thoradh sin, ní mór maoluithe a dheonaítear faoi Airteagal 9 a bheith i gcomhréir le cuspóirí na Treorach, is é sin pobail speiceas éan a choimeád ar leibhéal sásúil, nó iad a oiriúnú don leibhéal sin ([141]). Is léir sin ó Aithris 9 den Treoir, ina gcuirtear i dtábhacht an gá atá leis 'na maoluithe uile a shrianadh do na speicis sin a bhfágann a stádas bitheolaíoch gur féidir iad a cheadú'. Áirithítear an ceanglas sin tríd an measúnú a dhéantar ar an gcomhréireacht de ghnáth agus an coinníoll á chur i bhfeidhm nach bhfuil aon réiteach sásúil eile ann, mar a mhínítear i roinn 4.3 ([142]).

154. Dá thoradh sin, ní mór do na Ballstáit faireachán a dhéanamh ar úsáid na maoluithe ar an leibhéal náisiúnta chun a áirithiú go mbeidh a dtionchair charnacha comhoiriúnach le cuspóirí na Treorach. Cuirfidh sé sin ar a gcumas do na Ballstáit, agus don Choimisiún dá éis sin, faireachán a dhéanamh ar thionchair na maoluithe ar leibhéil phobail na speiceas éan, agus, más gá, ar thionchair thrasteorann na maoluithe ar phobail trasteorann éan. D'fhéadfadh sé sin a fhágáil go mbeadh ar údaráis réigiúnacha nó áitiúla measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí na maoluithe lasmuigh dá ndlínsí féin, go háirithe i gcás ina gcuirtear maoluithe i bhfeidhm ar leibhéal na mbealaí eitilte agus i mBallstáit dhíláraithe. I bhfianaise an mhéid thuas, agus ag féachaint d'Airteagal 9(2)(e), féadfar dul i ngleic leis an bhfaireachán ar mórscála agus le faireachán áitiúil ar bhealaí difriúla, de réir struchtúr an chórais náisiúnta, ach sa dá chás ní mór scéim fhoriomlán shonrach a sholáthar. Ní mór d'údaráis náisiúnta inniúla a áirithiú go gcomhlíonfar coinníollacha uile na scéime um maolú sula ndeonófar maolú, agus faireachán a dhéanamh ar thionchar na maoluithe tar éis a ndeonaithe ([143]). Ba cheart maoluithe aonair agus a n-éifeachtaí carnacha araon a chumhdach leis an anailís sin nuair a dhéanfar measúnú orthu in éineacht le maoluithe eile, i gcás inarb infheidhme. Chun úsáid iomchuí a bhaint as an gcóras um maolú, tá gá le creat nós imeachta lena gcoisctear éifeachtaí neamh-inmhianaithe i bhfianaise chuspóirí na Treorach maidir le hÉin agus lena gcuirfear ar a gcumas d'údaráis inniúla a fhíorú go gcomhlíonfar na coinníollacha a cuireadh i gceangal leis na maoluithe ([144]).

155. Nuair a leagtar síos comhaontú idir na Ballstáit maidir le damáiste a chosc ar bhonn úsáid chomhordaithe maoluithe ar leibhéal na mbealaí eitilte, ba cheart gur ghá a áirithiú nach rachaidh tionchar carnach na maoluithe i bhfeidhm ar an obair chun an speiceas a choimeád ar leibhéal sásúil nó a oiriúnú don leibhéal sin. Chuige sin, ní mór 1) luach tagartha fabhrach a leagan síos don phobal lena mbaineann agus 2) tairseach níos airde ná an luach tagartha fabhrach a leagan síos, ar faoina bun ba cheart aird níos mó a thabhairt ar phobal an speicis. Maidir le héifeachtaí carnacha maoluithe, ní mór brúnna eile a mheas a mbíonn tionchar acu ar leibhéil phobal na n-éan agus ar a raon freisin, amhail seilg, marú neamhdhleathach agus speicis ionracha. Ní mór do na Ballstáit critéir éagsúla a chur san áireamh freisin a bhaineann go háirithe leis an gcás maidir le hataírgeadh an speicis agus an ráta mortlaíochta bliantúil iomlán i ngeall ar chúiseanna nádúrtha ([145]).

156. Ba cheart coinníollacha den sórt sin a sheiceáil le haghaidh gach aonaid bainistíochta aonair den phobal speicis, ar bhonn, mar shampla, na samhla a glacadh don Ghé Ghiúrainn ([146]) nó don Ghé Ghlas (*Anser anser*) faoin gComhaontú maidir le hÉin Uisce Imirceacha Afracacha-Eoráiseacha a Chaomhnú.

157. Cur chuige amháin a d'fhéadfadh a bheith ann is ea líon uasta éan a leagan síos a d'fhéadfaí a mharú nó a bhaint ar leibhéal na mbealaí eitilte le linn tréimhse áirithe chun a áirithiú go leanfaidh an pobal de bheith ar leibhéal sásúil. Ní sprioc é an t-uasleibhéal sin ach uasteorainn nach ceadmhach a shárú ar an iomlán agus maoluithe á gcur i bhfeidhm. Féadfar an cur chuige sin a úsáid faoi chuimsiú plean bainistíochta idirnáisiúnta arna fhorbairt faoi choinbhinsiúin nó faoi chomhaontuithe idirnáisiúnta ina bhfuil an tAontas ina pháirtí nó laistigh de chreat comhchosúil arna fhormheas ag na Ballstáit uile lena mbaineann. Bheadh ar na húdaráis inniúla sna Ballstáit lena mbaineann a ngníomhaíochtaí a chomhordú chun nach sárófaí an uasteorainn sin.

([141]) Cás C-76/08, *An Coimisiún v Málta*, mír 59.
([142]) Cás C-784/23, *Voore Mets agus Lemeks Põlva*, míreanna 54-56.
([143]) Ba cheart forálacha Airteagal 9(2)(e) lena bhforáiltear maidir le bearta rialaithe ceangailteacha a thrasuí sa dlíchóras náisiúnta, Cás C-192/11, *An Coimisiún v An Pholainn*, míreanna 65 agus 67.
([144]) Cás C-60/05, *WWF Italia agus Páirtithe Eile*, mír 44.
([145]) Cás C-60/05, *WWF Italia agus páirtithe eile*, mír 25.
([146]) Féach, mar shampla, cláir um bainistiú oiriúnaitheach na mbealaí eitilte i leith na Gé Giúrainn: https://egmp.aewa.info/sites/default/files/meeting_files/documents/AEWA_EGM_IWG_9_6_Status_RBG_AFMP.pdf.

4.5. **Airteagal 9(3) agus (4)**

158. Le hAirteagal 9(3) cuirtear de cheangal ar na Ballstáit tuarascáil a sheoladh chuig an gCoimisiún maidir le cur chun feidhme Airteagal 9(1) agus (2). Faoi Airteagal 9(4), cuirtear de cheangal ar an gCoimisiún an fhaisnéis atá ar fáil dó a úsáid, lena n-áirítear an fhaisnéis a thuairiscítear faoi Airteagal 9(3), chun a áirithiú go bhfuil iarmhairtí na maoluithe comhoiriúnach leis an Treoir. Cuirtear de cheangal ar an gCoimisiún bearta iomchuí a dhéanamh chuige sin.

159. Bunaítear ról maoirseachta don Choimisiún le hAirteagal 9(4) chun a áirithiú go mbeidh éifeachtaí carnacha na maoluithe arna ndeonú ag na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 9(1) agus (2) agus i gcomhréir le cuspóirí caomhnúcháin uileghabhálacha na Treorach chomh maith. Fiú i gcás ina mbeidh údar le maoluithe i gcásanna aonair, níor cheart go rachadh pobail éan i léig nó nach mbainfidís leibhéil shásúla amach dá mbarr, mar a mhínítear thuas. Chuige sin, ní mór do na Ballstáit tuairisciú don Choimisiún gach bliain, de bhun Airteagal 9(3) faoi chur chun feidhme Airteagal 9(1) agus (2). Beidh tábhacht ar leith ag baint leis na sonraíochtaí a cheanglaítear faoi Airteagal 9(2) sa chomhthéacs sin chun measúnú a dhéanamh ar na himpleachtaí a bheadh ag maolú don speiceas atá i gceist.

160. Dá bhrí sin, bunaítear creat le hAirteagal 9(3) agus (4) chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíontacht na maoluithe a dheonaítear sna Ballstáit le ceanglais Airteagal 9 agus lecuspóirí uileghabhálacha na Treorach.

161. Maidir leis na hoibleagáidí tuairiscithe ([147]) a shonraítear san fhormáid atá ann faoi láthair maidir le tuairisciú ar mhaolaithe, is é is aidhm dóibh feabhas a chur ar éifeachtúlacht an tuairiscithe ar gach leibhéal rialachais, lena n-áirítear ar an leibhéal réigiúnach, ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais ([148]). Úsáideann an Coimisiún agus na Ballstáit den Aontas Eorpach an fhormáid tuairiscithe nua agus an Córas Tuairiscithe Maoluithe+ faoi na Treoracha maidir le hÉin agus Gnáthóga ([149]), agus is é an aidhm atá leo an t-ualach riaracháin a bhaineann leis an tuairisciú a laghdú.

162. Soláthraíonn an Coimisiún aiseolas do na Ballstáit go tréimhsiúil ar bhonn measúnú ar an bhfaisnéis ina dtuarascálacha oifigiúla. D'fhéadfaí saincheisteanna maidir le comhlíontacht i gcás maoluithe arna ndeonú ag Ballstát a chur i dtábhacht leis aiseolas sin, agus d'fhéadfaí a mholadh ann, mar shampla, go n-ísleofaí an líon éan is féidir a thógáil nó go ndéanfaí athmheasúnú ar réitigh mhalartacha. Is féidir leis an gCoimisiún aird na mBallstát a tharraingt ar shaincheisteanna a eascraíonn ó fhaisnéis neamhiomlán sna tuarascálacha maidir le maoluithe freisin. Iarrtar ar na Ballstáit a gcóras um maolú a choigeartú chun a áirithiú go gcomhlíonfar an Treoir maidir le hÉin, go háirithe chun a áirithiú go gcomhlíonfar a cuspóirí.

163. Tá na sonraí uile maidir le maoluithe a thuairiscíonn na Ballstáit in aghaidh na bliana le fáil ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta Eorpaí Comhshaoil ([150]). Éascaíonn trí amharcóir idirghníomhacha sonraí rochtain ar an bhfaisnéis arna cur isteach ag na Ballstáit trí scagairí a úsáid, mar shampla, de réir speicis agus fospeicis (amhail spp. broigheall difriúil), tíre, bliana agus na cúise ar deonaíodh an maolú. Is é is aidhm do na huirlisí digiteacha sin, mar aon leis an uirlis tuairiscithe TF, an t-ualach riaracháin ar údaráis a laghdú agus faisnéis iontaofa thrédhearcach a sholáthar maidir le maoluithe.

([147]) Tugtar tuairisc ar na hoibleagáidí tuairiscithe a cheanglaítear faoi Airteagal 9(3) sa 'Treoirleabhar maidir leis an tSeilg Inbhuanaithe', Roinn 3.7.1 go 3.7.8.

([148]) Cumhdaítear ann na hoibleagáidí tuairiscithe uile atá faoi Airteagal 9 den Choinbhinsiún maidir le Caomhnú Fhiadhúlra agus Ghnáthóga Nádúrtha na hEorpa (Coinbhinsiún Bheirn) freisin. Faoin socrú atá ann faoi láthair idir an Coimisiún Eorpach agus Rúnaíocht Choinbhinsiún Bheirn, tiomsaíonn an tAontas Eorpach na maoluithe uile arna dtuairisciú ag Ballstáit an Aontais le haghaidh tréimhse thuairiscithe ar leith, agus cuireann sé ar aghaidh iad chuig Rúnaíocht Choinbhinsiún Bheirn.

([149]) Is féidir teacht ar uirlis an Chórais Tuairiscithe Maoluithe+ faoi na Treoracha maidir le hÉin agus Gnáthóga ar líne ag: https://webforms.eionet.europa.eu/.

([150]) Féach ar na amharcóirí idirghníomhacha sonraí ag https://www.eea.europa.eu/en/topics/in-depth/nature-protection-and-restoration/species-protection-and-conservation?activeAccordion=fa9bdf76-5165-4f3a-a940-e059381a7972.

IARSCRÍBHINN I

Maoluithe a chur i bhfeidhm faoi Airteagal 9 den Treoir maidir le hÉin i ndáil leis an nGé Ghiúrainn

1. **Cúlra**

Tugtar tuairisc san iarscríbhinn seo ar úsáid maoluithe i gcomhthéacs coinbhleachtaí idir an Ghé Ghiúrainn (*Branta leucopsis*) agus gníomhaíochtaí an duine. Mar éan uisce féaránaigh mór flúirseach a bhíonn ann ina phobail ard-dlúis, tagann an speiceas i gcoinbhleacht le gníomhaíochtaí talmhaíochta trí dhamáiste áitiúil a dhéanamh do bharra agus trína thionchar ar fhéar – agus tríd an iomaíocht don fhéar. Táthar ag bainistiú coinbhleachtaí den sórt sin le fada an lá trí raon leathan beart difriúil, a dtugtar achoimre orthu thíos.

Pléitear stádas dlíthiúil agus pobail Géanna Giúrainn ar dtús. Cuirtear i láthair san iarscríbhinn seo ansin na cineálacha beart le haghaidh Géanna Giúrainn lena gceanglaítear maoluithe a chur i bhfeidhm ina leith faoi Airteagal 9 den Treoir maidir le hÉin agus déantar achoimre inti ar na príomhchoinbhleachtaí a bhíonn ann. Cuirtear i láthair inti freisin an cur chuige maidir le maoluithe i leith bealaí eitilte faoi chuimsiú an Phlean Idirnáisiúnta Aonair um Bainistiú Speicis ([1]) le haghaidh an speicis, ar Plean é a ghlac na Páirtithe sa Chomhaontú maidir le hÉin Uisce Imirceacha Afracacha-Eoráiseacha a Chaomhnú in 2019.

Tá cuid mhaith faisnéise ábhartha maidir le Géanna Giúrainn, lena n-áirítear maidir lena raon, éiceolaíocht, stádas caomhantais, mionsonraí ar mhéid pobal agus ar threochtaí pobal le fáil sna foinsí seo a leanas agus ní dhéantar iad a dhúbailt anseo:

— An Plean Idirnáisiúnta Aonair um Bainistiú Speiceas de chuid an Chomhaontaithe maidir le hÉin Uisce Imirceacha Afracacha-Eoráiseacha a Chaomhnú don Ghé Ghiúrainn; agus

— leathanaigh ghréasáin a bhaineann leis na speicis atá nasctha leis an Ardán Eorpach um Bainistiú Géanna de chuid an Chomhaontaithe maidir le hÉin Uisce Imirceacha Afracacha-Eoráiseacha a Chaomhnú ([2]) ina bhfuil an-chuid sonraí agus faisnéis ábhartha faoi na pobail sin. Tá tascfhórsaí ag an Ardán Eorpach um Bainistiú Géanna do phobal Ghé Giúrainn na Graonlainne agus do phobal Ghé Giúrainn na Rúise araon.

Soláthraítear tuilleadh foinsí faisnéise i Roinn 8 thíos.

2. **Stádas cosanta na Gé Giúrainn faoin dlí**

Mar is amhlaidh i gcás na speiceas éan fiáin uile a bhíonn ann go nádúrtha i gcríoch Eorpach na mBallstát, cumhdaítear an Ghé Ghiúrainn le córas cosanta ginearálta na Treorach maidir le hÉin. Ní fhéadfaidh na Ballstáit gabháil ná marú na Gé Giúrainn d'aon ghnó, cur isteach mór uirthi go háirithe le linn na tréimhse pórúcháin agus tógála, scriosadh a neadacha ná tógáil a huibheacha a cheadú ach amháin i gcomhréir le córas na Treorach um maolú (Airteagal 9).

Liostaítear an Ghé Ghiúrainn in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir lena gceanglaítear limistéir faoi chosaint speisialta a aicmiú. Ní liostaítear í in Iarscríbhinn II, rud a chiallaíonn nach féidir seilg a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 7. Mar sin féin, féadfaidh seilg rialáilte trí bhíthin maolú a dheonaítear faoi Airteagal 9 den Treoir a bheith ina huirlis bainistíochta dhlisteanach chun damáiste tromchúiseach do bharra a chosc.

Liostaítear an Ghé Ghiúrainn i bhFoscríbhinn II a ghabhann le Coinbhinsiún Bheirn lena gceanglaítear, marú d'aon ghnó a thoirmeasc (Airteagal 6) i measc nithe eile (mura rud é go ndéantar amhlaidh trí mhaolú faoi Airteagal 9 den Choinbhinsiún sin).

Tá stádas difriúil ag gach pobal faoi Phlean Gníomhaíochta an Chomhaontaithe maidir le hÉin Uisce Imirceacha Afracacha-Eoráiseacha a Chaomhnú (Iarscríbhinn 3, Tábla 1), agus sainítear ceanglais chosantacha.

([1]) Jensen, G.H., Madsen, J., Nagy, S. & Lewis M. (tiomsaitheoirí) 2018. AEWA International Single Species Management Plan for the Barnacle Goose (Branta leucopsis) – Russia/Germany & Netherlands population, East Greenland/Scotland & Ireland population, Svalbard/South-west Scotland population. Sraith Theicniúil Uimh. 70 an Chomhaontaithe maidir le hÉin Uisce Imirceacha Afracacha-Eoráiseacha a Chaomhnú. Bonn, an Ghearmáin. https://www.unep-aewa.org/publication/international-single-species-management-plan-barnacle-goose-russiagermany-netherlands.

([2]) https://egmp.aewa.info/.

Tábla 1

Stádas dlí phobail na nGéanna Giúrainn faoi chomhaontuithe idirnáisiúnta agus faoi Threoir an Aontais maidir le hÉin

Pobal	An Treoir maidir le hÉin	Coinbhinsiún Bheirn	An Comhaontú maidir le hÉin Uisce Imirceacha Afracacha-Eoráiseacha a Chaomhnú ([1])
An Ghraonlainn Thoir / Albain & Éire	Iarscríbhinn I	Foscríbhinn II	B1
Svalbard / Iardheisceart na hAlban	Iarscríbhinn I	Foscríbhinn II	A3a
An Rúis / an Ghearmáin & an Ísiltír	Iarscríbhinn I	Foscríbhinn II	C
Pobail neamhimirceacha bhunaithe	Iarscríbhinn I	Foscríbhinn II	Ní chumhdaítear iad

([1]) Stádas faoin gComhaontú maidir le hÉin Uisce Imirceacha Afracacha-Eoráiseacha a Chaomhnú: rangaítear pobail de réir ábhar imní: A (ardriosca), B (idirmheánach), C (fabhrach) mar a shainmhínítear le Tábla 1 de Phlean Gníomhaíochta an Chomhaontaithe maidir le hÉin Uisce Imirceacha Afracacha-Eoráiseacha a Chaomhnú.

3. **Pobail agus treochtaí**

Tá ceithre phobal bhithgheografacha san Aontas (Tábla 2), ar pobail atá bunaithe go stairiúil iad trí cinn díobh ([3]) agus ar pobal neamhimirceach ceann amháin díobh. Tá fás mór tagtha orthu le fiche bliain anuas ([4]). Liostaítear na trí phobal (An Ghraonlainn Thoir / Albain & Éire); Svalbard / Iardheisceart na hAlban agus an Rúis / an Ghearmáin & an Ísiltír) sa Chomhaontú maidir le hÉin Uisce Imirceacha Afracacha-Eoráiseacha a Chaomhnú, agus tá stádas ag na ceithre phobal uile – lena n-áirítear éin chónaithe – i ndáil le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir maidir le hÉin agus, dá bhrí sin, tá siad faoi réir bearta caomhnúcháin speisialta a bhaineann lena ngnáthóg ag gach tráth den bhliain agus tairbhíonn siad de cheanglais ghinearálta Airteagal 3 chomh maith.

Tábla 2

Pobail bhithgheografacha na Gé Giúrainn a bhíonn le fáil san Aontas

Pobal	Stádas	Stáit a raoin (an tAontas i gcló trom)
An Ghraonlainn Thoir/Albain & Éire	Pobail Imirceacha	Éin phórúcháin: An Ghraonlainn, an Íoslainn, an Ríocht Aontaithe Ní éin phórúcháin iad: An Íoslainn, **Éire**, an Ríocht Aontaithe
Svalbard/Iardheisceart na hAlban	Pobail Imirceacha	Éin phórúcháin: An Iorua (Svalbard) Ní éin phórúcháin iad: An Iorua (an mhórthír) agus an Ríocht Aontaithe
An Rúis/an Ghearmáin & an Ísiltír	Pobail Imirceacha (AB1 &2)	Éin phórúcháin: Aonad Bainistíochta (AB): AB1 An Rúis, AB2 – a**n Fhionlainn**, **an tSualainn, an Eastóin, an Danmhairg**, AB3, **an Ghearmáin, an Ísiltír**
	Pobail Neamh-imirceacha (AB3)	Ní éin phórúcháin iad: **An Fhionlainn, an tSualainn, an Laitvia. an Liotuáin, an Pholainn, an Danmhairg, an Ghearmáin, an Ísiltír, an Bheilg**
Pobail neamhimirceacha bhunaithe ([1])	Neamh-imirceach	**An Bheilg, an Fhrainc, an tSeicia,** an Eilvéis, an Ríocht Aontaithe, an Iorua

([1]) Féach *European Breeding Bird Atlas 2* chun a ndáileadh agus a bhflúirse i séasúr an phórúcháin a fháil. Sa réigiún Baltach, áirítear éin neamh-imirceacha mar dheighleog (Aonad Bainistíochta 2 – thíos) de phobal na Rúise chun críoch samhaltaithe agus bainistíochta (féach an Plean Idirnáisiúnta Aonair um Bainistiú Speiceas).

Ép = Éin phórúcháin
NÉp = Ní éin phórúcháin iad

([3]) Scott, D.A. & Rose, D.A. 1996. *Atlas of Anatidae populations in Africa and western Eurasia*. *Wetlands International Publication* Uimh. 41. Wageningen, An Ísiltír.

([4]) Feige, N., van der Jeugd, H.P., van der Graaf, A.J., Larsson, K., Leito, A. & Stahl, J. 2008. *Newly established breeding sites of the Barnacle Goose Branta leucopsis in North-western Europe – an overview of breeding habitats and colony development*. *Vogelwelt* 129: 244-252.

De thoradh iarrachtaí caomhnúcháin fadtéarmacha rathúla, a tháinig as na hoibleagáidí faoi na Treoracha maidir le hÉin agus Gnáthóga go príomha, tá méadú mór tagtha ar na ceithre phobal uile den Ghé Ghiúrainn, agus tá a stádas pobail san Aontas slán (fabhrach).

Chun críocha an Ardáin Eorpaigh um Bainistiú Géanna (roinn 3.1, Foscríbhinn 1) faoin gComhaontú maidir le hÉin Uisce Imirceacha Afracacha-Eoráiseacha a Chaomhnú, aithnítear trí aonad bainistíochta (AB) laistigh de phobal na Rúise/na Gearmáine agus na hÍsiltíre:

AB1: Éin imirceacha fadraoin a bhíonn ag pórú i Rúis an Artaigh

AB2: Éin a bhíonn ag pórú i Muir Bhailt

AB3: Éin neamhimirceacha a bhíonn ag pórú i dtíortha na Mara Thuaidh

Tá méadú tagtha ar mhéid phobal Ghé Ghiúrainn na Rúise/na Gearmáine agus na hÍsiltíre ó 102 000 sna 1990idí go dtí thart ar 1,6 milliún faoi mhí Eanáir 2024. Tugann an tArdán Eorpach um Bainistiú Géanna dá aire 'tar éis dó a bheith cobhsaí ar leibhéal thart ar 1,4 milliún eiseamal aonair, is cosúil go bhfuil méadú tagtha ar mhéid an phobail ar na bealaí eitilte arís le dhá shéasúr anuas [2022 agus 2023] in ainneoin tuarascálacha maidir le caillteanais de dheasca ráigeanna d'fhliú na n-éan.' ([5]).

I bhfianaise na méideanna pobail sin, liostaíonn an tAontas Idirnáisiúnta um Chaomhnú an Dúlra agus Acmhainní Nádúrtha stádas caomhantais an speicis mar stádas arb é an tÁbhar Imní Is Lú. As na trí phobal a liostaítear sa Chomhaontú maidir le hÉin Uisce Imirceacha Afracacha-Eoráiseacha a Chaomhnú, is iad pobail na Rúise/na Gearmáine agus na hÍsiltíre na pobail is mó faoi láthair. Cuireann an tArdán Eorpach um Bainistiú Géanna na meastacháin agus na treochtaí is déanaí i láthair maidir le méid na bpobal.

Chomh maith leis an méadú stairiúil ar mhéid an phobail agus ar an ábhar go mbíonn pobail ard-dlúis den speiceas i limistéir na hEorpa nach limistéir phórúcháin iad ([6]), tuairiscíodh go bhfuil méadú tagtha ar an damáiste don talmhaíocht freisin le blianta beaga anuas (cé go bhfuil coinbhleachtaí den sórt sin ann le fada an lá i limistéir áirithe, ar coinbhleachtaí iad a bhí ann roimh an Treoir maidir le hÉin).

4. An cineál coinbhleachtaí a bhíonn ann le Géanna Giúrainn san Aontas Eorpach

Tá méadú ag teacht ar choinbhleachtaí feadh raon idirnáisiúnta na nGéanna Giúrainn de thoradh an fháis ar a líon agus ar a ndáileadh. Áirítear orthu sin an méid seo a leanas:

— coinbhleachtaí leis an talmhaíocht, damáiste do bharra agus san earrach freisin tráth is féidir géariomaíocht a bheith ann don ábhar innilte luathshéasúir le hainmhithe feirme ([7]) go háirithe ag domhanleithid an tuaiscirt agus/nó i limistéir céimnithe imirce agus i limistéir geimhrithe.

— rioscaí go bhféadfadh éantuairteanna a bheith ann i gcásanna ina n-eitlíonn líon an-mhór géanna os cionn aerfort nó gar dóibh uaireanta ([8]); agus

— impacts on other biodiversity and/or ecosystem functions ([9]).

5. Airteagal 9 den Treoir maidir le hÉin agus a feidhm maidir leis an nGé Ghiúrainn

Tá an Ghé Ghiúrainn, cosúil leis na héin uile a bhíonn ann go nádúrtha sa dúiche fhiáin san Aontas, faoi chosaint faoin Treoir maidir le hÉin. Ós rud é nach speiceas infhiachta é (nach liostaítear in Iarscríbhinn II é), ní féidir maolú ar cheanglais chosantacha Airteagal 5 ach amháin más rud é go gcomhlíontar ceanglais Airteagal 9:

— níl aon réiteach sásúil eile ann,

— tá feidhm ag ceann de na cúiseanna a liostaítear in 9(1)(a), (b), nó (c), agus

— comhlíontar ceanglais theicniúla Airteagal 9(2).

([5]) https://egmp.aewa.info/sites/default/files/meeting_files/reports/egmp_briefing_note_2025.pdf.

([6]) Féach an Plean Idirnáisiúnta um Bainistiú Speicis Aonair faoin gComhaontú maidir le hÉin Uisce Imirceacha Afracacha-Eoráiseacha a Chaomhnú chun tuilleadh sonraí a fháil: Jensen, G.H., Madsen, J., Nagy, S. & Lewis M. (tiomsaitheoirí) 2018. *AEWA International Single Species Management Plan for the Barnacle Goose* (Branta leucopsis) – *Russia/Germany & Netherlands population, East Greenland/Scotland & Ireland population, Svalbard/South-west Scotland population*. Sraith Theicniúil Uimh. 70 an Chomhaontaithe maidir le hÉin Uisce Imirceacha Afracacha-Eoráiseacha a Chaomhnú. Bonn, an Ghearmáin.

([7]) Féach an Plean Idirnáisiúnta Aonair um Bainistiú Speiceas de chuid an Chomhaontaithe maidir le hÉin Uisce Imirceacha Afracacha-Eoráiseacha a Chaomhnú chun tuilleadh sonraí a fháil.

([8]) Bradbeer, D.R., Rosenquist, C., Christensen, T.K. & Fox, A.D. 2017. *Crowded skies: conflicts between expanding goose populations and aviation safety*. *Ambio* 46 (Forlíonadh 2): S290-S300.

([9]) Buij, R., Melman, T.C.P., Loonen, M.J.J.E. & Fox, A.D. 2017. *Balancing ecosystem function, services and disservices resulting from expanding goose populations*. *Ambio* 46 (Forlíonadh 2): S301-S318.

Léirítear sa roinn conas a chuirtear na trí choinníoll maidir le maoluithe i bhfeidhm i gcás Géanna Giúrainn agus na cineálacha maoluithe is minice a úsáidtear.

Ní gá do na Ballstáit dul i gcomhairle leis an gCoimisiún sula gcuirfidh siad maoluithe i bhfeidhm. Mar sin féin, mar uirlis íosta ar mhaithe leis an gcomhordú agus mar shásra aiseolais, seolann siad tuarascáil bhliantúil chuig an gCoimisiún Eorpach maidir leis na maoluithe uile a eisítear faoi Airteagal 9. Laistigh de na tuarascálacha, tugtar údar cuí leis na maoluithe ar bhonn cheanglais na Treorach. Go praiticiúil, ciallaíonn sé sin nár cheart go mbeadh sé mar thoradh ar úsáid na maoluithe go mbeidh cás ann ina laghdófar an líon Géanna Giúrainn agus a raon a mhéid nach mbeidh siad inmharthana, nó nach gcoimeádfar ar leibhéal sásúil iad.

Coinníoll 1: Gan rogha mhalartach shásúil a bheith ann

Sonraítear in Airteagal 9(1) nach bhféadfaidh na Ballstáit maolú ar cheanglais Airteagail 5 go 8 ach amháin 'i gcás nach bhfuil aon réiteach sásúil eile ann'.

Tá roinnt mhaith bearta, nó uirlisí, bainistíochta neamh-mharfacha ar fáil chun damáiste ó Ghéanna Giúrainn a mhaolú. Is éard a bhíonn i gceist leo sin go hiondúil géanna a scanrú ar shiúl ó pháirceanna talmhaíochta a d'fhéadfadh a bheith íogair trí fheistí éagsúla fuaimchiaptha agus díspreagthacha amhairc a úsáid ([10]). Tá tuiscint mhaith ar bhearta den sórt sin, agus táthar á n-úsáid le fada an lá. I measc na modhanna eile a úsáidtear go forleathan chun coinbhleachtaí idir géanna agus an talmhaíocht a bhainistiú tá:

— dreasachtaí nó cúiteamh airgeadais a sholáthar chun spás do Ghéanna Giúrainn agus géanna eile ar thalamh feirme a spreagadh agus chun brabúis chaillte a fhritháireamh; agus

— cuir chuige spásúlachta straitéiseacha maidir le limistéir tearmainn a chruthú ([11]) (ar a dtugtar limistéir 'ceadaithe' agus 'coiscthe' uaireanta) ar spás iad do ghéanna a scanraíodh ar shiúl ó thalamh feirme íogair máguaird.

Thiomsaigh an tArdán Eorpach um Bainistiú Géanna de chuid an Chomhaontaithe maidir le hÉin Uisce Imirceacha Afracacha-Eoráiseacha a Chaomhnú athbhreithniú iomlán ar na bearta um bainistiú géanna a úsáideann na stáit raoin ar Ballstáit den Aontas iad agus nach Ballstáit den Aontas iad ([12]).

Maidir le réitigh shásúla eile, ní mór úsáid a bhaint as an scanrú agus as cuir chuige eile maidir le coinbhleachtaí a laghdú. Má chruthaítear iad a bheith neamhéifeachtúil, is féidir maoluithe le haghaidh rialú marfach a dheonú. Féadfar comhréireacht na roghanna malartacha difriúla a chur san áireamh ar bhonn a dtionchair ar an speiceas agus ar an ngá atá le hidirghabháil chun damáiste a chosc. Is iad na breithnithe ábhartha a bheadh ann leibhéil phobail an speicis agus scála an damáiste atá á dhéanamh ag na géanna, i gcomparáid le costas agus indéantacht na roghanna atá ar fáil.

Coinníoll 2: Ceann de na sé fhoras in Airteagal 9(1)(a)-(c) a léiriú

Is é an chúis is minice a luann na Ballstáit maidir le maoluithe a eisiúint le haghaidh Géanna Giúrainn 'chun damáiste tromchúiseach do bharra, do bheostoc, d'fhoraoisí, d'iascaigh agus d'uisce a chosc' (Airteagal 9.1(a)).

Is coincheap coibhneasta é coincheap ginearálta an 'damáiste thromchúisigh' arna dhéanamh ag na Géanna Giúrainn agus, dá réir sin, ní mór meastóireacht a dhéanamh air ar bhonn cás ar chás, i gcás ina mbeidh coinbhleacht ann agus nuair a bheidh coinbhleacht ann. D'fhéadfadh sé nach mbeadh innilt throm ar fhéarthalamh, mar shampla, ina hábhar mór imní ó thaobh na talmhaíochta de san fhómhar, agus an féar fós ann go flúirseach, nó i lár an gheimhridh nuair a bheidh ainmhithe feirme á mbeathú i sciobóil. Ach d'fhéadfadh sé a bheith ina hábhar an-mhór imní san earrach nuair is gá ó thaobh na talmhaíochta de lánleas a bhaint as an gcéad fhás nua chothaitheach d'fhéar.

([10]) E.g. Robai, C.I., Nyaga, J.M., Karuri, H., Elmberg, J. & Månsson, J. 2024. Reducing the number of grazing geese on agricultural fields – effectiveness of different scaring techniques. *Crop Protection* 177: 106552.

([11]) Tá stair fhada ann maidir le limistéir tearmainn a fhorbairt le haghaidh Géanna Giúrainn agus speicis eile ghé (*e.g.* Owen, M., Black, J.M., Agger, M.K. & Campbell, C.R.G. 1987. The use of the Solway Firth, Britain, by barnacle geese *Branta leucopsis* Bechst. in relation to refuge establishment and increases in numbers. *Biological Conservation* 39(1): 63-81). Mar sin féin, ar deireadh thiar thall, tá a n-éifeachtacht teoranta i gcásanna ina bhfuil síormhéadú ag teacht ar an líon géanna nach mór spás a sholáthar dóibh.

([12]) Tombre I.M., Brunner, A., D'Hondt, B., Düttmann, H., Enzerink, R., Fox, A., Feige, N., Heldbjerg, H., Herraro B., Huysentruyt, F., Kostiushyn, V., Månsson, J., McKenzie, R., Mensink, G. Meyers, E., Midtgaard, L., Nilsson, L., Nolet, B., Petrovych, O., Post, K., Scallan, D., Teräväinen, M., Uldal, C., Westebring, M. & Høj Jensen, G. 2019. An overview of the management measures for geese in Range States of the European Goose Management Platform. Foilseachán Uimh. 10 ón Ardán Eorpach um Bainistiú Géanna de chuid an Chomhaontaithe maidir le hÉin Uisce Imirceacha Afracacha-Eoráiseacha a Chaomhnú. Bonn, an Ghearmáin. lch. 41.

Le tamall fada anuas, táthar ag fáil taithí ar choinbhleachtaí idir géanna agus an talmhaíocht san Eoraip a bhainistiú ([13]). Léiríodh leis sin go bhfuil gné spásúil agus gné ama araon ag baint le coinbhleachtaí leis an talmhaíocht agus go bhfuil an áit ina ndéantar an innilt agus tráth na hinnilte araon ina saincheisteanna móra. Dá réir sin, ba cheart tromchúis an damáiste a chinneadh faoi threoir tosca amhail an líon eiseamal atá ann agus an riosca don talamh feirme, ar bhonn tosca amhail tráth na bliana agus an suíomh. Is faoi na Ballstáit atá sé cinneadh a dhéanamh maidir leis na tosca beachta atá le cur san áireamh agus tromchúis an damáiste á cinneadh acu.

Coinníoll 3: Ceanglais theicniúla Airteagal 9(2)

I gcomhréir le hAirteagal 9(2), ní mór bealaí, socruithe agus modhanna le haghaidh na gabhála agus an mharaithe a shonrú sa mhaolú. Tá sé de chumhacht ag an údarás inniúil a dhearbhú go bhfuil na coinníollacha is gá comhlíonta agus a chinneadh cé na bealaí, socruithe nó modhanna is ceadmhach a úsáid, na srianta a bhaineann leis an úsáid sin agus an té atá ceadaithe iad a úsáid. D'fhéadfadh socruithe agus imthosca éagsúla áirithe ó thaobh ama agus áite de a bheith i gceist maidir leis na teorainneacha ar mhaoluithe. Mar sin féin, ba cheart an líon éan a mharaítear, nó a scanraítear (rud atá ábhartha go háirithe le linn shéasúr an phórúcháin), a léiriú agus faireachán a dhéanamh air tríd an maolú a mhéid is féidir. I gcás nach féidir uimhreacha beachta a thabhairt, is féidir raonta eiseamal aonair a mharaítear /a scanraítear faoin maolú a thuairisciú. In aon chás, ní mór na figiúirí sin a bheith comhleanúnach le príomhaidhm na Treorach maidir le hÉin, is é sin caomhnú éan.

Maidir le maoluithe faoi Airteagal 9(1)(c), tá sé tábhachtach freisin na coinníollacha sonracha dá dtagraítear sa phointe sin a thabhairt faoi deara. Fágann sé sin gur gá bearta caomhnúcháin sonracha a fhorbairt chun éifeachtaí díobhálacha ar speicis eile atá faoi bhagairt a sheachaint, go háirithe laistigh de limistéir faoi chosaint speisialta. Ós rud é go gceanglaítear le hAirteagal 9(2)(e) tuairisc a thabhairt ar na rialuithe a dhéanfar, is dócha nach mór an rialú ar mórscála agus an rialú áitiúil a mheas ar bhealaí difriúla. Ach ní mór scéim shonrach a sholáthar sa dá chás.

6. **Cás-staidéir**

6.1. *Bainistíocht atá dírithe ar an bpobal agus an Comhaontú maidir le hÉin Uisce Imirceacha Afracacha-Eoráiseacha a Chaomhnú*

In 2019, ghlac páirtithe sa Chomhaontú maidir le hÉin Uisce Imirceacha Afracacha-Eoráiseacha a Chaomhnú Plean Idirnáisiúnta Aonair um Bainistiú Speicis, agus thug siad forbairt an Ardáin Eorpaigh um Bainistiú Géanna de chuid an Chomhaontaithe maidir le hÉin Uisce Imirceacha Afracacha-Eoráiseacha a Chaomhnú ar aghaidh dá éis sin, ar ardán é lena soláthraítear modh struchtúrtha agus idirnáisiúnta chun dea-chleachtas a chomhroinnt i ndáil leis an speiceas seo agus speicis eile gé a chaomhnú, go háirithe maidir le coinbhleachtaí a bhainistiú.

Is é an dlúthchomhar idir Stáit Raon na nGéanna bunús an chur chuige a chuirtear chun cinn leis an Ardán Eorpach um Bainistiú Géanna, agus tugtar aird ar an gcineál imirce a bhíonn i gceist le mórán pobal gé agus ar an tairbhe a bhaineann le réitigh shonracha agus réitigh straitéiseacha araon ar fhadhbanna coiteanna a chomhroinnt. I gcás na Gé Giúrainn, soláthraíonn sé fóram idirnáisiúnta chun comhordú a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí a leagtar amach sa Phlean Idirnáisiúnta Aonair um Bainistiú Speicis a glacadh, lena n-áirítear cuir chuige maidir le maoluithe.

Tá moltaí bainistíochta déanta ag Meitheal Idirnáisiúnta um Bainistiú Géanna Eorpacha maidir leis na tairbhí a bhaineann le maoluithe a chomhordú. Leis an bpróiseas bunaíodh luachanna tagartha fabhracha le haghaidh mhéid an phobail, an raon agus fairsinge na gnáthóige. Déantar measúnú bliantúil le próiseas an Ardáin Eorpaigh um Bainistiú Géanna ar na sonraí idirnáisiúnta is déanaí maidir le líon, marthanas agus táirgiúlacht le haghaidh gach pobail agus tuairiscítear orthu sin. Leagadh síos tairseach shábháilteachta 200 % (i.e. a dhá oiread) den phobal tagartha fabhrach le haghaidh gach ceann de na ceithre phobal.

Gach 3 bliana, déantar measúnú leis an Ardán Eorpach um Bainistiú Géanna ar cé acu atá nó nach bhfuil méid an phobail agus a aonaid bhainistíochta faoi bhun tairseach 200 % agus ag teannadh leis an bpobal tagartha fabhrach (100 %).

Cuirtear an fhaisnéis is déanaí maidir leis an stádas pobail agus na moltaí bainistíochta i láthair sa nóta mionteagaisc ón 10ú Cruinniú den Mheitheal Idirnáisiúnta um Bainistiú Géanna Eorpacha a reáchtáladh in 2025 ([14]).

Déantar na treochtaí pobail is déanaí le haghaidh na dtrí Aonad Bainistíochta (ABanna) de phobal na Rúise / na Gearmáine agus na hÍsiltíre a thabhairt i bhFíor 2.


([13]) Roomen, M. van & Madsen, J. 1992. *Waterfowl and agriculture: review and future perspective of crop damage in Europe*. Imeachtaí na ceardlainne idirnáisiúnta a thionóil an Aireacht Talmhaíochta, Bainistíochta Dúlra agus Iascaigh agus IWRB. *Foilseacháin Speisialta* 21 *ó IWRB*. Slimbridge, An Ríocht Aontaithe.

([14]) https://egmp.aewa.info/sites/default/files/meeting_files/reports/egmp_briefing_note_2025.pdf.

Fíor 2

Treochtaí le haghaidh na dtrí aonad bainistíochta (AB) de phobal Ghé Ghiúrainn na Rúise / na Gearmáine & na hÍsiltíre: ar chlé (dearg) AB1; sa lár (gorm) AB2; ar dheis (glas) AB3 ([15])

Is é an líne íochtarach poncanna i ngach graf an pobal tagartha fabhrach, is é an líne uachtarach poncanna an tairseach shábháilteachta 200 % den phobal tagartha fabhrach. Is éard atá sna treochtaí meáin ar bhonn Samhail Chomhtháite Pobail (líne dhaite sholadach) lena ngabhann eatraimh mhuiníne 95 % don líon péirí pórúcháin i mí Iúil le haghaidh gach Aonaid Bainistíochta.



De réir na faisnéise sa nóta mionteagaisc '...tá an líon in Aonad Bainistíochta 1 na Rúise (AB1) cuid mhaith os cionn an phobail tagartha fabhraí agus leibhéal tairsí 200 % an phobail tagartha fabhraí.

Os a choinne sin, tá laghdú le sonrú i gcás Aonad Bainistíochta 2 Mhuir Bhailt (AB2), agus thit méid an phobail faoi bhun thairseach 200 % an phobail tagartha fabhraí in 2024. Spreag an fhorbairt sin an gá le bainistiú comhordaithe ar an eastógáil i gcás ina bhfuil coinne leis go mbeidh tionchar ag leibhéil arda maoluithe ar na pobail phórúcháin áitiúla sa Danmhairg, san Fhionlainn nó sa tSualainn.

In Aonad Bainistíochta 3 na Mara Thuaidh, tá méadú tagtha ar an líon péirí pórúcháin le déanaí agus tá sé os cionn an phobail tagartha fabhraí anois. Mar sin féin, tá a líon fós faoi bhun na tairsí 200 %, rud a fhágann gur gá an maolú a bhainistiú ar bhonn comhordaithe idir an Ghearmáin agus an Ísiltír.'

Nuair a bhíonn leibhéal an phobail i bhfad os cionn 200 %, mar is amhlaidh i gcás AB1, ní gá leibhéal na heastógála trí mhaoluithe a chomhordú idir na Ballstáit lena mbaineann. Is gá an eastógáil a chomhordú má bhíonn leibhéal an phobail faoi bhun na tairsí 200 % agus ag teannadh leis an bpobal tagartha fabhrach.Is amhlaidh atá i gcás AB2 agus AB3. De thoradh leibhéil a bpobail, is gá an eastógáil a bhainistiú ar bhonn comhordaithe i gcás ina bhfuil coinne leis go mbeidh tionchar ag cur i bhfeidhm mór na maoluithe ar na pobail phórúcháin áitiúla.

In Aonad Bainistíochta 3 na Mara Thuaidh, tá méadú tagtha ar an líon péirí pórúcháin le déanaí agus tá sé os cionn an phobail tagartha fabhraí anois. Mar sin féin, tá na huimhreacha fós faoi bhun na tairsí 200 %, rud a fhágann gur gá bainistiú comhordaithe a dhéanamh ar mhaoluithe idir an Ghearmáin agus an Ísiltír. Chomhaontaigh an Ísiltír agus an Ghearmáin dá ndéanfaí maoluithe móra a phleanáil sa Ghearmáin, go ndéanfaí comhordú idir an dá thír ([16]). Seachas sin, ba cheart comhordú a dhéanamh laistigh den Ísiltír go príomha, áit a bhfuil an pobal tagartha fabhrach náisiúnta dáilte ar fud na gcúigí anois agus ina bhfuil próiseas comhordaithe á chur chun feidhme ag na Comhairlí Réigiúnacha Fiadhúlra. Mar fhreagairt ar leibhéil phobail atá ag teannadh le leibhéil pobail tagartha fabhraí ar bhonn cúige, rinneadh maoluithe a chur ar fionraí nó a laghdú go mór cheana féin i cúigí áirithe san Ísiltír.Agus cinneadh ón 9ú cruinniú den Mheitheal Idirnáisiúnta um Bainistiú Géanna Eorpacha á dtreorú, chuir an Ísiltír agus an Ghearmáin tuarascáil isteach maidir le comhordú na heastógála sa dá thír.

([15]) Stádas pobal agus moltaí bainistíochta ón 10ú cruinniú den Mheitheal Idirnáisiúnta um Bainistiú Géanna Eorpacha – https://egmp.aewa.info/sites/default/files/meeting_files/reports/egmp_briefing_note_2025.pdf.

([16]) https://egmp.aewa.info/sites/default/files/meeting_files/documents/AEWA_EGM_IWG_10_14_Rev.1.pdf.

6.2. *Taithí agus réitigh san Fhionlainn*

Thart ar 800 000 Géanna Giúrainn a bhíonn ag pórú sa Rúis (d'Aonad Bainistíochta 1 den Chomhaontú maidir le hÉin Uisce Imirceacha Afracacha-Eoráiseacha a Chaomhnú), briseann siad a dturas ar pháirceanna na Cairéile Thuaidh agus oirdheisceart na Fionlainne san earrach agus san fhómhar, agus beathaíonn siad iontu. Gach bliain is féidir níos mó ná 10 000 heicteár de thalamh feirme sna limistéir sin a bheith damáistithe.

Cé go gcaitheann an Fhionlainn EUR 500 000 ar dhamáiste a dhéanann géanna san earrach a chosc, lena n-áirítear tréadaithe gé a fhostú, déantar EUR 3-4 mhilliún de dhamáiste fós.

Tá tástáil déanta ag an bhFionlainn ar bhonnáin, ar bhalúin gháis, ar eiteoga fabhcúin, ar fhíoracha an daonnaí, ar chanóin phléascacha gháis, ar chanónacha léasair, ar léasair láimhe, ar thréadaithe gé, agus ar dhróin. De réir na Fionlainne, áfach, níor tháinig torthaí marthanacha as aon cheann de na trialacha sin a laghdódh an damáiste do bharra go mór. I roinnt cinntí ón gCúirt náisiúnta, leagadh amach teorainneacha dlíthiúla ar úsáid modhanna áirithe díobh sin san earrach, go háirithe maidir leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu ar speicis eile d'éin phórúcháin. Bíonn an tréimhse ghinearálta phórúcháin agus neadúcháin d'éin san Fhionlainn ann idir mí Aibreáin agus mí Iúil.

Maidir le ceadanna maolaithe le linn an fhómhair, in 2023 shonraigh Cúirt Riaracháin Oirthear na Fionlainne gur féidir a mheas gur rogha mhalartach shásúil ar an lámhach marfach é cartúis bhalbha a úsáid chun damáiste tromchúiseach a dhéanann Géanna Giúrainn do bharra a chosc. Dá éis sin, ba é conclúid staidéir ([17]) gur modhanna díspreagthacha chomh héifeachtach céanna le chéile iad cartúis bhalbha agus an lámhach marfach, cé go mbíonn éifeacht níos láidre ag an lámhach marfach i gcásanna áirithe.

Rud a tharla níos déanaí ná sin is ea iniúchadh a rinneadh sa Fhionlainn ar chur chuige níos comhoibrithí trí 'pháirceanna cóiríochta' ina nglactar le géanna, in éineacht le páirceanna 'coiscthe' áit óna ruaigtear go gníomhach iad. Fuarthas amach go léiríonn géanna roghnú aonair le haghaidh páirceanna cóiríochta i gcomparáid le gnáthpháirceanna nó páirceanna óna ruaigtear iad ar feadh scálaí éagsúla. Chun páirc chóiríochta fheidhmiúil a bhunú le haghaidh géanna, ní mór í a phleanáil go cúramach, tá gá le heolas ar iompraíocht na ngéanna agus le faisnéis faoi stair an damáiste talmhaíochta agus is gá a aithint nach ráthaítear rath an phlean i ngeall ar stádas caomhantais an limistéir amháin.

Fuarthas amach freisin gur dóichí gur fearr a oibríonn páirceanna cóiríochta feidhmiúla tarraingteacha i limistéir is fearr le géanna le fada an lá agus ina ndearnadh damáiste talmhaíochta le fada dá réir sin. Tugann na torthaí sin a fuarthas go luath le fios gur féidir leis an gcóras sin um chriosú, a forbraíodh in éineacht le feirmeoirí áitiúla, coinbhleachtaí a laghdú trí ghéanna a chomhchruinniú ar limistéir roghnaithe agus barra in áiteanna eile a chosaint an tráth céanna. Léiríonn cás sin na Fionlainne an acmhainneacht a bhaineann le cineálacha cur chuige a chomhdheartar go háitiúil chun cothromaíocht níos fearr a bhaint amach idir leasanna caomhnúcháin agus na feirmeoireachta.

Mar sin féin, tá sé léirithe ag taithí sheanbhunaithe san Fhionlainn go bhféadfadh sé go mbeadh gá le bearta breise freisin, a bhaineann leis an tseilg choisctheach, chun damáiste tromchúiseach do na barra a chosc. In éagmais réitigh mhalartacha, bheadh údar leis an tseilg choisctheach chun damáiste tromchúiseach do bharra a sheachaint más rud é go gcomhlíontar coinníollacha Airteagal 9.

6.3. *Gé Ghiúrainn chónaithe na hÍsiltíre a bhainistiú* ([18])

San Ísiltír, bhí na Géanna Giúrainn socraithe mar speiceas pórúcháin in 1982. Faoi 2012 bhí méadú tagtha ar an bpobal náisiúnta (cuid d'Aonad Bainistíochta 3 den Chomhaontú maidir le hÉin Uisce Imirceacha Afracacha-Eoráiseacha a Chaomhnú – féach thuas) go dtí thart ar 13 800 péire pórúcháin de réir meastacháin, rud a d'fhág gur méadaíodh an choinbhleacht talmhaíochta. Go traidisiúnta, is é limistéar Dheilt an Tuaiscirt is mó ina bhfuil fáil ar phobal na hÍsiltíre agus tá cónaí ar thart ar leath de na héin ann.

Tá méadú tagtha ar an méid damáiste a dhéanann Géanna Giúrainn do bharra talmhaíochta agus d'fhéarthailte i limistéar Dheilt an Tuaiscirt. Soláthraíonn 'Ciste Fána' na hÍsiltíre (Ciste Géim roimhe) cúiteamh d'fheirmeoirí as barra ar measúnaíodh go ndearna géanna damáiste dóibh, agus cúitítear caillteanais táirgeachta na mbarr curaíochta, an chéad ghearradh féir le haghaidh sadhlais, iomaíocht le féaránaigh agus éifeachtaí an fhuinte le linn aimsir fhliuch. Ní íoctar an cúiteamh ach amháin tar éis d'fheirmeoirí iarracht a dhéanamh géanna a scanrú óna dtalamh.

([17]) Seltmann, M.W., Ylitalo, A.K., Piironen, A., Store, R., Heikkinen, J., Heim, W., Piha, M., Seimola, T., Laaksonen, T. & Forsman, J.T. 2025. Arctic migrating barnacle geese utilize accommodation fields in a new agricultural staging area. *Journal of Applied Ecology* 62(2):317-328.

([18]) van der Jeugd, H.P. & Kwak, A. 2017. Management of a Dutch resident barnacle goose *Branta leucopsis* population: How can results from counts, ringing and hunting bag statistics be reconciled? *Ambio* 46(Forlíonadh 2): 251-261.

Ó bhí 2005 ann, ceadaíodh lámhach na nGéanna Giúrainn de réir maolú i limistéar na Deilte faoi cheadúnas mar rogha dheiridh chun géanna a scanrú ó bharra íogaire agus chun méid an phobail áitiúil a laghdú. Tháinig méadú ar an líon éan a lámhachadh i limistéar Dheilt an Tuaiscirt de réir maolú ó 377 in 2005, go 5 324 in 2014.

Rinneadh faireachán ar thionchar an lámhaigh de réir maolú trí áirimh samhraidh na n-éan agus na neadacha, agus trí mheasúnú a dhéanamh ar rátaí marthanais arna dtomhas tríd an bhfáinniú agus trí ath-amharc na n-éan. Tá méadú beagnach faoi dhó tagtha ar mhéid an phobail go dtí thart ar 28 000 eiseamal aonair le linn na tréimhse idir 2007 agus 2014, d'ainneoin gur baineadh idir 15-25 % de na géanna, agus is 79 % agus 67 % iad na rátaí marthanais le haghaidh géanna fásta agus óga faoi seach (c.f. is é 96 % an marthanas nádúrtha le haghaidh an dá aicme aoise).

D'fhéadfadh sé nach mbeadh an lámhach chomh héifeachtach céanna mar gheall ar thógáil dhíréireach na n-eiseamal neamhaibí iarphórúcháin agus eiseamal aonair ó phobail eile sa gheimhreadh. Baineann mortlaíocht nádúrtha níos airde do ghéanna neamhaibí, go háirithe sa chéad gheimhreadh dóibh, mar sin is dócha go bhfaigheadh mórán a lámhachtar bás go nádúrtha ar aon nós. Thairis sin, bíonn sé neamhéifeachtach géanna ó phobail eile atá ar cuairt a mharú más é an aidhm atá ann éin áitiúla a dhéanann damáiste a rialú.

Chun an bhainistíocht oiriúnaitheach is fearr is féidir a bhaint amach, tá rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara ríthábhachtach.

7. **Maoluithe a thuairisciú**

Tá an tuairisciú trédhearcach ar mhaoluithe agus eastógáil chomhordaithe ríthábhachtach chun muinín a chothú i measc páirtithe leasmhara agus chun comhlíontacht le comhaontuithe idirnáisiúnta a áirithiú. Dá bhrí sin, d'fhorbair an Coimisiún amharcóirí ar líne le haghaidh sonraí na maoluithe ([19]). Cuirtear faisnéis mhionsonraithe i láthair iontu maidir leis na maoluithe bliantúla arna gcur isteach ag na Ballstáit, chomh maith le staitisticí maidir le hiomláine na dtuarascálacha sin:

— Forbhreathnú ar mhaoluithe agus ar eisceachtaí ón gcosaint speiceas ar fud an Aontais;

— Maoluithe aonair agus faisnéis mhionsonraithe fúthu; agus

— Iomláine sonraí na dtuarascálacha náisiúnta maidir le maoluithe agus eisceachtaí.

8. **Tuilleadh faisnéise**

Tá an-chuid faisnéise faoi na bearta cosanta dá bhforáiltear leis an Treoir maidir le hÉin le fáil ar leathanach gréasáin an Choimisiúin: https://environment.ec.europa.eu/topics/nature-and-biodiversity/birds-directive_ga.

I measc na bhfoinsí eile d'fhaisnéis úsáideach tá:

— International Single Species Management Plan for the Barnacle Goose (Russia/Germany & Netherlands Population East Greenland/Scotland & Ireland Population Svalbard/South-west Scotland Population) arna ghlacadh ag AEWA MoP 7;

— An tArdán Eorpach um Bainistiú Géanna – tá cartlann iomlán ann de pháipéir a bhaineann le pléití agus cinntí idirnáisiúnta maidir leis na cláir oiriúnaitheacha um bainistiú bealaí eitilte do na trí phobal de Ghé Ghiúrainn (féach Foscríbhinn 1 thíos). Tá liosta fada ann d'fhoilseacháin phiarmheasúnaithe ábhartha freisin anseo; agus

— Goose management: from local to flyway scale – Eagrán speisialta den irisleabhar *Ambio* ina bhfuil líon mór páipéar maidir le coinbhleachtaí agus réitigh i leith géanna a bhainistiú.

([19]) Deais thábla na maoluithe agus na n-eisceachtaí an Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil.

IARSCRÍBHINN II

Maoluithe a chur i bhfeidhm faoi Airteagal 9 den Treoir maidir le hÉin i ndáil leis an mBroigheall

1. **Cúlra**

Tá trí speiceas d'fhine broighill *Phalacrocoracidae* le fáil san Aontas: an Seaga (*Gulosus aristotelis*, ar a dtugtaí *Phalacrocorax aristotelis* roimhe), an Mionbhroigheall (*Microcarbo pygmaeus*, ar a dtugtaí *Phalacrocorax pygmaeus* roimhe), agus an Broigheall (*Phalacrocorax carbo*). Liostaítear an chéad dá speiceas araon in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir maidir le hÉin i bhfianaise a stádais caomhantais neamhfhabhraigh. Tá an Broigheall níos forleithne agus ó bhí 1997 ann, níor cuimsíodh é a thuilleadh in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir maidir le hÉin ([1]), rud a chiallaíonn nach bhfuil aon oibleagáid ann limistéir chosanta speisialta a aicmiú don speiceas sin.

Fearacht speicis uile na n-éan fiáin a bhíonn ann go nádúrtha i gcríoch Eorpach na mBallstát, cumhdaítear an Broigheall (*Phalacrocorax carbo*) leis an gcóras cosanta ginearálta dá bhforáiltear in Airteagail 5, 6 agus 8 den Treoir maidir le hÉin. Le blianta beaga anuas, de thoradh éifeacht chomhcheangailte bhearta cosanta na Treorach maidir le hÉin, leathnú an dobharshaothraithe, agus tosca eile, tá méadú tagtha ar an líon Broigheall san Eoraip ([2]). Mar speiceas tréadúil a neadaíonn ina choilíneachtaí gar dá phríomhfhoinsí bia, thosaigh an Broigheall a bheith ina chúis le coinbhleachtaí le hiascaigh tráchtála agus áineasa araon mar aon leis an dobharshaothrú, mar gheall ar thionchair ar éisc agus ar an iomaíocht ar son na n-iasc, ach d'fhéadfadh tionchar diúltach a bheith aige ar speicis éisc ar ábhar imní ar leith iad maidir le caomhnú freisin agus coinbhleachtaí a chruthú le húsáid tráchtála nó áineasa eile na ndobharlach.

Chun tacú leis na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar na coinbhleachtaí idir an Broigheall agus iascaigh, tá roinnt tionscnamh déanta ag an gCoimisiún:

— In 2011, arna iarraidh sin do Pharlaimint na hEorpa, sheol an Coimisiún Ardán Broigheall de chuid an Aontais a bhí bunaithe den chuid is mó ar thionscadal INTERCAFE a bhí ann roimhe (2004-2008) ar chistigh an tAontas agus lenar oibríodh go dlúth leis na príomhpháirtithe leasmhara chun staidéar mionsonraithe a dhéanamh ar na coinbhleachtaí difriúla arb é an Broigheall ba chúis leo. Chuir líonra taighde INTERCAFE sraith tuarascálacha ar fáil maidir le coinbhleachtaí idir iascaigh agus broighill, dá dtugadh tacaíocht le cás-staidéir leathana ar ghnáthóga/iascaigh. Cuimsíodh 'bosca uirlisí' um bainistiú na mbroigheall leis na cás-staidéir chun cuidiú le fadhbanna le broighill in iascaigh na hEorpa a chosc agus a laghdú, agus is féidir leis na húdaráis agus na páirtithe leasmhara é a úsáid. Tá na doiciméid uile ar fáil ag: https://www.ceh.ac.uk/our-science/projects/intercafe-information

— Chuir Ardán Broigheall an Aontais Eorpaigh sraith doiciméad achomair ar fáil maidir le dáileadh, raon, éiceolaíocht, stádas agus treochtaí pobail an Bhroighill, agus a idirghníomhaíochtaí le héisc, le hiascaigh agus leis an dobharshaothrú agus maidir le coinbhleachtaí idir broighill agus iascaigh a bhainistiú. Tugadh na doiciméid cothrom le dáta in 2024 agus tá siad ar fáil ar leathanach gréasáin an Choimisiúin maidir leis an Treoir maidir le hÉin ([3]). Cé go ndéantar achoimre ghairid ar ghnéithe áirithe thíos, is acmhainní uileghabhálacha iad na doiciméid ar an leathanach gréasáin ar féidir iad a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar na coinbhleachtaí.

— In 2013, d'fhoilsigh an Coimisiún treoirdhoiciméad dar teideal *Great cormorant – applying derogations under Article 9 of the Birds Directive* [An Broigheall – maoluithe a chur i bhfeidhm faoi Airteagal 9 den Treoir maidir le hÉin] ([4]), ar bhonn na faisnéise uile a bailíodh agus na taithí a fuarthas agus ar na rialuithe ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh maidir le hAirteagal 9 den Treoir maidir le hÉin a chur i bhfeidhm.

Cuirtear an iarscríbhinn seo in ionad na treoraíochta a foilsíodh roimhe in 2013, agus tugtar cothrom le dáta léi í, agus is cuid í an iarscríbhinn seo den treoraíocht maidir leis an gcóras ginearálta chun speicis éan a chosaint faoin Treoir maidir le hÉin. Tugtar aghaidh go sonrach léi ar úsáid na maoluithe chun coinbhleachtaí idir an Broigheall agus gníomhaíochtaí an duine a réiteach. Soláthraítear forbhreathnú achomair inti ar líon agus treochtaí pobail an speicis, ar a stádas dlíthiúil agus ar an gcineál coinbhleachtaí atá i gceist, chomh maith le réitigh a d'fhéadfadh a bheith ann. Leagtar amach ansin na céimeanna chun na forálacha maidir le maolú faoi Airteagal 9 den Treoir maidir le hÉin a chur i bhfeidhm.

([1]) Treoir 97/49/CE ón gCoimisiún an 29 Iúil 1997 lena leasaítear Treoir 79/409/CEE ón gComhairle maidir le héin fhiáine a chaomhnú (IO L 223, 13.8.1997, lch. 9, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1997/49/oj).

([2]) https://circabc.europa.eu/ui/group/e21159fc-a026-4045-a47f-9ff1a319e1c5/library/b32b1896-aa4b-492b-af20-28f43cfe5bd4/details.

([3]) https://environment.ec.europa.eu/topics/nature-and-biodiversity/birds-directive_ga.

([4]) An Coimisiún Eorpach: Ard-Stiúrthóireacht um an gComhshaol agus Grúpa N2K na Grúpála Eorpaí um Leas Eacnamaíoch (GELE), *Great cormorant – applying derogations under Article 9 of the Birds Directive 2009/147/EC* [An Broigheall – maoluithe a chur i bhfeidhm faoi Airteagal 9 den Treoir maidir le hÉin 2009/147/CE], Oifig na bhFoilseachán, 2013, https://data.europa.eu/doi/10.2779/56719.

2. **An Broigheall san Aontas Eorpach**

San Eoraip, tá tuairisc tugtha ar dhá fhospeiceas den Bhroigheall. Bíonn cónaí ar Phalacrocorax *carbo carbo* (fospeiceas an Atlantaigh) feadh chósta an Atlantaigh agus póraíonn sé beagnach go heisiach ar chóstaí creagacha na hÍoslainne, na hIorua, na Ríochta Aontaithe, na hÉireann agus iarthar na Fraince. Le blianta beaga anuas, tá méadú ag teacht ar an líon éan a aistríonn isteach faoin tír chun an geimhreadh a chaitheamh ann agus iad féin a bheathú i ngnáthóga fionnuisce, agus tá tréimhsí níos faide á gcaitheamh acu ansin sula bhfilleann siad ar an gcósta chun pórú.

Bíonn Phalacrocorax *carbo sinensis* (fospeiceas na Mór-roinne) le fáil ó iarthar na hEorpa ar fud iomlán na hÁise go dtí an tSín agus an India. Bhain sé úsáid as láithreáin intíre agus chósta araon i gcónaí chun pórú agus iad féin a bheathú. Bíonn sé le fáil i raon leathan de ghnáthóga difriúla bogaigh, cuir i gcás bogaigh cósta, lochanna intíre agus abhainnchórais mhóra ísealchríche, linnte éisc feirmeacha agus, poill ghairbhéil de dhéantús an duine agus taiscumair oscailte.

Tá méadú substaintiúil tagtha ar an líon fospeicis *P. carbo sinensis* le roinnt deacáidí anuas agus tá méadú níos measartha tagtha ar phobal *P. carbo carbo* (agus tá laghdú tagtha air in áiteanna fiú).

Mar gheall ar an méadú atá ag teacht ar na tréimhsí a chaitheann fospeicis Atlantacha áirithe istigh faoin tír agus an méadú atá tagtha ar fhospeiceas na Mór-roinne, bíonn níos mó éan den dá fhospeiceas le fáil ar láithreáin intíre anois. Ag na suíomhanna sin, is minic a bhíonn an dá speiceas i dteagmháil le chéile, rud a fhágann go mbíonn crosphórú ann uaireanta.

Tá patrúin chasta imirce ag na broighill. Murab ionann agus mórán éin imirceacha eile, ní théann siad ar fad ar imirce an tráth céanna ná chuig na limistéir chéanna. Braitheann méid áirithe dá nósanna imirce ar shuíomh geografach na coilíneachta pórúcháin. Téann mórán éan ó thíortha an tuaiscirt agus ón Eoraip Láir ar imirce ó dheas sa gheimhreadh. Mar sin féin, tá éagsúlacht mhór idir na hachair i measc eiseamail aonair ón gcoilíneacht chéanna agus braitheann siad ar dhéine an gheimhridh freisin. Cé nach dtéann éin áirithe ach 100 ciliméadar ó dheas, eitlíonn éin eile trasna na Meánmhara go cósta na hAfraice Thuaidh.

De réir an áirimh uile-Eorpaigh is déanaí a rinneadh ar choilíneachtaí pórúcháin san Eoraip in 2012, arna chomhordú ag an Aontas Idirnáisiúnta do Chaomhnú an Dúlra/an Grúpa Idirnáisiúnta um Thaighde ar an mBroigheall agus arna mhaoiniú faoi thionscadal CORMAN de chuid an Aontais ([5]), measadh gur 370 000 péire pórúcháin a bhí i ndaonra pórúcháin fhospeiceas na Mór-roinne *P. carbo sinensis* in iarthar an Phailé-artaigh (lena gcumhdaítear an Eoraip siar ó na hÚrailí, codanna den Mheánoirthear agus den Afraic Thuaidh). Astu sin, áfach, ní raibh ach 214 800 péire pórúcháin le fáil in AE-28 ([6]) (bhí an tromlach ag pórú i dtíortha ar theorainn Mhuir Bhailt), agus bhí formhór an chuid eile díobh ag pórú sa Rúis agus san Úcráin. Bhí 16 000 péire pórúcháin den fhospeiceas Atlantach *P. carbo carbo* ann freisin (ní raibh siad ach i dtrí Bhallstát de AE 28: an Fhrainc, Éire agus an Ríocht Aontaithe).

De réir na dtuarascálacha faoi Airteagal 12 den Treoir maidir le hÉin (don tréimhse 2013-2018) ([7]), measadh go raibh idir 220 000 agus 272 000 péire pórúcháin i ndaonra pórúcháin fhospeiceas *P. carbo sinensis* do AE 28. Meastar go bhfuil treocht chobhsaí nó treocht dhearfach ghearrthéarmach agus fhadtéarmach ag an bhfospeiceas i bhformhór na mBallstát ina mbíonn sé ag pórú.

Is dócha go bhfuil meascán tosca ina gcúis leis an méadú ar líon *P. carbo sinensis*, lena n-áirítear a gcosaint dhlíthiúil ar ghéarleanúint a rinneadh orthu roimhe, cosaint a láithreán pórúcháin, laghdú ar úsáid an déchlóraidhéfheiniltríchlóireatáin agus lotnaidicídí bithcharnacha eile, geimhrí níos séimhe agus rochtain níos éasca ar ghnáthóga a mbeathaithe ([8]).

Measadh gur 13 910 péire pórúcháin a bhí i ndaonra pórúcháin fhospeiceas *P. carbo carbo* in AE-28, agus treocht dhiúltach ghearrthéarmach ann sa Fhrainc agus sa Ríocht Aontaithe agus treocht dhearfach ghearrthéarmach ann in Éirinn. Tuairiscíodh 13 330 péire pórúcháin san iomlán ar a mhéad sa mhóráireamh idirnáisiúnta is déanaí (2015-2021) d'éanlaith mhara na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann, rud a léirigh méadú beag sa dá thír.

Tá a dtuarascálacha nua faoi Airteagal 12 don tréimhse 2019-2024 á gcur isteach ag na Ballstáit faoi láthair. De réir an réamh-mheasúnaithe ar na sonraí a cuireadh isteach, meastar go bhfuil idir 287 000 agus 323 000 péire i ndaonra pórúcháin *P. carbo sinensis*.

([5]) http://cormorants.freehostia.com.
([6]) Roimh imeacht na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach.
([7]) An Coimisiún Eorpach (2020) Uirlis Gréasáin Airteagal 12 (2013-2018): Stádas agus treochtaí pobail ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát [ar líne]. https://nature-art12.eionet.europa.eu/article12/.
([8]) Christof Herrmann, Thomas Bregnballe, Kjell Larsson, Meelis Leivits, Pekka Rusanen, *Population development of Baltic Bird Species*: Great Cormorant (*Phalacrocorax carbo sinensis*)' (2018).

3. **Stádas cosanta an Bhroighill faoin dlí**

Cumhdaítear an Broigheall leis an gcóras ginearálta cosanta faoin Treoir maidir le hÉin (Airteagal 5). Toirmisctear Broighill a ghabháil agus a mharú d'aon ghnó, cur isteach go mór orthu go háirithe le linn na tréimhse atáirgthe, a neadacha a scriosadh nó a n-uibheacha a thógáil, agus ní fhéadfaidh na Ballstáit é sin a cheadú ach amháin i gcomhréir leis an gcóras um maolú a leagtar amach in Airteagal 9 den Treoir. Ní liostaítear an Broigheall in Iarscríbhinn I (speicis atá faoi réir bearta cosanta speisialta) ná in Iarscríbhinn II (speicis a fhéadfar a sheilg) a ghabhann leis an Treoir.

Maidir le comhaontuithe idirnáisiúnta, liostaítear an Broigheall i bhFoscríbhinn III – Speicis fána faoi chosaint a ghabhann le Coinbhinsiún Bheirn. Dá réir sin, ní speiceas é atá faoi dhianchosaint, rud a fhágann gur féidir a shaothrú a rialú. Cumhdaítear an speiceas leis an gComhaontú maidir le hÉin Uisce Imirceacha Afracacha-Eoráiseacha a Chaomhnú freisin. Cuimsítear é i gColún C, Catagóir 1 de Thábla 1 d'Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an gComhaontú, rud a chiallaíonn go bhfuil breis agus thart ar 100 000 eiseamal aonair ina phobal agus, dá bhrí sin, go bhféadfadh sé tairbhiú go mór de chomhar idirnáisiúnta.

4. **Airteagal 9 den Treoir maidir le hÉin agus a cur i bhfeidhm maidir leis an mBroigheall Mór**

Maidir leis an mBroigheall, mar is amhlaidh i gcás na n-éan uile a bhíonn ann go nádúrtha sa dúiche fhiáin san Aontas, cosnaítear é faoin Treoir maidir le hÉin, agus rialaítear a chosaint le hAirteagail 5, 6 agus 8. Ceadaíonn Airteagal 9 do na Ballstáit maolú ar na toirmisc (i.e., imeacht uathu) in Airteagal 5 má chomhlíontar trí choinníoll:

— níl aon réiteach sásúil eile ann,

— tá feidhm ag ceann de na cúiseanna a liostaítear in 9(1)(a), (b), nó (c), agus

— comhlíontar ceanglais theicniúla Airteagal 9(2).

Ní gá do na Ballstáit dul i gcomhairle leis an gCoimisiún sula gcuirfidh siad maoluithe i bhfeidhm. Mar sin féin, mar uirlis íosta ar mhaithe leis an gcomhordú agus mar shásra aiseolais, seolann siad tuarascáil bhliantúil chuig an gCoimisiún Eorpach maidir leis na maoluithe uile a eisítear faoi Airteagal 9. Laistigh de na tuarascálacha, tugtar údar cuí leis na maoluithe ar bhonn cheanglais na Treorach. Go praiticiúil, ciallaíonn sé sin nár cheart úsáid na maoluithe a fhágáil go mbeidh cás ann ina laghdaítear an líon Broigheall agus a raon a mhéid nach mbeidh siad inmharthana, nó nach gcoimeádfar ar leibhéal sásúil iad.

Tá úsáid iomlán á baint ag na Ballstáit as na forálacha maidir le maolú chun aghaidh a thabhairt ar na coinbhleachtaí idir broighill agus iascaigh. Tá difríochtaí nach beag sa chaoi a ndéantar é sin, i dtéarmaí na modhanna agus na suíomhanna araon ina gcuirtear maoluithe i bhfeidhm mar mhodh bainistithe coinbhleachta. Tá Ballstáit áirithe ag úsáid na maoluithe go forleathan, lena n-áirítear bearta a chuirtear i bhfeidhm i gcoilíneachtaí pórúcháin, agus ní úsáideann Ballstáit eile maoluithe ([9]).

Formheastar formhór na maoluithe chun marú nó gabháil d'aon ghnó trí mhodh ar bith a cheadú (rud a thoirmisctear faoi Airteagal 5(a)). De ghnáth, lámhachtar broighill mar chabhair leis an scanrú chun feistí díspreagthacha eile a threisiú, chun laghdú a dhéanamh go sealadach ar an líon éan aonair a bhíonn á mbeathú féin ag láithreán ar leith agus chun a leibhéil a bpobail a choigeartú i gcomhréir le ceanglais Airteagal 9. Tá fadhbanna ann, áfach, maidir le héin a mharú sa chleachtas toisc go dtagann éin eile in ionad éin mharbha go han-mhinic. Is fíor sin go háirithe i suíomhanna ar bhealaí imirce na mbroigheall, go háirithe san fhómhar agus sa gheimhreadh. D'fhéadfadh sé gur amhlaidh an cás freisin ag tráthanna eile den bhliain má bhíonn broighill ag gluaiseacht faoi shaoirse idir suíomhanna.

Úsáidtear maoluithe go forleathan freisin chun go bhféadfar a neadacha agus a n-uibheacha a scriosadh d'aon ghnó, nó damáiste a dhéanamh dóibh, nó a neadacha a bhaint d'aon ghnó (rud a thoirmisctear faoi Airteagal 5(b)). Is féidir aschur pórúcháin éan a laghdú trí neadacha nó uibheacha a scriosadh chun gur cheart go mbeadh níos lú éan cleitithe ann ag deireadh shéasúr an phórúcháin, níos lú éan níos sine ann chun cuairt a thabhairt ar iascaigh sa gheimhreadh, agus, dá éis sin, níos lú éan fásta chun pórú. Tá na broighill solúbtha, áfach, ina n-iompar pórúcháin agus tá a bpobail sách athléimneach in aghaidh na mortlaíochta. Mar shampla, is féidir le broighill a neadacha a atógáil agus a álta uibheacha a athbhreith.

Léirítear sa roinn seo an chaoi a bhféadfar na trí choinníoll maidir le maoluithe a chur i bhfeidhm i gcás an Bhroighill. Léirítear ann a mhéid a úsáideann na Ballstáit maoluithe agus na cineálacha maoluithe is minice a úsáideann siad.

([9]) https://www.eea.europa.eu/en/analysis/maps-and-charts/overview-of-derogations-and-exceptions-dashboards.

Coinníoll 1: Gan rogha mhalartach shásúil a bheith ann

Sonraítear in Airteagal 9(1) nach bhféadfaidh na Ballstáit maolú ar cheanglais Airteagail 5 go 8 ach amháin ‘i gcás nach bhfuil aon réiteach sásúil eile ann’. Ciallaíonn sé sin maidir le beart atá á mheas nach féidir brath ar an bhforas leis an maolú in Airteagal 9 i gcás ina bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar an gcuspóir a maítear a bheith leis ar bhealach ‘sásúil’ eile atá (a) dleathach faoin Treoir maidir le hEin (fiú más gá maolú ar an Treoir féin) nó (b) nach bhfuil chomh díobhálach céanna i bhfianaise na dtoirmeasc in Airteagal 5 agus chuspóirí na Treorach.

Is iomaí réiteach malartach, nó uirlisí, atá ar fáil chun an choinbhleacht idir an Broigheall agus iascaigh agus speicis éisc ar an leibhéal áitiúil a chosc nó a laghdú. Ba cheart tús áite a thabhairt do na modhanna sin lena seachnaítear an gá le maoluithe ach amháin más féidir an réiteach a chur as an áireamh ar bhonn taithí roimhe nó i gcás ina mbeadh cur chun feidhme an réitigh díréireach leis na tairbhí caomhnúcháin a bheadh ann dá thoradh. Dá bhrí sin, ba cheart teorainn a chur leis an gcuardach ar roghanna malartacha agus gan a chur san áireamh ach na réitigh sin lena bhfuil coinne réasúnta go mbeidh siad éifeachtach i gcás ar leith, ar bhonn an eolais eolaíoch is fearr atá ar fáil.

Seo a leanas samplaí de na bearta coisctheacha:

— **Broighill a scanrú ar shiúl** ó iascach. Braitheann an cur chuige ar bhroighill a scanrú go leormhaith trí bhíthin feistí fuaimchiaptha nó feistí díspreagthacha amhairc chun go n-aistreoidh siad chuig suíomh sealgaireachta eile. Braitheann éifeachtacht na dteicnící scanraithe ar na feistí díspreagthacha a bheith sách scanrúil chun tabhairt ar na broighill aistriú go háit eile agus ar shuíomh malartach ‘níos fearr’ a bheith ar fáil dóibh chun aistriú chuige. Is é an míbhuntáiste is mó go dtuigeann na broighill ar deireadh (agus go minic sách tapa) nach bhfuil aon fhíorbhagairt ann, go dtéann siad i dtaithí ar na torainn, ar na nithe atá le feiceáil nó ar na bolaithe agus go dtosaíonn siad ar neamhaird a thabhairt orthu. Mar sin féin, tá fianaise mhaith ann go scanraíonn láithreacht an duine na héin go comhsheasmhach má bhraitheann siad go bhfuil daoine bainteach le contúirt. Is ar dhobharlaigh bheaga is éifeachtúla modhanna an scanraithe, rud a chiallaíonn go bhféadfadh sé nach mbeidís sách éifeachtach ná comhréireach mar bheart coisctheach do dhobharlaigh mhóra. Ar an gcuma chéanna, is féidir éifeacht scanraithe na mbeart neamh-mharfach a threisiú ach iad a chomhcheangal le rialú marfach teoranta nach mór maoluithe a fháil ina leith.

— **Éisc a chosaint trí úsáid a bhaint as gairis eisiaimh** chun cosc a chur ar na broighill rochtain a fháil orthu. Braitheann na teicnící sin ar líonta agus ar shreanga lasnairde chun broighill a choinneáil ar shiúl ó éisc. Is fearr a oibríonn siad nuair a bhíonn na héisc comhchruinnithe i limistéir réasúnta beag. Tá na teicnící sármhaith do linnte ar tír nó d’fheirmeacha éisc oscailte inar féidir imfháluithe na n-eangach stoptha éanlaithe a shocrú go buan. Ag láithreáin eile, amhail caighin feirmeacha éisc i ndobharlaigh oscailte, is féidir eangach stoptha éanlaithe a chrochadh ina cuirtíní nó mar imfháluithe iomlána faoi uisce chun cosc a chur ar éin thumthacha stoc éisc a shroicheadh i mála mogalra an chaighin. Ag suíomhanna den sórt sin, d’fhéadfaí leas a bhaint as na hachair sách fada a bhíonn de dhíth ar na broighill i gcoitinne chun éirí de thalamh agus tuirlingt. Trí shreanga, téada nó bacainní mogalra a shuí trasna uiscí, d’fhéadfaí é a dhéanamh deacair, nó dodhéanta fiú, do bhroighill tuirlingt ar dhromchla an uisce nó éirí de. I ndobharlaigh níos mó, bíonn sé níos deacra iad a eisiamh go hiomlán agus d’fhéadfadh sé a bheith neamhphraiticiúil go deimhin.

— **Teicnící um bainistiú stoic éisc** chun infhaighteacht na n-iasc do bhroigheall a laghdú. Braitheann na huirlisí sin ar riachtanas na mbroigheall roghanna a dhéanamh agus an áit le beathú á roghnú acu. Ní mór dóibh cothromaíocht a aimsiú idir roinnt saincheisteanna má tá siad lena riachtanais laethúla bhia a chomhlíonadh. Cuimseofar leo sin cé acu atá nó nach bhfuil meáchan á chailleadh nó á chur suas ag an éan (staid choirp an éin); dálaí comhshaoil (tá gá le níos mó bia/fuinnimh le linn tréimhsí níos fuaire/níos fliche); an chéim sa timthriall bliantúil (tréimhsí imirce, séasúr an phórúcháin, caitheamh an gheimhridh); méid an áil agus a aois, agus na hachair idir faraí nó coilíneachtaí agus na láithreáin bheathaithe. Braitheann roghnú an láithreáin sealgaireachta ar infhaighteacht, líon agus cáilíocht na láithreán beathaithe oiriúnach féideartha atá ann. Is éard a bheidh i láithreán sealgaireachta ar ardchaighdeán láithreán a mbeidh rochtain air agus beathú le fáil ann saor ó riosca, gan aon ní a bheith ag cur isteach ar na héin, agus ina bhfuil soláthairtí maithe iasc agus iad réasúnta éasca le gabháil. Is é is aidhm do theicnící um bainistiú stoic éisc cáilíocht na ndeiseanna sealgaireachta atá ar fáil do na broighill a athrú trí fhéachaint chuige nach mbeidh na héisc chomh héasca sin le gabháil. An bunphrionsabal atá ann is ea má bhíonn na héisc deacair le gabháil, go bhféadfaidh na héin roghnú iad féin a bheathú in uiscí eile ina bhfuil an t-iascach níos éasca. Mar shampla, i gcás ina mbeidh smacht ag bainisteoirí iascaigh ar chórais stocála éisc, tá roinnt roghanna ann a d’fhéadfadh caillteanais na n-iasc a laghdú agus a fhágáil nach mbeadh láithreáin chomh tarraingteach céanna do bhroighill i mbun na sealgaireachta. Seo a leanas samplaí áirithe de bhearta:

    — *Stocáil éisc a mhoilliú le linn bhuaicthréimhsí na mbroigheall*

        Is féidir leis an mbeart seo a bheith éifeachtach i gcás ina mbeidh buaicphointí soiléire séasúracha le feiceáil ar an líon broigheall (e.g. tréimhsí geimhrithe nó imirce). Trí infhaighteacht na n-iasc a laghdú agus brú na mbroigheall ag an leibhéal is airde, ní bhíonn feirmeacha éisc ná láithreáin stocála chomh tarraingteach céanna mar limistéir bheathaithe. Léiríonn fianaise ó roinnt Ballstát go bhféadfadh broighill aistriú chuig láithreáin mhalartacha agus éifeachtúlacht na sealgaireachta ag dul i laghad. Mar sin féin, tá gá leis an tsolúbthacht sna sceidil stocála don chur chuige sin agus d’fhéadfadh sé nach mbeadh sé indéanta do na hiascaigh uile.

— *Éisc a stocáil go minic agus in áiteanna iomadúla*

Laghdaítear intuarthacht na ndeiseanna beathaithe do bhroighill agus a mhéid is féidir leo a fháil ach an stocáil ar bhonn scaipthe agus céimnithe. Trí chainníochtaí níos lú d'éisc a scaoileadh ag roinnt láithreán, íslítear dlús na creiche a bhíonn ar fáil san áit, rud a laghdaíonn a mhéid a spreagtar na broighill chun teacht le chéile. Meastar go forleathan gur dea-chleachtas é an beart sin in iascaigh agus aibhneacha fairsinge, go háirithe nuair a chomhcheanglaítear é le castacht ghnáthóige, rud a chuireann teorainn le hinfheictheacht na n-iasc.

— *Éisc mhóra nach bhfuil chomh leochaileach céanna i leith na creachadóireachta a stocáil*

Is fearr leis na broighill díriú ar éisc atá níos lú agus níos éasca le gabháil. Trí aicmí méide níos mó a stocáil, d'fhéadfaí laghdú mór a dhéanamh láithreach ar na caillteanais de dheasca na creachadóireachta, go háirithe in uiscí ciúine agus i linnte éisc. Cé go bhféadfaí costais na stocála a mhéadú leis sin, is minic a mheastar é a bheith costéifeachtach san fhadtéarma i gcás ina mbeidh ardbhrú ann ó thaobh na creachadóireachta de.

— **Teicnící modhnaithe gnáthóg** chun infhaighteacht na n-iasc do bhroighill a laghdú amhail faraí agus struchtúir fara a d'fhéadfadh a bheith ann gar d'uiscí íogaire a bhaint (e.g. crainn mharbha nó struchtúir shaorga) chun nach spreagfar na broighill le fanacht gar do stoic éisc, nó tearmainn éisc a chruthú trí struchtúir faoi uisce, fásra, nó tearmainn shaorga a shuiteáil inar féidir le héisc dul i bhfolach, rud a laghdaíonn éifeachtúlacht na sealgaireachta ag na broighill agus a chuidíonn le héisc an chreachadóireacht a sheachaint. Soláthraítear níos mó áiteanna d'éisc chun éalú ó na broighill ach castacht na gnáthóige a mhéadú (e.g. láithreacha sceite fheabhsaithe, imill níos doimhne). Is nithe eile iad na huirlisí sin sa bhreis ar na teicnící um bainistiú stoic éisc a dtugtar tuairisc orthu thuas. Is é is aidhm dóibh nach mbeidh láithreáin chomh tarraingteach céanna do na broighill chun fáireadh, neadú nó beathú iontu. Cé nach gcuirfidh siad stop síoraí ar fháireadh, pórú ná beathú na mbroigheall, ar leibhéal suíomh-shonrach, d'fhéadfaidís láithreacht na mbroigheall a laghdú nó a dhíothú agus cosc a chur ar na héin seilbh a ghlacadh ar an limistéar. Trí chosc a chur ar bhroighill láithreán fara a bhunú, d'fhéadfaí stop a chur lena mealladh chuig limistéar mar gheall ar éin eile a bheith ann nó d'fhéadfaí cosc a chur ar iarrachtaí pórúcháin dá éis sin.

— **Dreasachtaí airgeadais** chun cóiríocht na mbroigheall ar dhobharlaigh a spreagadh nó cúiteamh chun caillteanais eacnamaíocha a fhritháireamh (féach Cás-Staidéar 1)

Mar sin féin, más rud é, tar éis do bhearta coisctheacha a bheith curtha chun feidhme, go bhfuiltear fós ag trasnáil fhorálacha Airteagal 5 den Treoir maidir le hÉin, amhail meascán de mhodhanna neamh-mharfacha agus marfacha a bheith ann, bheadh gá le maolú a chur i bhfeidhm.

Coinníoll 2: An chúis atá leis an maolú

Bunaithe ar an tuarascáil maidir leis an maolú a chuireann na Ballstáit faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh gach bliain, na cúiseanna is minice a luann na Ballstáit le maoluithe a eisiúint don Bhroigheall, sin iad chun damáiste tromchúiseach d'iascaigh (lena n-áirítear don dobharshaothrú), d'fhoraoisí agus d'uisce a chosc agus chun an flóra agus an fána a chosaint (Airteagal 9(1)(a)).

a. Maoluithe chun damáiste tromchúiseach d'iascaigh a chosc

De dheasca an mhéadaithe ar an líon Broigheall, tá méadú tagtha ar na coinbhleachtaí le hiascaigh agus leis an dobharshaothrú a thuairiscítear, go príomha toisc go bhfuil mórán de na dobharlaigh inar gnách leis na broighill iad féin a bheathú ina láithreáin a bhfuil leas ag daoine iontu go díreach – mar shampla, iascaigh thráchtála, feirmeacha éisc (feirmeacha forleathana agus dianfheirmeoireacht) chomh maith le slatiascaireacht áineasa (i ngnáthóga uisceacha nádúrtha, leathnádúrtha nó saorga). Bíonn iascaigh ann i bhfionnuiscí (lena n-áirítear córais linnte éisc agus lochanna nádúrtha), in uisce goirt (bogaigh chósta), agus i limistéir mhuirí (limistéir chósta). Mar sin féin, is minic nach mbíonn creachadóireacht ag broighill ach ar cheann den iliomad strusairí a mbíonn tionchar acu ar stoic éisc sna limistéir sin faoi láthair.

Ní dhéantar idirdhealú sa Treoir maidir le hÉin idir catagóirí difriúla iascaigh, e.g. iascach tráchtála nó áineasa. Sa chomhthéacs seo, áfach, cumhdaítear an méid seo a leanas leis an gcoincheap 'iascach':

— tionscal gabhála, próiseála agus díola na n-iasc nó an áit ina ndéantar é sin,

— áit ina dtógtar éisc lena ndíol (dobharshaothrú),

— iascach áineasa.

Comhfhreagraíonn coincheap na n-iascach áineasa ní hamháin go háirithe do mheánna fóillíochta ach do chlubanna slatiascaireachta, agus don iascach tráchtála 'athlíon agus iasc' freisin.

Bíonn coinbhleachtaí idir na broighill agus an iascaireacht tráchtála an-chasta agus dinimiciúil freisin. Tá éagsúlacht ollmhór ann maidir le huainiú agus méid na gcoinbhleachtaí sin ós rud é go bhfuil éagsúlachtaí móra ann maidir leis an líon broigheall agus a dháileadh ar fud na hEorpa, agus gluaiseachtaí séasúracha á ndéanamh ag na héin ar scála leathan idir limistéir an phórúcháin agus an gheimhrithe. Dá bhrí sin, tarlaíonn coinbhleachtaí ag tráthanna difriúla den bhliain, in áiteanna difriúla agus ar scálaí geografacha difriúla agus d'fhéadfadh pórú, geimhriú nó éin imirceacha a bheith i gceist leo.

Thairis sin, sa bhreis ar phatrúin chasta ghluaiseachta na mbroigheall, beidh tionchar ar choinbhleachtaí ag dinimic na bpobal éisc freisin, rud a bhíonn chomh casta céanna (e.g. mortlaíocht de réir dlúis) agus ag éagsúlachtaí séasúracha agus bliantúla i dtosca seachtracha, amhail dálaí aimsire (go háirithe déine an gheimhridh) agus éifeachtaí an truaillithe uisce, ach sásraí cúiteacha a bheith ar fáil freisin.

Ciallaíonn an chastacht bhunúsach sin go mbíonn gach cás difriúil, agus go bhfuil gá le cur chuige cás ar chás chun measúnú a dhéanamh ar choinbhleachtaí, agus raon iomlán na dtosca á chur san áireamh, agus gur cheart coinbhleachtaí a bhainistiú ar bhonn oiriúnaitheach. Tá ról criticiúil ag uainiú na ngníomhaíochtaí bainistíochta laistigh den bhliain freisin maidir lena chinneadh cé chomh héifeachtach agus atá siad.

Ba cheart a chur i dtábhacht, chun go mbeidh Ballstát in ann maolú a eisiúint, gur gá a chinneadh an meastar go bhfuil an damáiste is dócha a dhéanfar ina dhamáiste 'tromchúiseach'. Ní hé is aidhm don fhoráil seo den Treoir bagairt an mhiondamáiste a chosc. Chun go measfar gur damáiste 'tromchúiseach' atá ann ní mór coinne a bheith leis go mbeidh tionchar substaintiúil eacnamaíoch aige ar iascaigh agus/nó ar leasanna áineasa a bhaineann leis an iascach.

Cineálacha damáiste

D'fhéadfadh caillteanas eacnamaíoch díreach nó indíreach, nó caillteanas an luacha ar mhaoin, nó caillteanas ábhair táirgeachta a bheith ann de dheasca an damáiste d'iascaigh. D'fhéadfadh sé costais bhreise a ghiniúint freisin (e.g. chun trealamh a ndearnadh damáiste dó a athsholáthar agus na hiascaigh a athstocáil). I gcás na leasanna iascaireachta áineasa, d'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le caillteanais eacnamaíocha agus dochar a dhéanamh ní hamháin don leas áineasa féin, mura mbeidh iarmhairtí eacnamaíocha ann dá dheasca sin (e.g. laghdú ar dhíolacháin ceadúnas iascaireachta).

An intuarthacht agus riosca

Mura ndearnadh damáiste go fóill, ba cheart taithí a fuarthas cheana a úsáid chun a thuar an bhfuil dóchúlacht ard ann go ndéanfar damáiste. Ina theannta sin, ba cheart go mbainfeadh an cás le damáiste tromchúiseach do leas eacnamaíoch ar leithne é ná núis nó gnáthriosca gnó.

Fianaise

Leanann sé ón méid thuas nach mór an damáiste do shócmhainní (a rinneadh cheana féin nó lena bhfuil coinne go ndéanfar) a léiriú ar bhonn fíriciúil. I bhfianaise na ndeacrachtaí a bhaineann le méid an stoic éisc a chainníochtú agus gur féidir stoc éisc a ídiú go tapa de dheasca na creachadóireachta ag broighill (rud a d'fhéadfadh cosc a chur ar staidéir mhionsonraithe a dhéanamh sula ndéanfar beart), d'fhéadfadh sé gur ghá cur chuige tapa pragmatach a ghlacadh chun a chinneadh an bhfuil damáiste tromchúiseach ann, mar shampla trí mheastóireacht ó shaineolaithe neamhspleácha ina n-úsáidtear an fhianaise agus an t-eolas eolaíoch uile atá ar fáil. Mar sin féin, nuair a úsáidfear tuairim shaineolach chun údar a thabhairt le maolú, is gá údar ar bhonn eolaíochta a thabhairt leis an saineolas sin fós chun tacú lena chonclúid, agus a fháil amach chomh maith nach bhfuil aon choinbhleacht leasa ag na saineolaithe. Is minic a bhíonn an damáiste eacnamaíoch bunaithe ar líon measta laethúil éan atá ar linnte éisc a iolrú faoi mheánchainníocht laethúil na n-iasc a itear in aghaidh an éin. I gcás inarb ábhartha, mar shampla i gcás nach bhfuil sé soiléir cheana féin bunaithe ar tharluithe sa limistéar, ba cheart d'éaneolaithe nó do shaineolaithe cáilithe eile maidir le fiadhúlra faireachán a dhéanamh chun measachán a dhéanamh ar uimhreacha laethúla. Níor cheart an costas a bhaineann le leathadh na ngalar, dua an duine agus costais an armlóin le haghaidh gunnaí a úsáidtear chun éin a dhíspreagadh ón linn éisc a chur san áireamh.

Cosc

Ba cheart a mheabhrú go mbeartaítear damáiste tromchúiseach a chosc leis na maoluithe a eisítear faoi Airteagal 9(1)(a) den Treoir maidir le hÉin, rud a chiallaíonn nach bhfuil aon cheanglas ann fanacht go dtabhófar damáiste, ná damáiste a léiriú. Mar sin féin, beidh sé riachtanach a thaispeáint gur dócha go dtabhófar damáiste. Ní mór dóchúlacht a bheith ann go ndéanfar damáiste i suíomh ar leith agus go mbeidh sé sách tromchúiseach chomh maith.Is féidir cásanna damáiste a bhí ann roimhe a úsáid chun a thaispeáint go bhfuil dóchúlacht ann go ndéanfar damáiste tromchúiseach arís, nó, in éagmais cásanna roimhe, is leor a thaispeáint go bhfuil dóchúlacht ard ann go ndéanfar damáiste tromchúiseach.

I gcás nach mbeidh mórán tionchair eacnamaíoch ag an damáiste nó nach mbeidh aon tionchar eacnamaíoch aige, bíodh sin díreach nó indíreach, d'fhéadfaí maoluithe a bhaineann le damáiste d'iascaigh a eisiúint fós chun 'fána agus flóra a chosaint' (féach Bosca 1 thíos). Dá bhrí sin, d'fhéadfadh baint a bheith ag an damáiste a thomhaistear le tábhacht éiceolaíoch an speicis a bhfuil difear á dhéanamh dó freisin (e.g. speiceas neamhchoitianta nó speiceas faoi bhagairt) a mhéid a bhaineann le haon tionchar ar iascaigh.

Bosca 1: Measúnú praiticiúil i dtaobh an bhfuil damáiste 'tromchúiseach'

Cé go ndearnadh taighde nach beag ar bhitheolaíocht na mbroigheall agus n-éiceolaíocht, tá sé fós casta tuiscint phraiticiúil a fháil ar na hidirghníomhaíochtaí idir broighill agus éisc agus iascaigh. Féadfar caillteanais a chainníochtú ag láithreáin feirmeacha éisc, ach bíonn measúnuithe iontaofa i bhfad níos deacra d'iascaigh níos fairsinge agus i ndobharlaigh eile go hiondúil.

Léiríodh i staidéir áirithe go bhféadfadh tionchar diúltach mór a bheith ag broighill ar stoic éisc agus ar iascaigh – rud a d'fhágfadh go dtiocfadh laghdú ar fhlúirse agus ar bhithmhais na n-iasc. Mar sin féin, léirigh imscrúduithe eile freisin nach gá gurb ionann broighill a beith ag láithreán agus damáiste tromchúiseach a bheith á dhéanamh.

Thairis sin, ní féidir aon tairseach sheasta chaighdeánaithe a sholáthar i dtéarmaí an lín pobail, ná i dtéarmaí cion nó rátaí an stoic éisc a bhaintear, a bhféadfaí iad a úsáid mar thagarmharc chun measúnú a dhéanamh ar 'dhamáiste tromchúiseach' a bheith á dhéanamh.

Mar sin féin, bíonn gá i gcónaí le measúnú oibiachtúil atá bunaithe ar fhíorais maidir le láithreacht iarbhír na mbroigheall agus na tionchair a d'fhéadfadh a bheith acu chun údar a thabhairt le maoluithe, agus tosca eile a mbíonn tionchar ar stoic éisc acu á gcur san áireamh.

Tá faisnéis níos mionsonraithe faoi fhianaise ar dhamáiste le fáil sa doiciméad 'Idirghníomhaíochtaí idir broighill, éisc agus iascaigh' ina soláthraítear naisc le cás-staidéir ar choinbhleachtaí iascaigh freisin le haghaidh earnálacha difriúla iascaigh agus gnáthóga difriúla uisceacha https://circabc.europa.eu/ui/group/e21159fc-a026-4045-a47f-9ff1a319e1c5/library/ab7d8f27-fb1c-4117-8f66-36246abad59c/details

b. Maoluithe chun damáiste tromchúiseach d'fhoraoisí a chosc

Déantar damáiste don fhásra agus do chrainn go ginearálta nuair a bhíonn coilíneacht mhór nó fara mór buan broigheall ann as a n-eascraíonn carnadh guanó aigéid. Tá feidhm ag coincheap céanna an 'damáiste thromchúisigh' mar a mhínítear thuas sa roinn maidir le damáiste tromchúiseach d'iascaigh a chosc. Mar shampla, is féidir tromchúis an damáiste a léiriú nuair a bheidh úsáid na gcrann chun críoch tráchtála faoi bhagairt. Mar sin féin, ba cheart méid an limistéir a ndéantar difear dó a chur san áireamh freisin agus tromchúis an damáiste á cinneadh.

I gcás nach mbeidh aon tionchar eacnamaíoch ag damáiste, bíodh sin díreach (ní féidir adhmad a dhíol) nó indíreach (déantar difear d'aeistéitic na foraoise agus laghdaítear an turasóireacht dá bhrí sin), d'fhéadfaí maoluithe a bhaineann le damáiste d'fhoraoisí agus d'fhásra a eisiúint fós chun fána agus flóra a chosaint (féach thíos).

c. Maoluithe chun damáiste tromchúiseach d'uisce a chosc

Níor cheart an chúis seo le maolú a úsáid ach amháin nuair a dhéanann broighill damáiste tromchúiseach do chuspóir tráchtála an dobharlaigh seachas don iascaireacht. Mar shampla, d'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh i limistéir áirithe a úsáidtear le haghaidh gníomhaíochtaí fóillíochta, mar shampla, dá bhféadfaí damáiste tromchúiseach de dheasca na mbroigheall difear eacnamaíoch a dhéanamh, e.g. caillteanas tromchúiseach i gcáilíocht an dobharlaigh nó ina inmharthanacht don turasóireacht mar gheall ar thruailliú ó ghuanó na mbroigheall. Má bhaineann ábhar an mhaolaithe le gníomhaíochtaí slatiascaireachta, ba cheart é a thuairisciú mar 'dhamáiste d'iascaigh', seachas mar 'dhamáiste d'uisce'.

Tá feidhm ag coincheap céanna an 'damáiste thromchúisigh' mar a shonraítear thuas sa roinn maidir le damáiste tromchúiseach d'iascaigh a chosc. Mar shampla, turasóirí a mhealltar chuig áilleacht nádúrtha na limistéar a bhfuil a n-éadan le huisce, d'fhéadfadh sé nár limistéir tharraingteacha a thuilleadh iad dar leo a luaithe a rachaidh na broighill chun cónaithe iontu, mar gheall ar an mboladh láidir a thagann ó na faraí freisin. Ar scála áitiúil, de dheasca luachanna réadmhaoine a bheith ag dul i laghad agus méid laghdaithe na turasóireachta agus an áineasa, d'fhéadfadh caillteanais eacnamaíocha a bheith ann do chónaitheoirí agus do ghnólachtaí an limistéir a bhraitheann ar an ioncam ón turasóireacht.

Más rud é go bhféadfadh comhchruinniú na mbroigheall difear a dhéanamh do cháilíocht an uisce óil i dtaiscumair áirithe, ba cheart Airteagal 9(1)(a) an chéad fhleasc (ar mhaithe leis an tsláinte agus leis an tsábháilteacht phoiblí) a úsáid mar chúis leis an maolú.

d. Maoluithe chun flóra agus fána a chosaint

Baineann an ceathrú cúis le maoluithe a rinneadh faoi fho-alt (a) d'Airteagal 9(1) le flóra agus fána a chosaint. Is dócha gur láidre an cás leis an maolú a úsáid i gcás ina mbeidh sé nasctha le pobail speiceas atá neamhchoitianta nó faoi bhagairt a chothabháil, ach nach mbeidh sé teoranta do speicis den sórt sin.

Tá, mar shampla, teagmhais thuairiscithe ann maidir le creachadóireacht ag broighill ar stoic na n-eascann Eorpach (*Anguilla Anguilla*), na mbrainlíní bradán (*Salmo salar*), na mbreac marmarach (*Salmo marmoratus*), na dtímeall (*Thymallus thymallus*) (féach Bosca 2 thíos), chomh maith le stoic speiceas eile éisc atá faoi chosaint (ar leibhéal an Aontais nó ar an leibhéal náisiúnta). Ba cheart gach cás a mheas go lánchúramach agus a chinneadh ar bhonn comhairle ó na húdaráis inniúla. Ba cheart cinntí a bheith bunaithe ar an bhfaisnéis eolaíoch is fearr dá bhfuil ar fáil maidir leis an tionchar fadtéarmach ar an bpobal nó ar na pobail dá ndéantar difear.

Bosca 2: Tionscadal taighde *'ProtectFish'*

In 2024, seoladh tionscadal nua arna chistiú ag an Aontas faoi 'Fhís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht', *ProtectFish*, chun anailís a dhéanamh ar phobal na mBroigheall agus ar a thionchar ar phobail speiceas éisc abhann a liostaítear faoin Treoir maidir le Gnáthóga. Leis an tionscadal, a dhíríonn go háirithe ar phobail tímeall in aibhneacha, déanfar cineálacha éagsúla turgnamh allamuigh, déanfar léirbhreithniú ar na torthaí atá ann cheana agus eagrófar comhairliúcháin / ceardlanna / agallaimh chun meastóireacht agus comhdhlúthú a dhéanamh ar an eolas atá ann cheana maidir le ról na creachadóireachta ar éisc abhann faoi chosaint.

Déanfar an ról atá ag an gcreachadóireacht agus ag rialú na creachadóireachta a thomhas i stráicí abhann a ndéanfaidh na céadta oibrithe deonacha patról orthu. I ndeighleoga abhann níos giorra, déanfar staidéar ar éifeacht na struchtúr fisiceach amhail líonta agus na struchtúr nádúrtha ar mharthanas na n-iasc. Úsáidfear sonraí leictriascaireachta in éineacht le ceamaraí fiadhúlra chun faireachán a dhéanamh ar chreachadóirí agus ar a gcreach agus iad a áireamh chun measúnú a dhéanamh ar thionchar na creachadóireachta ar éisc atá faoi chosaint an Aontais.

Tá an Cuibhreannas a bhfuil an tionscadal á dhéanamh aige comhdhéanta d'ollscoileanna, institiúidí taighde agus eagraíochtaí ón mBeilg ón Danmhairg, ón nGearmáin, ón Iodáil, ón bPolainn, ón Ostair, ón tSeicia, agus ón tSualainn. Is í Ollscoil Theicniúil na Danmhairge a chomhordaíonn é.

Tuilleadh eolais ar fáil anseo: https://protectfish.eu/

Coinníoll 3: Ceanglais theicniúla Airteagal 9(2)

I gcomhréir le hAirteagal 9(2), ní mór bealaí, socruithe agus modhanna le haghaidh na gabhála agus an mharaithe a shonrú sa mhaolú. Tá sé de chumhacht ag an údarás inniúil a dhearbhú go bhfuil na coinníollacha is gá comhlíonta agus a chinneadh cé na bealaí, socruithe nó modhanna is ceadmhach a úsáid, na srianta a bhaineann leis an úsáid sin agus an té atá ceadaithe iad a úsáid. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh socruithe agus imthosca áirithe éagsúla a bheith ann ó thaobh ama agus áite de a bhaineann leis na teorainneacha ar mhaoluithe. Mar sin féin, ba cheart an líon éan a mharófaí, nó a scanrófaí (ar cás é atá ábhartha go háirithe le linn shéasúr an phórúcháin) a léiriú agus faireachán a dhéanamh air ansin i gcaitheamh an mhaolaithe sna cásanna uile. Déantar é sin uaireanta trí theorainn a chur leis an líon ceadanna, agus/nó trí chuótaí náisiúnta nó réigiúnacha a fhorchur. In aon chás, ní mór na figiúirí sin a bheith comhleanúnach le príomhaidhm na Treorach maidir le hÉin, i.e. éin a chaomhnú.

Dá bhrí sin, ní mór a mheabhrú, nach féidir scéim um maolú a úsáid chun an pobal a laghdú mar aidhm ann féin, ach chun ceann de mhaoluithe Airteagal 9(1) a chomhlíonadh, is é sin, damáiste tromchúiseach a chosc nó chun fána agus flóra a chosaint. Ní féidir díriú ar na heiseamail aonair uile i limistéar a dhíothú leis an maolú, ach ar an líon a laghdú i gcomhréir leis an leibhéal damáiste atá le maolú nó leis na cuspóirí caomhnúcháin chun fána agus flóra a chosaint. Mar sin féin, ní eisiatar leis sin bearta arb é is aidhm dóibh coilíneachtaí pórúcháin nó faraí oíche a bhaint nó a chosc i gcodanna sonraithe de limistéar níos mó, toisc nach gcuireann sé sin as an áireamh go mbeadh éin aonair ann.

Le linn shéasúr an phórúcháin, is iad idirghabhálacha maidir le huibheacha (e.g. olú nó uibheacha bréige a chur ina n-ionad) an príomh-mhodh a úsáidtear chun atáirgeadh na mBroigheall a rialú. Mar sin féin, cé go bhfuil an modh sin in úsáid ag roinnt tíortha timpeall Mhuir Bhailt anois, ní hamhlaidh atá i roinnt mhaith tíortha eile. Is iad airm thine chun na héin a mharú nó a scanrú agus gairis scanraithe (gásghunnaí nó eile) na príomh-mhodhanna a úsáidtear le linn na tréimhse imirce nó geimhrithe.

Is féidir údaruithe ginearálta a dheonú agus coinníollacha foirmiúla Airteagal 9(2) á gcomhlíonadh, *i.e.*, údaruithe nach dtugtar do dhaoine aonair sonracha ach a thugtar do chatagóir ghinearálta daoine údaraithe amhail úinéirí talún agus a ngníomhairí. Mar sin féin, mar a léirítear sa *Guide to sustainable hunting under the Birds Directive* [Treoirleabhar maidir leis an tseilg inbhuanaithe faoin Treoir maidir le hÉin], murab ionann agus Airteagal 9(1)(c), lena gceanglaítear maoluithe a dheonú faoi 'choinníollacha dianmhaoirsithe', ní chuirtear bac ar údaruithe ginearálta den sórt sin le haghaidh maoluithe bunaithe ar Airteagal 9(1)(a) le foclaíocht Airteagal 9(2). I ndáil leis sin, mar a shonraítear freisin in *Guide to sustainable hunting under the Birds Directive* [Treoirleabhar maidir leis an tseilg inbhuanaithe faoin Treoir maidir le hÉin], ag glacadh leis, ar ndóigh, go gcumhdaítear na gnéithe uile leis an maolú dá dtagraítear in Airteagal 9(2), tá coinne leis gur cheart na cúiseanna, lena dtugtar údar le maoluithe a dheonú do chatagóir leathan daoine, a shonrú go soiléir sa mhaolú.

Ar deireadh, cé go bhfuil maoluithe le cur i bhfeidhm ar leibhéal na mBallstát, d'fhéadfadh sé a bheith úsáideach iad a chomhordú idir na Ballstáit (féach Bosca 3).

Bosca 3: Maoluithe i leith bealaí eitilte a úsáid chun damáiste tromchúiseach i gcríoch Bhallstáit eile a chosc

Is féidir rialú comhordaithe ar phobail speicis a úsáid, lena n-áirítear 'maoluithe i leith bealaí eitilte' a chur i bhfeidhm, faoina ndeonófaí maoluithe i dtír amháin do speicis amhail an Broigheall chun damáiste tromchúiseach i dtír eile a chosc.

Féadfar an cur chuige sin a ghlacadh faoi chuimsiú plean bainistíochta idirnáisiúnta arna fhorbairt faoi choinbhinsiún nó comhaontú idirnáisiúnta inar páirtí an tAontas Eorpach nó laistigh de chreat comhchosúil arna fhormheas ag na Ballstáit uile lena mbaineann.

Mar sin féin, chun cur chuige comhordaithe a bhunú, tá sé fíor-riachtanach go mbeadh faisnéis chruinn agus cothrom le dáta ar fáil chun luachanna tagartha fabhracha a chinneadh don phobal Broigheall (méid an phobail, raon agus méid na gnáthóige). Ar an dara dul síos, ba cheart scéim stóinseach um faireachán comhordaithe a bhunú lena soláthrófar sonraí go tráthrialta maidir le líon, marthanas agus táirgiúlacht.

Ina dhiaidh sin, ní mór teacht ar chomhaontú maidir leis an bpobal tagartha a bheadh fabhrach i leith bealaí eitilte agus maidir le tairseach sábháilteachta a leagfaí síos chun cur chuige réamhchúraim a áirithiú. Ar bhonn an chomhaontaithe sin, d'fhéadfaí leibhéal tagartha a bhunú do gach tír ar leithligh. Ba cheart teacht ar chomhaontú maidir le saincheisteanna amhail an scála geografach don chomhordú agus maidir le meastóireacht a dhéanamh ar na pleananna bainistíochta chun measúnú a dhéanamh ar stádas an phobail agus ar chomhordú agus ar mheastóireacht na cineálacha cur chuige bainistíochta.

Dá bhrí sin, tá sé criticiúil meastóireacht a dhéanamh ar an staid go tráthrialta freisin agus, ar an gcaoi sin, ní hamháin faireachán a dhéanamh ar líon, marthanas agus táirgiúlacht an speicis ach faireachán a dhéanamh ar iascaigh freisin, lena n-áirítear measúnú a dhéanamh ar dhamáiste. Tá sé sin ríthábhachtach chun a áirithiú go gcomhlíonfar na coinníollacha uile is infheidhme faoi Airteagal 9 agus chun meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht na mbeart, chun bonn eolais a chur faoi chinntí bainistíochta atá ar siúl faoi láthair agus chun straitéisí a oiriúnú, i gcás inar gá.

5. **Cás-staidéir**

5.1. *Aghaidh a thabhairt ar choinbhleachtaí leis an mBroigheall maidir le linnte éisc na gcarbán sa Chróit*

Sa Chróit, tá 15 linn fhairsinge ann d'éisc carbán lena gcumhdaítear thart ar 12 000 heicteár. Is láithreáin thábhachtacha iad uile maidir le pórú agus le himirce na n-éan uisce agus cuimsítear iad le líonra Natura 2000. Cé nach spriocspeiceas é an Broigheall (*Phalacrocorax carbo sinensis*) maidir le limistéir faoi chosaint speisialta a aicmiú, bíonn sé i láthair go tráthrialta agus beathaíonn sé é féin ar linnte éisc na gcarbán. Cé nach bhfuil sé chomh líonmhar céanna mar éan pórúcháin, bíonn brú mór ann ó éin a chaitheann an geimhreadh ann lena n-áirítear Broighill a thagann ó áiteanna eile san Eoraip den chuid is mó (téann suas le 20 000 éan ar imirce chun na Cróite gach geimhreadh).

Speiceas faoi dhianchosaint ab ea an Broigheall sa Chróit go dtí 1995 agus thug roinnt feirmeacha éisc an stát os comhair na cúirte agus cúiteamh airgeadais á iarraidh acu i leith damáistí. Chaill an stát na cásanna cúirte uile agus cuireadh iallach air suimeanna móra a íoc ar feadh blianta fada.

Tar éis na mblianta d'iarrachtaí comhpháirteacha ó éaneolaithe, agus ó earnálacha chaomhnú an dúlra agus an iascaigh, chomhaontaigh an stát íocaíochtaí dreasachta bliantúla a thairiscint d'fheirmeacha éisc chun 'éiceachórais linnte éisc na gcarbán a chothabháil' (seachas cúiteamh a íoc i leith an damáiste a rinneadh). Bhí an beart sin i bhfeidhm ó bhí 2008 ann, glacadh go forleathan leis agus tá sé fós ann sa lá atá inniu ann.

De réir chreat gníomhaíochta tosaíochta 2021-2027 na Cróite idir 2014 agus 2016, sholáthair an Aireacht Talmhaíochta tacaíocht stáit do na feirmeacha éisc 'chun éiceachórais linnte éisc na gcarbán a chothabháil' dar luach EUR 3,5 milliún san iomlán. Ag tosú in 2018, rinneadh athbhreithniú ar an tacaíocht sin chun go mbeadh sé ina chúiteamh 'i leith damáiste ó speicis éagsúla éan agus ainmhithe eile ar linnte éisc na gcarbán', agus leithdháileadh EUR 8,7 milliún san iomlán ó 2018 go 2020. Íocadh cúitimh ó Bhuiséad an stáit bunaithe ar reachtanna bliantúla na hAireachta Talmhaíochta agus leithdháileadh iad in aghaidh an heicteáir de limistéar táirgiúil na linnte éisc. I gcás linnte éisc atá faoi chosaint speisialta nach gceadaítear an tseilg iontu, tháinig méadú 30 % ar an tacaíocht in 2020 agus méadú 50 % ó bhí 2021 ann. Táthar ag leanúint den tacaíocht go dtí an lá atá inniu ann agus i mí Mheán Fómhair 2024, méadaíodh an phréimh go EUR 902,18 in aghaidh an heicteáir den limistéar táirgeachta.

In 2024, gníomhachtaíodh beart nua faoi Chlár Oibríochtúil um Iascach agus Dobharshaothrú Phoblacht na Cróite le haghaidh na clárthréimhse 2021-2027 dar teideal 'Beart II.10. Dobharshaothrú a sholáthraíonn seirbhísí cosanta comhshaoil'. Cuimsítear cúiteamh leis an mbeart seo i leith costais bhreise agus/nó ioncam caillte de dheasca chur i bhfeidhm na modhanna sa dobharshaothrú atá i gcomhréir le riachtanais shonracha an chomhshaoil agus atá faoi réir ceanglais bhainistíochta ar leith a tháinig chun cinn toisc gur ainmníodh limistéir mar chuid de líonra Natura 2000. Mar a luadh roimhe, tá linnte éisc fairsinge uile na gcarbán laistigh de líonra Natura 2000 agus ní mór bearta caomhnúcháin a chur chun feidhme ina leith ar sainítear iad leis an Reacht maidir le cuspóirí caomhnúcháin agus bearta maidir le Limistéir faoi chosaint speisialta.

Cé nár ainmníodh linnte éisc na gcarbán go sonrach mar gheall ar an mBroigheall, ós rud é nach liostaítear iad in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir maidir le hÉin, is dlúthchuid de bhainistiú láithreán Natura 2000 iad na héin, toisc go mbíonn siad ann ina ndlúthchoilíneachtaí le speicis eile éan a itheann éisc, a bhfuil an láithreán aicmithe mar gheall orthu. Comhroinneann siad linnte éisc mar ghnáthóga beathaithe geimhridh freisin. Dá bhrí sin, dá ndéanfaí aon ghníomhaíocht chun na broighill a sheilg nó a scanrú ar shiúl, bheadh éifeachtaí diúltacha díreacha acu sin ar na speicis eile éan freisin.

Tá an beart ar oscailt don tréimhse ón 1 Lúnasa 2024 go dtí an 31 Nollaig 2029 ([11]) (is í 2028 an bhliain incháilitheachta dheireanach). Cuimsítear leis na critéir le haghaidh Bheart II.10 scóráil bunaithe ar stádas cosanta na linne éisc (anaclann ar leith, páirc dúlra), achar na linne éisc (> 1 000 ha; 400-1 000 ha; < 400 ha) agus ar an gcineál feirme éisc (micrifhiontar agus fiontar beag; fiontar meánmhéide; fiontar mór) ([12]). Tá an phréimh socraithe ag 356 EUR/ha ([13]) de limistéar táirgeachta cláraithe linne éisc ach 'ní féidir léi a bheith níos mó ná 35 % den ioncam bliantúil ó dhíol na dtáirgí dobharshaothraithe a bhain an t-úsáideoir amach sa bhliain féilire tagartha'. Bhí an phréimh sin bunaithe ar ríomhanna ó Thionscadal Comhtháthaithe Natura 2000 an Aontais sa Chróit, lenar úsáideadh coincheap an chostais intuigthe, trí ioncam agus costais na ngnáthlinnte éisc a chur i gcomparáid le linnte éisc fairsinge. Tagann 70 % den chúiteamh a íoctar ó bhuiséad an Aontais agus 30 % ó bhuiséad an Stáit.

Mar fhocal scoir, tar éis blianta fada d'iarrachtaí chun aghaidh a thabhairt ar shaincheist na mbroigheall sa Chróit trí éin a itheann éisc a bhaint nó a scanrú ar shiúl, agus trí chúiteamh a thabhairt i leith aon damáiste a rinneadh, tá feabhas tagtha ar an staid trí iarrachtaí a atreorú i dtreo dreasachtaí a sholáthar chun luach bithéagsúlachta linnte fairsinge éisc carbán a chothabháil, agus chun glacadh le láithreacht speiceas éan a itheann éisc go háirithe, lena n-áirítear an broigheall. Na dúshláin nach mór aghaidh a thabhairt orthu amach anseo, baineann siad le hinmharthanacht eacnamaíoch linnte fairsinge carbán a áirithiú agus seirbhísí éagsúlaithe eile a fhorbairt de réir luachanna nádúrtha.

5.2. *Bainistiú na mBroigheall sa Danmhairg*

Foilsíodh an plean bainistíochta atá ag an Danmhairg faoi láthair maidir leis an gcoinbhleacht idir an Broigheall agus an t-iascach i mí an Mhárta 2022 agus forbraítear prionsabal an bhainistithe áitiúil coinbhleachta ann, a bunaíodh sa phlean roimhe sin, agus a bhí bailí ó 2016 go 2020. Is é is aidhm don phlean cothromaíocht a aimsiú idir pobail inmharthana na speiceas a chothabháil agus aghaidh a thabhairt ar ábhair imní thionscal na hiascaireachta.

Thosaigh pobal broigheall na Danmhairge ag fás sna 1980idí mar gheall ar chosaint fheabhsaithe sa Danmhairg agus sa chuid eile den Eoraip. Bhí an pobal réasúnta cobhsaí agus thart ar 39 000 péire ann ó 1993 go 2006. Tháinig laghdú ar na huimhreacha ansin go dtí thart ar 25 000 in 2013 ach tháinig méadú orthu agus ansin cobhsaíodh iad ina dhiaidh sin. In 2020 measadh go raibh beagnach 32 000 péire i bpobal na Danmhairge.

Is é an prionsabal atá mar bhun leis an bplean bainistithe coinbhleachta nach mór aghaidh a thabhairt go háitiúil ar na dúshláin a bhaineann leis an mbroigheall. Ba cheart an tsealgaireacht ag na broighill a laghdú i limistéir atá tábhachtach do stoic éisc agus ina mbíonn speicis leochaileacha éisc. Tá roinnt réimsí tosaíochta ainmnithe ag an Danmhairg ina gcomhchruinnítear formhór na n-iarrachtaí a bhaineann le coilíneachtaí pórúcháin a bhainistiú.

Sula gcuirfear rialú marfach i bhfeidhm, ní mór triail a bhaint as réitigh eile ar dtús amhail na héin a scanrú nó feistí teicniúla díspreagthacha a úsáid, a mhéid is féidir go praiticiúil agus go heacnamaíoch é, chun damáiste a chosc. Mura mbeidh na bearta sin sásúil, is féidir bearta rialála a ghabháil de láimh lena gcuimsítear an lámhach, olú uibheacha nó scriosadh neadacha agus uibheacha. Ní féidir na bearta sin a dhéanamh ach amháin tar éis údarú a fháil roimh ré. Cruthaíodh leis an gcleachtadh go mbíonn an scanrú níos éifeachtaí, i gcás an Bhroighill, má úsáidtear teicnící scanraithe agus rialú marfach teoranta á gcomhlánú.

Cé is moite de chead rialála ó Ghníomhaireacht Dúlra na Danmhairge, tá gá le ceadúnas bailí seilge don lámhach freisin chomh maith le cead ón úinéir talún. Is féidir rialú marfach a dhéanamh idir an 1 Lúnasa agus an 31 Márta (agus ón 1 Aibreán go dtí an 1 Bealtaine, chun leathóga ballacha, bradáin agus bric atá ar imirce chun na farraige a chosaint).

Féadfar olú uibheacha agus/nó scriosadh na neadacha agus na n-uibheacha a údarú chun méid na gcoilíneachtaí atá ann cheana a laghdú nó chun bunú coilíneachtaí nua a chosc. Féadfar iad a dhéanamh sna coilíneachtaí broigheall a liostaítear sa phlean bainistíochta, i gcoilíneachtaí atá suite laistigh de gha 30 ciliméadar ó limistéir chósta atá ainmnithe mar limistéir thábhachtacha don iascaireacht agus do stoic éisc nó do shruthanna agus do lochanna ina mbíonn polláin, tímill, bradáin, bric nó eascanna nó i gcoilíneachtaí atá suite níos mó ná 30 ciliméadar ó limistéir ainmnithe den sórt sin, más féidir a chruthú go bhfuil an choilíneacht ina chúis le damáiste forleathan d'éisc, iascaigh agus leasanna iascaigh. Tá gá le cead rialála ón nGníomhaireacht Dúlra agus leis an gcead ón úinéir talún don olú uibheacha agus don scriosadh neadacha agus uibheacha araon.

Tarraingíodh suas an plean in idirphlé leis an meitheal bhunaithe um an mbroigheall agus thug an Aireacht Comhshaoil chun críche é. Níl aon tréimhse dheiridh aige ach déanfar measóireacht air agus tabharfar a uirlisí cothrom le dáta chun eolas nua agus taithí allamuigh a léiriú.

Bosca 4: An bhfuil sé bailí a mheas go bhfuil an Broigheall ina bhagairt thromchúiseach ar phobail éagsúla iasc san Ísiltír?

Rinne Mennobart van Eerden & Stef van Rijn athbhreithniú ar thorthaí a bhfaireacháin fhadtéarmaigh san Ísiltír agus d'fhoilsigh siad a mbarúlacha in iris Ravon 87, mí na Nollag 2022, Imleabhar 24 | Uimhir 4. lgh. 78-81

https://natuurtijdschriften.nl/pub/1019938/RAVON2022024004004.pdf

Achoimre

'Ní dhearna an Ísiltír idirghabháil riamh trí bhearta rialaithe pobail a dhéanamh'. Mar sin féin, tá claonadh lena laghdú le sonrú ar an líon péirí pórúcháin, go háirithe i limistéar lochanna móra limistéar IJsselmeer (laghdú > 80 %) i gcomhthráth le laghdú suntasach ar infhaighteacht na gcothaitheach. Ba é sin an áit is mó ina raibh fáil ar an speiceas sna 1970idí agus sna 1980idí, ach tá na cóilíneachtaí pórúcháin i bhfad níos lú anois agus d'aistrigh siad chuig na dobharlaigh bheaga intíre. Tá cáilíocht uisce agus stoic éisc i bhfad níos fearr sna dobharlaigh bheaga sin. Is léir ó na sonraí fadtéarmacha maidir le tomhaltas iasc gurb iad éisc fhlúirseacha bheaga (7-25 cheintiméadar) is mó tá ina n-ábhar beatha do na broighill. Ós rud é go léiríonn a n-aiste bia (rud a ndéantar staidéar air trí otailití a chinneadh) an comhdhéanamh éisc den chuid is mó, meastar go bhfreagraíonn na Broighill d'infhaighteacht na n-iasc ar bhealach ón mbun aníos. In éineacht le 20 % nó níos lú den stoc éisc a bheith i gceist leis an mbuaint nádúrtha, ar leibhéal an chórais uisce is beag údar eagla atá ann mar gheall ar an gcreachadóireacht ag Broighill. Níorbh amhlaidh an cás go háitiúil ach amháin i ndobharlaigh bheaga nó i ndobharlaigh ina bhfuil líon mór stoic, go háirithe nuair a bheidh foscadh d'éisc ar iarraidh (adhmad marbh, macraifítí i measc nithe eile). Is cosúil gur beart úsáideach é bainistiú na ngnáthóg éisc chun riosca na creachadóireachta ag Broighill a laghdú, go háirithe gar do dhambaí, do bhualchomhlaí nó do chlaiseanna éisc.

6. **Maoluithe a thuairisciú**

Tá an tuairisciú trédhearcach ar mhaoluithe agus eastógáil chomhordaithe ríthábhachtach chun muinín a chothú i measc páirtithe leasmhara agus chun comhlíontacht le comhaontuithe idirnáisiúnta a áirithiú. Dá bhrí sin, d'fhorbair an Coimisiún amharcóirí ar líne le haghaidh sonraí na maoluithe ([10]). Cuirtear faisnéis mhionsonraithe i láthair iontu maidir leis na maoluithe bliantúla arna gcur isteach ag na Ballstáit, chomh maith le staitisticí maidir le hiomláine na dtuarascálacha sin:

— forbhreathnú ar mhaoluithe agus ar eisceachtaí ón gcosaint speiceas ar fud an Aontais;

— maoluithe aonair agus faisnéis mhionsonraithe orthu; agus

— iomláine sonraí na dtuarascálacha náisiúnta maidir le maoluithe agus eisceachtaí.

([10]) Forbhreathnú ar mhaoluithe agus ar eisceachtaí ón gcosaint speiceas ar fud an Aontais | an Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil.

7. **Tuilleadh faisnéise**

Na doiciméid ó thionscadal INTERCAFE arna chistiú ag an Aontas, lenar oibríodh go dlúth leis na príomhpháirtithe leasmhara chun staidéar mionsonraithe a dhéanamh ar na coinbhleachtaí difriúla arb é an Broigheall ba chúis leo, tá siad le fáil ó: https://www.ceh.ac.uk/our-science/projects/intercafe.

Doiciméid achomair maidir le dáileadh, raon, éiceolaíocht, stádas agus treochtaí phobal an Bhroighill, a idirghníomhaíochtaí le héisc, le hiascaigh agus leis an dobharshaothrú agus maidir le coinbhleachtaí broighill/iascaigh a bhainistiú, tá siad le fáil ar ar leathanach gréasáin an Choimisiúin maidir leis an Treoir maidir le hÉin:

— Ceisteanna Coitianta maidir le héiceolaíocht na mBroigheall chun tuiscint níos fearr a fháil ar a bhitheolaíocht, a éiceolaíocht agus a iompraíocht;

— An líon broigheall agus a ndáileadh san Eoraip lena mínítear an faireachán agus an t-áireamh ar an líon broigheall san Aontas;

— Idirghníomhaíochtaí idir broighill, éisc agus iascaigh arb iad na foinsí coinbhleachta is coitianta iad;

— Coinbhleachtaí idir broighill agus iascaigh a bhainistiú sintéis faisnéise maidir le bearta agus uirlisí bainistíochta a úsáidtear chun fadhbanna maidir le broighill a laghdú d'iascaigh;

— Gnéithe sóisialta, cultúrtha agus dlíthiúla de shaincheisteanna idir broighill agus iascaigh chomh maith le héiceolaíocht na n-éan agus n-iasc,

— Leabharliosta cuimsitheach faoi na foilseacháin is tábhachtaí faoin tsaincheist (os cionn 5 000 foilseachán agus cuardach eochairfhocail ag gabháil leo).